Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Impact 2030

## Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann



Ullmhaithe ag an
Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
**www.gov.ie**

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 2
Fís 2030 3
Comhthéacs 4
Achoimre Feidhmiúcháin 8

**1. Tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta ar an nGeilleagar, ar an tSochaí agus ar an gComhshaol a Uasmhéadú 12**
1.1 Boinn ár gCórais Phoiblí T&N 13
1.1.1 Struchtúir Ghníomhaireachta Fheabhsaithe 14
1.1.2 Saineolas Taighde Inrochtana 17
1.2 Príomhdhúshláin agus Príomhdheiseanna 19
1.2.1 Aeráid, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht 19
1.2.2 Bunathrú Digiteach 20
1.2.3 Iomaíochas Eacnamaíoch 21
1.2.4 Sláinte agus Folláine 21
1.2.5 Talmhaíocht, Bia agus Muir 22

**2. Tionchar na Struchtúr Taighde agus Nuálaíochta ar an bhFeabhas agus ar Thorthaí 24**
2.1 Tionchar an Chórais 25
2.2 Rialachas agus Maoirseacht na Straitéise 26
2.3 Forbairt Thírdhreach an Ardoideachais in Éirinn 28
2.4 Bonneagar Taighde 30
2.5 Cultúr Taighde 30

**3. Nuálaíocht a Spreagann Rath Fiontar 33**
3.1 Gníomhaíocht T&N a Mhéadú agus a Dhoimhniú 34
3.2 Comhar tionscail-acadúil agus Tráchtálú Taighde 36
3.3 Digitiú na Fiontraíochta a Stiúradh 38
3.4 Nuálaíocht Fiontraíochta chun Spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chomhlíonadh 39
3.5 Speisialtóireacht Chliste ar aon dul le tosaíochtaí náisiúnta T&N 40
3.6 An Timpeallacht Ghnó i gCoitinne 40

**4. Tallann ag Croílár an Éiceachóras Taighde agus Nuálaíochta 42**
4.1 Mic Léinn 43
4.2 Cuimsiú 44
4.3 Tallann agus Sármhaitheas 44
4.4 Éagsúlacht na nDeiseanna Gairme 45

**5. Nascadh Uile-Oileáin, AE agus Domhanda 47**
5.1 Comhoibriú Uile-Oileáin 48
5.2 Limistéar Taighde Eorpach 49
5.3 Horizon Europe 49
5.4 Deiseanna eile Comhoibrithe Eorpacha agus Dhomhanda 50

Aguisín A: Clár Oibre 2022-2024 52
Aguisín B: Meadarachtaí 64
Aguisín C: Gluais 65

# Réamhrá

Léirítear le *Impact 2030*, Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann, pointe infhillte suntasach i bhforbairt an taighde agus na nuálaíochta in Éirinn. Trí *Impact 2030* cuirtear an taighde agus an nuálaíocht i gcroílár na haidhme aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, eacnamaíoch agus chomhshaoil na hÉireann.

Tá Éire chun tosaigh cheana féin in go leor réimsí nuálaíochta sa tsláinte, sa teicneolaíocht agus san aeráid ach tá a fhios againn go bhfuil i bhfad níos mó le déanamh againn chun taighde agus nuálaíocht a neartú agus tacú leo inár n-institiúidí ardoideachais, inár bhfiontair, inár seirbhís phoiblí agus dár ndaoine. De réir mar a éiríonn sé níos iomaíche tallann a mhealladh agus a choinneáil ar an leibhéal domhanda, ní mór d'Éirinn a bheith ina rogha láthair chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach.

Is léir go bhfuil athrú suntasach tagtha ar chineál agus ar dhéine na ndúshlán atá roimh mhuintir, ghnólachtaí agus lucht déanta beartas na hÉireann de bharr phaindéim COVID-19 agus na ndúshlán seachtrach atá ag méadú i gcónaí. Le gach dúshlán, áfach, tagann deis, deis le déanamh níos fearr agus le bheith níos fearr. Trí *Impact 2030*, léireofar agus soláthrófar leis an taighde agus an nuálaíocht in Éirinn tionchar chun freagairt don dá dhúshlán, aistrithe um athrú aeráide agus um dhigitiú agus an tosaíochtaí náisiúnta iomadúla eile amhail iomaíochas, sláinte, slándáil bia, bithéagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú.

Cuirfear Bille Taighde suaitheanta faoi bhráid an Rialtais chun gníomhaireacht nua iomaíoch um maoiniú taighde agus nuálaíochta a chruthú, lena ndéanfar misin na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chomhcheangal agus a fhorbairt. Is deis iontach é seo chun gach réimse taighde a chur ar bhonn comhionann reachtúil agus chun athrú céime ar ghníomhaíocht taighde idirdhisciplínigh a chur chun cinn.

Mar Oileán Nuálaíochta, treiseofar le *Impact 2030* ár dtiomantas do gheilleagar eolasbhunaithe na hÉireann, rud a mhéadóidh agus a neartóidh an ghníomhaíocht taighde agus nuálaíochta fiontraíochta, a bheidh lárnach don inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta san fhadtéarma ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

Tugtar tús áite in *Impact 2030* do chothú agus d'fhorbairt tallainne agus sármhaitheasa chun cur le cáil na hÉireann mar Oileán Tallainne agus mar shuíomh le haghaidh sármhaitheas agus tionchar taighde. Aithnímid go bhfuil cáilíocht ár dtaighdeoirí ríthábhachtach do cháilíocht ár gcóras taighde, dá chomhoibriú le comhpháirtithe sa tionscal agus lucht déanta beartas, in Éirinn agus thar lear. Leagtar béim sa straitéis béim chomh maith ar an ngá atá le timpeallacht a chothú laistigh den phobal taighde agus nuálaíochta a thacaíonn lenár n-uaillmhian bheith mar Oileán um Chuimsiú agus Rannpháirtíocht.

Ar deireadh, neartóidh *Impact 2030* ár dtacaíocht do chomhoibriú taighde uile-oileáin, AE agus domhanda, rud a cinnteoidh ár seasamh mar Oileán Idirnáisiúnta, ceannaire sa taighde agus sa nuálaíocht ar an stáitse idirnáisiúnta.

Táim muiníneach, agus an straitéis seo á cur chun feidhme, go mbeidh *Impact 2030* bunathraitheach maidir le hinniúlacht agus cumas an chórais taighde agus nuálaíochta a neartú faoi dheireadh na deich mbliana seo.

Táim ag tnúth le bheith ag obair ar fud an Rialtais agus leis an bpobal taighde agus nuálaíochta i gcoitinne chun fís agus uaillmhian *Impact 2030* a bhaint amach. Cinnteoimid le chéile go mbeidh tionchar buan ag an taighde agus an nuálaíocht don tír agus dá muintir.

**An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD**



# Fís 2030

## In 2030, beidh Éire ina tír ina dtarlóidh na nithe a leanas:

Bíonn tionchar fíordhearfach ag taighde agus nuálaíocht ar fud na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil, ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta araon.

Cumasaítear barr feabhais i dtaighde ag timpeallacht inrochtana den chéad scoth arna tacú ag ailtireacht Straitéise shoiléir agus tírdhreach institiúideach.

Déantar fiontair, go háirithe FBManna, a thionscnamh, éiríonn leo, agus athraíonn siad ó bhonn trí nuálaíocht, trí eolas, trí mhalartú, trí thráchtálú taighde agus trí rochtain ar dhaoine ard-oilte.

Tacaítear le tallann taighde ag gach céim den ghairm, agus cúitítear barr feabhais agus tionchar.

Cuidíonn taighde agus nuálaíocht le hoileán comhroinnte agus le hEoraip nuálach trí chomhoibriú láidir T&N Thuaidh-Theas, Eorpach agus domhanda.

Méadaítear infheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht, agus infheistíocht ag méadú go 2.5% ar a laghad den gheilleagar intíre roimh dheireadh 2030.

### Bainfimid an fhís sin amach trí thionchar a uasmhéadú thar chúig réimse:

- Tionchar thorthaí taighde agus nuálaíochta ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol
- Tionchar na struchtúr taighde agus nuálaíochta ar bharr feabhais agus ar thorthaí
- Tionchar na nuálaíochta ar rath fiontar
- Tionchar na tallainne ag croílár an éiceachóras taighde agus nuálaíochta
- Tionchar taighde agus nuálaíochta ar nascacht uile-oileáin, AE agus dhomhanda

# Comhthéacs

Leis an Straitéis Uile-Rialtais seo déantar ár bhfeidhmíocht náisiúnta go dtí seo, agus bunú na Roinne nua Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a threisiú, chun forbairt straitéiseach chóras Taighde agus Nuálaíochta (T&I) na hÉireann a chur chun cinn idir seo agus 2030. Léiríonn sé Clár an Rialtais 2020 agus misean na Roinne nua faoina Ráiteas Straitéise 2021-2023, ina leagtar béim ar:

- Tallann;
- Cuimsiú;
- Nuálaíocht;
- Idirnáisiúnta;
- Rialachas; agus
- Cumas.

Tá athrú ó bhonn tagtha ar chóras T&N na hÉireann ó thús na haoise seo. In 2000, bhí infheistíocht iomlán bhliantúil an Rialtais i dtaighde agus forbairt (T&F) níos lú ná €250 milliún; sa lá atá ann inniu tá sé ag druidim le €1 bhilliún. Bhí an fócas bunaidh beartais ar chumas taighde na hÉireann a fhorbairt, agus ina dhiaidh sin ar an gcumas é sin a neartú lena n-áirítear tríd an straitéis *Geilleagar Eolais na hÉireann a Fhorbairt* (2004). Leagtar béim sa *Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 2006-2013* ar ghníomhaíochtaí taighde phoiblí agus phríobháidigh a nascadh le chéile agus d'fhéachadh le *Nuálaíocht 2020* (2015) le hinfheistíochtaí a rinneadh chun an tionchar eacnamaíoch is mó a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn sóisialta a threisiú.

(*Nóta*: sa chás go n-úsáidtear an téarma T&N sa Straitéis seo, tagraíonn sé don réimse iomlán taighde bhunúsaigh agus fheidhmigh, forbartha turgnamhaí agus nuálaíochta.)

Tá athrú bunúsach tagtha ar an gcomhthéacs intíre agus idirnáisiúnta ó na straitéisí sin roimhe seo. Ní mór é sin a léiriú sa creat straitéiseach nua um thaighde agus nuálaíocht. I measc na bpríomhdhúshlán eacnamaíoch agus sochaíoch atá le sárú ag Éirinn tá: an t-athrú aeráide agus an gá atá le haistriú go sochaí a bheidh aeráidneodrach; aistriú eacnamaíoch arna spreagadh ag athrú teicneolaíochta agus athrú eile; iomaíocht idirnáisiúnta níos fearr agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil; soghluaisteacht mhéadaithe na tallainne; agus an gá le hathléimneacht na sochaí i gcoinne bagairt turraingí a fhorbairt. Tá buntáistí suntasacha ag Éirinn mar oileán beag agus an-líonraithe ar féidir leis a bheith ina ionad tástála don saol mór chun dul i ngleic le dúshláin inbhuanaitheachta dhomhanda.

Tríd an Straitéis seo, treiseoidh Éire a tiomantas do gheilleagar eolasbhunaithe a chruthú, ag baint leas as na láidreachtaí iomaíocha atá ann cheana agus ag plé go dian le glacadh teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bheidh lárnach d'inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta san fhadtéarma ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. Beidh tionchar díreach ag ár rath maidir le taighde, forbairt agus nuálaíocht arna spreagadh ag fiontair a neartú ar chumas na hÉireann geilleagar rathúil bisiúil a chruthú agus a choimeád agus fostaíocht a fhás, agus lenár spriocanna náisiúnta a bhaint amach chun geilleagar agus sochaí níos glaine, níos glaise a chruthú agus na deiseanna a bhaineann leis an aistriú digiteach a uasmhéadú chun tairbhe ár saoránach go léir.

Ní mór a chinntiú freisin go bhfuil an córas T&N gafa go hiomlán le tionchar a imirt in go leor réimsí eile, lena n-áirítear déileáil le dúshláin mhóra agus bonn eolais níos fearr a chur faoi dhéanamh beartas poiblí. Tagann sé sin le Clár an Rialtais Ár dTodhchaí Roinnte, ina n-aithníonn an Rialtas an gá atá le *"Cur chuige maoinithe taighde bunaithe ar dhúshláin a fhorbairt do gach disciplín, ionas go dtabharfaidh taighdeoirí Éireannacha aghaidh go díreach ar na mórfhadhbanna a bheidh os comhair na sochaí sna blianta amach romhainn"*.

Agus muid ag teacht amach as an bpaindéim agus ag smaoineamh chun cinn, cinnteoimid go leanfaidh T&N ag déanamh an difríocht dhearfach chéanna dár saol mar ba léir le dhá bhliain anuas. Ag cur lena tionchar eacnamaíoch leanúnach, oibreoimid lena chinntiú go soláthrófar leis luach sochaíoch inláimhsithe níos leithne agus go gcuideoidh sé le réiteach a fháil ar na dúshláin is mó dár ré. Ba mhaith linn go mbeadh an taithí is

fearr agus is féidir ag gach taighdeoir agus nuálaí atá ag obair in Éirinn agus go ndéanfaidh siad an difríocht is mó agus is féidir. Ba mhaith linn go léireodh ár bpobal T&N an tsochaí ar fad, ag tabhairt faoi thaighde agus ag cruthú nuálaíochtaí a bhaineann le riachtanais agus le dóchas gach duine. Ní foláir go mbeidh ár bhfeidhmíocht taighde ina bhfeidhmíocht den scoth i gcónaí, ag spreagadh ár gcáil idirnáisiúnta agus ag neartú príomhchaidreamh domhanda.

## Forléargas ar Fheidhmíocht T&N na hÉireann

Bhí tionchar suntasach ag beartas na hÉireann maidir le hinfheistiú inár gcumas T&N le fiche bliain anuas ar ár bhforbairt thionsclaíoch, ag cur le cruthú post agus leis an rathúnas eacnamaíoch. Mar thoradh ar an tiomantas marthanach don taighde, don fhorbairt agus don nuálaíocht, d'éirigh le hÉirinn cumas taighde agus cáil idirnáisiúnta as sármhaitheas taighde a fhorbairt.

### Infheistiú i dTaighde agus Forbairt (2020)*

- **€4.59 billiún** – Ollchaiteachas ar T&F
- **€3.39 billiún** – Caiteachas Gnó ar T&F
- **€1.04 billiún** – Caiteachas Ardoideachais ar T&F
- **€867 billiún** – Caiteachas Poiblí ar T&F

### Nuálaíocht agus an Geilleagar Digiteach (2021)

- **11ú Nuálaí Láidir** – An Scórchlár Eorpach Nuálaíochta
- **11ú san Eoraip** – An tInnéacs Domhanda Nuálaíochta
- **19ú ar an Iomlán** – An tInnéacs Domhanda Nuálaíochta
- **5ú háit** – Innéacs an Gheilleagair Dhigitigh & na Sochaí Digití

### Eolaíocht ar Thús Cadhnaíochta sa Domhan†

- **2ú** Imdhíoneolaíocht
- **3ú** Eolaíochtaí Talmhaíochta
- **3ú** Cógaseolaíocht agus Tocsaineolaíocht
- **4ú** Néareolaíocht agus Iompar
- **5ú** Eolaíochtaí Ábhar
- **12ú** Rangú Eolaíochta Domhanda

*Meastacháin reatha, †Tuarascáil Bhliantúil SFI 2020

Tá naisc láidre cruthaithe ag Éirinn freisin idir an córas taighde phoiblí agus fiontraíocht, agus feabhsaíodh comhoibrithe agus tráchtálú taighde le linn na tréimhse sin. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcaiteachas poiblí agus príobháideach iomlán ar T&N (i.e. Ollchaiteachas ar T&F, GERD) le blianta beaga anuas, ó €2.6 billiún in 2011 go thart ar €4.6 billiún in 2020, méadú 79% ar an luach. Bhí an méadú sin spreagtha den chuid ba mhó ag fás ar chaiteachas fiontar, ó €1.8 billiún in 2011 go dtí thart ar €3.4 billiún in 2020.

In ainneoin méadú suntasach ar luach an chaiteachais phoiblí agus phríobháidigh ar T&N, baineadh amach dul chun cinn teoranta i dtreo sprioc ráta déine taighde *Nuálaíocht 2020* de 2.5% den OTN, a mhéadaigh ó 1.55% in 2015 go dtí thart ar 1.63% in 2020. Tá baint aige sin, go páirteach ar a laghad, le fás eacnamaíoch na hÉireann a mhéadaigh ag ráta atá i bhfad níos airde ná meán an Aontais Eorpaigh: thar an tréimhse 2009 go 2020, tháinig méadú 120%, 102% agus 55% faoi seach ar OTI, OTN agus OTN* na hÉireann.

Cé go bhfuil méadú tagtha ar infheistíocht iomlán na hÉireann i T&N le deich mbliana anuas, tá ár staid reatha mar Nuálaí Láidir ar an Scórchlár Nuálaíochta Eorpach i mbaol go mbainfidh Ballstáit eile AE an barr de, agus iad ag feabhsú a gcóras T&N agus ag infheistiú iontu. Níl Éire ar cheann de na deich mBallstát is nuálaí a thuilleadh, i ndiaidh di sleamhnú ón séú háit in 2016 go dtí an haonú áit déag in 2021. Mar an gcéanna, is féidir feidhmíocht chomhchosúil a fheiceáil san Innéacs Domhanda Nuálaíochta i gcás gur thit suíomh na hÉireann ón seachtú háit in 2016 go dtí an naoú háit déag as 132 tír in 2021.

Feidhmíonn Éire go maith i roinnt réimsí sa dá scórchlár, ag teacht sa chéad áit maidir le hiarmhairtí díolacháin agus tionchair fostaíochta na nuálaíochta sa Scórchlár Nuálaíochta Eorpach agus sa chéad áit maidir le scaipeadh eolais, sa chúigiú háit maidir le hionsú eolais agus sa deichiú háit maidir le tionchar eolais san Innéacs Domhanda Nuálaíochta in 2021. Ina theannta sin, feidhmíonn Éire go maith i roinnt rátálacha araíonachta idirnáisiúnta, ag léiriú shármhaitheas na heolaíochta in Éirinn (mar a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2020 FEÉ, bunaithe ar Tháscairí Riachtanacha Eolaíochta InCites ó Clarivate Analytics):

- 12ú háit sa Rangú Eolaíoch Domhanda (le haghaidh lua i bpáipéir eolaíochta)
- 2ú Imdhíoneolaíocht
- 3ú Eolaíochtaí Talmhaíochta
- 3ú Cógaseolaíocht agus Tocsaineolaíocht
- 4 Néareolaíocht agus Iompar
- 5ú Eolaíochtaí Ábhar

Is riosca suntasach é d'iomaíochas ár ngeilleagair, dár dtáirgiúlacht sa mhargadh saothair, d'fhás fostaíochta ardluacha, dár dtarraingteacht do IDC agus dár seasamh domhanda mar 'nuálaí láidir' mura gcoinnítear suas le hardgheilleagair bheaga eile i dtéarmaí infheistíochta i T&N. Chomh maith leis sin, beidh an nuálaíocht ríthábhachtach chun réitigh a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta amhail an t-athrú aeráide agus digitiú – chun aghaidh a thabhairt orthu sin beidh gá le hinfheistíocht mhéadaithe i T&N chun freagraí a sholáthar thar feabhsuithe incriminteacha.

In ainneoin na timpeallachta domhanda an-iomaíoch, cothófar agus feabhsófar leis an Straitéis seo ár gcóras T&N a aithnítear ar bhonn idirnáisiúnta, ag tabhairt aghaidh ar aon easnaimh shainaitheanta a thiocfaidh chun cinn maidir le hiomaitheoirí agus ag baint leas as ár láidreachtaí ar leith féin chun Éire a shuíomh mar lárionad sármhaithis agus tionchair T&N.

## An Timpeallacht i gCoitinne

Tá an comhthéacs níos leithne ina bhfuil an Straitéis Náisiúnta seo forbartha agus curtha chun feidhme múnlaithe ag roinnt príomhthosca:

- Tá an ghníomhaíocht eacnamaíoch ag téarnamh agus muid ag teacht amach as paindéim COVID-19. D'fhéadfadh tosca idirnáisiúnta eile, áfach, amhail forbairtí gheopolaitiúla, soláthar fuinnimh agus brúnna boilscithe, conair fheidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann amach anseo a mhaolú, agus déanfar dlúthmhonatóireacht uirthi.
- Tá an mhian maidir le neamhspleáchas straitéiseach AE agus ailíniú le luachanna AE amhail saoirse taighde eolaíoch ag buntacú níos mó agus níos leis an gcaidreamh domhanda T&N, go háirithe.
- Leis an aistriú um ghníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú digiteach araon buntacófar le forbairt fhadtéarmach na dtíortha uile. Tá a dtábhacht d'Éirinn leagtha amach sa *Phlean náisiúnta Gníomhaíochta Aeráide* (2021), sa *Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta* (2021) agus *Harnessing Digital - The Digital Ireland Framework*. Léirítear iad chomh maith in *Food Vision 2030*, *Tuarascáil an Tascfhórsa FBM*, agus *AI – Here for Good: Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn agus Straitéis Thionscal 4.0 na hÉireann 2020-2025*.
- Mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) athnuaite, tá dúshláin agus deiseanna eile le sárú ag Éirinn freisin, lena n-áirítear téarnamh ón bpaindéim, Brexit agus daonra a réamh-mheastar go méadóidh sé go dtí aon mhilliún duine idir 2016 agus 2040. Aithnítear sa PFN *"institiúidí ardoideachais mar bhunchlocha don fhiontraíocht agus don fhás réigiúnach"*.
- Bhí Taighde Sláinte Spriocdhírithe lárnach dár bhfreagairt ar an bpaindéim, ag tacú le cleachtas cliniciúil agus forbairt beartas atá ag teacht chun cinn go tapa. Cuirfidh na ceachtanna a foghlaimíodh bonn eolais faoi chur chuige bunaithe ar thaighde maidir le hathchóiriú cúraim sláinte níos leithne faoi *Sláintecare*.
- De réir mar a lorgófar réitigh nuálach do mhórdhúshláin earnála eile, beidh níos mó iarracht á déanamh ag earnálacha nach raibh baint chuimsitheach acu san am atá thart leis an gcóras T&N, mar a léirítear i bhforbairt ionaid teicneolaíochta tógála i gcomhpháirtíocht idir fiontair agus institiúidí ardoideachais, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann.
- Chomh maith le leanúint lenár gcaidreamh láidir leis an Ríocht Aontaithe a chothú, cothóimid comhoibrithe níos láidre le comhpháirtithe Eorpacha eile. Cruthaítear deiseanna nua lenár bhfócas méadaithe ar chomhar uile-oileáin chomh maith.
- Tá aitheantas ar chumhacht agus luach T&N ag croílár bhunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag Rialtas na hÉireann. Oibreoidh an Roinn nua seo i gcomhpháirtíocht ar fud an Rialtais lena chinntiú go gcuirfear cláir oibre choitinne chun cinn agus déanfaidh sí idirbheartaíocht maidir le comhaontú ar uaillmhianta comhroinnte a bhróicéireacht. Cuireann sé sin deis uathúil i láthair chun tionchar agus toradh ar infheistíocht i T&N a uasmhéadú le:
  - Córas níos gafa agus níos freagrúla trí struchtúir nua rialachais agus mhaoirseachta;
  - Fócas níos cuimsithí ar dhaoine – a slite beatha, a soghluaisteacht, a gcuimsiú agus a dtionchar;
  - Cónascadh gníomhaireachtaí iomaíocha maoinithe taighde na Roinne chun athrú céime a chur chun cinn i dtaighde idirdhisciplíneach agus i soláthar um maoiniú taighde in Éirinn;
  - An nuálaíocht a leabú tuilleadh i ngach fiontar, lena neartófar naisc eatarthu siúd agus ár gcóras taighde poiblí, agus dlús a chur le tráchtálú taighde;
  - Forbairt straitéiseach ar chumas T&N na nOllscoileanna Teicneolaíochta ar fud na réigiún, ag comhlánú láidreachtaí T&N sna hollscoileanna seanbhunaithe; agus
  - Maoirseacht fheabhsaithe ar chleachtais agus ar fheidhmíocht institiúideach.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Spreagfaidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta comhordú agus comhtháthú an chláir oibre náisiúnta T&N, ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir. Dírítear sa Straitéis seo ar thionchar ar fud an chórais a sholáthar, lena n-éascófar luach gníomhaíochtaí gníomhaithe agus maoinitheoirí náisiúnta T&N agus lena gcuirfear luach leo. Cinnteoidh an Roinn go gcuirfear príomhchuspóirí straitéiseacha leathana chun cinn amhail soghluaisteacht fheabhsaithe tai ghdeoirí agus uasmhéadú ar thionchar T&N ar cheapadh beartas poiblí. Soláthrófar an Straitéis trí thrí Chlár Oibre trí bliana, agus sa chéad cheann acu clúdófar an tréimhse 2022 go 2024, agus cuimsítear é in Aguisín A. Tá an Straitéis féin leagtha amach de réir na gcúig cholún seo a leanas:

## Colún a hAon: TIONCHAR AN TAIGHDE AGUS NA NUÁLAÍOCHTA AR AN nGEILLEAGAR, AR AN tSOCHAÍ AGUS AR AN gCOMHSHA OL A UASMHÉADÚ

***Bíonn tionchar fíordhearfach ag taighde agus nuálaíocht – ar fud na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil: rud a chuireann feabhas ar an bhfolláine shóisialta, ar ár rathúnas eacnamaíoch, agus ar an inbhuanaitheacht.***

Tá cáil láidir ar Éirinn maidir leis an toradh a fhaigheann sí óna hinfheistíochtaí taighde poiblí. Tá cuntas teiste suntasach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar phríomh-mhaoinitheoir taighde agus tá dlúthnaisc aige leis an bhfiontraíocht agus gníomhaireachtaí fiontraíochta, agus díríonn sé ar réimsí tosaíochta náisiúnta. D'éirigh go han-mhaith leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn maidir le tacaíocht a thabhairt do thaighde arna spreagadh ag fiosracht i ngach disciplín agus céim ghairme, lena n-áirítear taighdeoirí luathghairme. Tá comhoibrithe láidre taighde, maoinithe agus malartaithe eolais ag an dá ghníomhaireacht, cé acu le fiontair, comhlachtaí poiblí nó an tsochaí shibhialta. Léiríonn cáil na hÉireann as sármhaitheas taighde a próisis um maoiniú taighde, lena n-áirítear a tiomantas d'athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta, chomh maith le cáilíocht ár bpobail taighde agus ár n-eagraíochtaí taighde phoiblí. Is láidreachtaí ríthábhachtacha iad láidreachtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Comhairle um Thaighde in Éirinn maidir leis sin, agus inniúlacht agus saineolas na foirne sa dá eagraíocht, chun ár gcóras um maoiniú taighde phoiblí a fhorbairt tuilleadh.

Léirigh géarchéim COVID-19 an ról suntasach atá ag an taighde agus an nuálaíocht maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra. Tugadh chun suntais léi freisin ar an dóigh ar féidir le réimsí taighde éagsúla teacht le chéile chun tionchar a imirt ar smaointe. Tugadh deis leis an bpaindéim freisin le haghaidh comhpháirtíochtaí níos dlúithe idir lucht maoinithe taighde. Bhain an Roinn nua, agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann leas as sin, mar shampla, trí chuir chuige choiteanna maidir le hinfheistíocht i dtaighdeoirí luathghairme agus in Ollscoileanna Teicneolaíochta.

Faoin Straitéis seo, cuirfimid lenár n-éiceachóras láidir chun T&N a chur i gcroílár fhreagairt na hÉireann ar na saincheisteanna atá tábhachtach do shaoránaigh amhail gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú digiteach, ag tosú le Clár Náisiúnta na nDúshlán Mór.

Tá rannpháirtíocht idir disciplíní T&N éagsúla ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra. Laistigh den Roinn nua, déanfar feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ: an maoinitheoir iomaíoch taighde is mó sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta, chomh maith le taighde den scoth i ndisciplíní eile) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ: an maoinitheoir iomaíoch taighde is mó san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) a chónascadh chun gníomhaireacht nua a chruthú chun idirdhisciplíneacht níos fearr a chur chun cinn in Éirinn. Feabhsófar leis an gcónascadh sin freisin comhordú gníomhaíochtaí maoinithe,

éifeachtúlachtaí riaracháin agus simpleofar leis an tsraith tacaíochtaí do thaighdeoirí, agus forbairt á déanamh ar a gcuntais teiste reatha agus ar a gcáil idirnáisiúnta faoi seach.

Dá réir sin, cruthóimid gníomhaireacht reachtúil um mhaoiniú taighde agus nuálaíochta nua trí Bhille Taighde suaitheanta lena dtreiseofar an deis shuntasach a thiocfaidh as bunú na Roinne nua. Agus leas á bhaint as láidreachtaí aitheanta an CTÉ agus FEÉ an agus forbairt á déanamh ar láidreachtaí agus ar bhrandaí na mball foirne reatha, tacóidh an ghníomhaireacht nua leis an réimse iomlán disciplíní taighde, ag obair i gcomhar le maoinitheoirí taighde agus fiontair eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Trí thacaíochtaí reatha an CTÉ agus FEÉ a mhapáil lena gcuirfear bonn eolais faoi bhunú na gníomhaireachta, éascófar comhlántacht níos fearr ar an gclár taighde le gníomhaireachtaí eile mar chuid de thírdhreach T&N i gcoitinne na hÉireann.

Comhlánóimid cruthú na gníomhaireachta taighde nua seo le naisc fhadtéarmacha fheabhsaithe idir lucht déanta beartas ar fud na Ranna Rialtais go léir agus sa chóras taighde poiblí. Soláthróimid é sin trí fheidhm thiomnaithe Fianaise le haghaidh Beartas a chruthú laistigh den Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, trí struchtúir nua comhairle eolaíochta a fhorbairt ar fud an Rialtais agus trí struchtúir láidre chomhairleacha, rialachais agus mhaoirseachta a bhunú chun an Straitéis seo a chur i bhfeidhm. Cinnteoimid go mbeidh páirt níos mó ag saoránaigh sa phróiseas taighde, ag baint leas as an bhfeachtas *Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí.*

## Colún a Dó: TIONCHAR NA STRUCHTÚR TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA AR AN BHFEABHAS AGUS AR THORTHAÍ

***Soláthraíonn struchtúr na Straitéise agus an tírdhreach institiúide timpeallacht ina thugtar luach saothair as an tallann agus an bhfeabhas agus ina dhearbhaítear an tionchar.***

Beidh tionchar, fianaise agus meastóireacht lárnach chun gníomhaíocht T&N a ailíniú le riachtanais náisiúnta. Chun bonn eolais a chur faoi bheartais agus infheistíocht phoiblí amach anseo, tabharfaimid faoi athbhreithniú cuimsitheach ar thionchar an T&N in Éirinn go dtí seo, agus muid ag iniúchadh cé chomh maith agus a thagann buanna an chórais leis na riachtanais agus na dúshláin náisiúnta. Soláthrófar leis an gcleachtadh sin, mar chuid de chéad chlár oibre na Straitéise seo, bonnlíne d'fhorbairt leanúnach ar an mbonn fianaise do chóras T&N na hÉireann. Cuirfear bonn eolais leis freisin faoi bhreithnithe beartais maidir le haon éabhlóid a dhéanfar amach anseo ar an bpróiseas tosaíochta taighde náisiúnta. Treiseoimid an dea-chleachtas idirnáisiúnta is déanaí, go háirithe maidir leis an obair atá ar siúl sa Limistéar Eorpach Taighde, agus nuachóireoimid conas a shainímid tionchar taighde, an dóigh a ndéanaimid monatóireacht air agus an dóigh a spreagaimid é.

Le struchtúir láidre comhairleacha, rialachais agus maoirseachta T&N, déanfar cinnte de go mbeidh ról lárnach ag T&N maidir le beartais an Rialtais a chur i gcrích, agus tionchar an T&N ar ár ngeilleagar agus ár sochaí á chur in iúl chomh maith le tacú le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach mhéadaithe i T&N.

Is comhlánú cumhachtach é cruthú na nOllscoileanna Teicneolaíochta leis na hollscoileanna seanbhunaithe a fheidhmíonn go láidir agus go héifeachtúil cheana féin ar fud chóras T&N na hÉireann agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Cuirfimid ar chumas na n-institiúidí nua seo, go sonrach, a n-acmhainn a bhaint amach ina réigiúin, agus a gcumas sainiúil T&N ag croílár a gcomhoibrithe le fiontair agus go

háirithe le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna). Déanfar a bhfócas réigiúnach a chothromú le léiriú an tsármhaitheasa idirnáisiúnta. Maidir le gach institiúid diantaighde, forbróimid creat le haghaidh infheistíocht caipitil taighde agus nuálaíochta amach anseo chun na príomhriachtanais bhonneagair a shainaithint.

I measc na ngníomhaithe taighde poiblí go léir, cinnteoimid go bhfuil sármhaitheas ríthábhachtach do gach gníomhaíocht taighde agus go mbeidh an dea-chleachtas agus na prionsabail is déanaí mar bhonn agus taca aige. Chomh maith le rannpháirtíocht na hÉireann go dtí seo ar Thaighde Oscailte agus ar Shláine Taighde, áireofar leo sin an tábhacht atá ag méadú i dtaca le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (CÉC) mar dhea-chleachtas taighde, mar shampla, trí ionadaíocht ar ghrúpaí fócais chomh maith leis an riachtanas do cleachtais T&N atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a bheidh ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Leanfaimid le sásraí do chomhoibriú acadúil-tionscail agus aistriú eolais a neartú.

## Colún a Trí: NUÁLAÍOCHT A SPREAGANN RATH FIONTAR

***Spreagann taighde, forbairt agus nuálaíocht faoi threoir na fionraíochta gnólachtaí nuathionscanta, iomaíochas, táirgiúlacht agus ardfheidhmíocht i ngeilleagar na hÉireann, rud a chuireann ar chumas na hearnála gnó cur le hathléimneacht agus aistriú eacnamaíoch agus sochaíoch na hÉireann.***

Forbraíodh feidhmíocht um Thaighde, Forbairt & Nuálaíochta fiontraíochta na hÉireann ó bhonn 800 gnólacht atá gníomhach i T&F tríocha bliain ó shin le caiteachas T&F thart ar €300 milliún, go dtí tuairim agus 1,800 fiontar atá gníomhach i T&F a chaitheann breis agus €3.4 billiún in aghaidh na bliana.

Tá bearna shuntasach idir feidhmíocht nuálaíochta na fiontraíochta in Éirinn, áfach, i gcomparáid le geilleagair ardleibhéil eile, agus idir Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) agus gnólachtaí dúchasacha. Le linn na Straitéise seo, leathnóimid agus neartóimid an cumas nuálaíochta fiontraíochta, agus fócas ar leith ar FBManna dúchasacha, ar ár mbonn nuálaíochta ilnáisiúnta agus FBM a nascadh, agus ar IDC a neadú tuilleadh in Éirinn. Cothóimid comhar tionscail-acadúil agus tráchtálú taighde, lena n-áirítear rochtain níos éasca ag an tionscal ar an gcóras taighde phoiblí agus líon níos mó gnólachtaí nua-thionscanta faoi threoir na nuálaíochta ag teacht as. Cuideoidh cur chun feidhme speisialtóireachta cliste, a dhíreoidh ar na réimsí taighde agus teicneolaíochta is mó a bhaineann le fiontair atá bunaithe in Éirinn, linn scaipeadh nuálaíochta a chur chun cinn agus a chomhordú trasna na réigiún. Soláthróimid éiceachóras náisiúnta T&N iomaíoch fiontraíochta, lena n-áirítear cosaint fhioscach, paitinnithe agus IP, agus forbairt caighdeán.

## Colún a Ceathair: TALLANN AG CROÍLÁR AN ÉICEACHÓRAIS TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

***Beimid inár gceannródaí i gcothú, forbairt agus coinneáil daoine cumasacha chun taighde agus nuálaíocht a spreagadh inár gcóras ardoideachais agus taighde, inár bhfiontair, inár bpobail agus inár seirbhísí poiblí.***

Tá tallann ag croílár éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann, agus ár rathúnais amach anseo mar dhaoine. Ní mór go mbeidh Éire ina háit iontach le bheith i do thaighdeoir agus i do nuálaí, agus ba mhaith linn na daoine is fearr - ó gach cúlra, go hinmheánach agus go hidirnáisiúnta - a mhealladh chun é sin a dhéanamh in Éirinn.

Tacóimid le gach mac léinn, cé acu an bhfuil siad cláraithe ar fud an chórais threasaigh nó ag iarraidh uasoiliúint a dhéanamh agus ag obair, chun na scileanna agus an taithí a fháil a chuirfear ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar na forbairtí T&N is déanaí agus freagairt dóibh. Cuirfimid eispéireas comhsheasmhach mac léinn taighde chun cinn agus oibreoimid lena chinntiú go léireoidh an pobal taighde an tsochaí agus go gcuirfidh sé deiseanna ar fáil do chách.

Cinnteoimid go mbeidh na scileanna agus na deiseanna cearta ag taighdeoirí ionas gur féidir leo a mhéid is féidir leo a dhéanamh, bíodh sé sin sa saol acadúil, sa tionscal, san earnáil phoiblí nó in áit ar bith eile, agus go mbainfidh siad a n-acmhainn ghairme féin amach agus iad ag déanamh amhlaidh. Ag aithint nach bhfanfaidh formhór mór na dtaighdeoirí luathghairme san saol acadúil san fhadtéarma, féachfaimid le feabhas a chur ar chonairí gairme, ag tosú le tuiscint níos mó a fháil ar chineál an éilimh ar thallann taighde. Treiseoimid scileanna trasnaí na dtaighdeoirí ionas gur féidir leo an difear is mó agus is féidir a dhéanamh ar fud na fiontraíochta, na hearnála poiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar bhonn idirnáisiúnta.

## Colún a Cúig: NASCADH UILE-OILEÁIN, AE AGUS DOMHANDA

***Cuidíonn taighde agus nuálaíocht le hoileán comhroinnte agus le hEoraip nuálach trí chomhoibriú láidir T&N uile-oileáin, Eorpach agus domhanda.***

I gcomhréir leis na gealltanais sa Chomhaontú *Deich mBliana Nua, Chur Chuige Nua*, tá T&N ina chuid de chlár oibre dearfach comhoibrithe ar oileán na hÉireann, agus ar bhonn Thoir Thiar freisin, agus tá an fhéidearthacht ann go bhfásfaidh sé sin. Tá neartú an chomhoibrithe taighde uile-oileáin ina chuid thábhachtach de thionscnamh an Rialtais maidir le hOileán Comhroinnte. Uasmhéadóimid an acmhainn sin trí chomhoibriú trasteorann breise a chur chun cinn trí naisc luachmhara T&N.

Níos faide i gcéin, is gné ríthábhachtach de ghníomhaíocht T&N na hÉireann í rannpháirtíocht AE agus dhomhanda na hÉireann, trína bhféadfaidh taighdeoirí agus nuálaithe comhoibriú leis na daoine is cumasaí ina réimse, agus lasmuigh de. Feabhsaíonn sé cáilíocht na dtorthaí T&N agus taithí gairme na ndaoine a bhíonn páirteach ann. Leanfaimid orainn ag cuidiú le taighdeoirí agus nuálaithe anseo oibriú leis na daoine is fearr ar fud an domhain, agus fócas faoi leith ar chomhoibrithe Eorpacha atá ann cheana féin, agus ar lorg idirnáisiúnta oideachais, taighde agus nuálaíochta na hÉireann a chur chun cinn.



Colún a hAon

# Tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta ar an nGeilleagar, ar an tSochaí agus ar an gComhshaol a Uasmhéadú

# Colún a hAon: TIONCHAR AN TAIGHDE AGUS NA NUÁLAÍOCHTA AR AN NGEILLEAGAR, AR AN TSOCHAÍ AGUS AR AN GCOMHSHAOL A UASMHÉADÚ

***Bíonn tionchar fíordhearfach ag an taighde agus an nuálaíocht – ar fud na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil: Feabhsaítear an fholláine shóisialta, ár rathúnas eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht.***

## 1.1 Boinn ár gCórais Phoiblí T&N


Ní raibh an tábhacht le T&N maidir le cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach go rathúil chomh soiléir riamh ná níor léiríodh chomh maith é riamh ná mar a rinneadh le linn phaindéim COVID-19. Bhí sé mar bhonn agus mar thaca ag forbairt agus rolladh amach luath na vacsaíní, digitiú tapa agus aistriú tapa ar líne go leor earnálacha ó sheirbhísí miondíola, cúraim sláinte agus pearsanta. Le hardteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide cuireadh ar chumas na mílte oibrithe glacadh go tapa le cianobair agus obair hibrideach. Tá gnólachtaí agus tallann nuálach in Éirinn ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt agus soláthar go leor de na réitigh lenar cuireadh ar chumas ár ngeilleagair agus ár sochaí leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

Cinnteoimid go ndéanfaidh ár gcóras phoiblí T&N forbairt air sin trí é féin chur i gcroílár réitigh na hÉireann ar dhúshláin shochaíocha chomh maith le dúshláin eacnamaíocha. Thar shaolré na Straitéise seo, beidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta breá ábalta an clár oibre seo a chur chun cinn mar gheall ar a ról lárnach tionóil le gníomhaithe taighde agus le Ranna Rialtais eile agus lena ngníomhaireachtaí. Déanfaimid ár gcóras poiblí T&N i bhfad níos inrochtana do lucht déanta beartas, d'fhiontair agus do shaoránaigh. Ag an am céanna, cuirfimid feabhas mór ar ár ngníomhaíocht agus cur chuige dúshlánbhunaithe T&N.

Chomh maith le heagraíochtaí taighde earnála atá ríthábhachtach amhail Teagasc agus Foras na Mara, soláthraíonn an earnáil taighde ardoideachais bunchloch chóras poiblí T&N na hÉireann. Le misean buntaca idirnasctha na hearnála chun tallann a chur chun cinn, cuirfear gníomhaíocht agus rannpháirtíocht sheachtrach T&N chur chun cinn tríd an Straitéis seo. Maidir leis na hollscoileanna ar fad, tá taighde ina chuid bunúsach dá mbunú fochéimithe, comhoibrithe fiontar, caidreamh réigiúnach agus cáil idirnáisiúnta. Le déanaí, léiríonn an ghníomhaíocht taighde an chéim bhunathraitheach shainiúil d'Institiúidí Teicneolaíochta chun bheith ina nOllscoileanna Teicneolaíochta.

Agus bearta á ndéanamh chun comhtháthú an chórais oideachais tríú leibhéal in Éirinn a fheabhsú, beidh deis ag institiúidí breisoideachais agus oiliúna freisin cur leis an gcóras náisiúnta T&N trí scaipeadh na nuálaíochta, mar shampla, trí speisialtóireacht chliste, rannpháirtíocht san fhiontraíocht réigiúnach agus soláthar foghlama ar feadh an tsaoil.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) i gceannas ar sholáthar na mbeartas nuálaíochta fiontraíochta, agus trína gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, cláir agus cúnamh chun cuspóirí an Rialtais a bhaint amach don earnáil fiontraíochta agus do ghnólachtaí nuálacha, ag soláthar post agus rathúnais. Díríonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go sonrach ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus nuálaíocht shuaiteacha a spreagadh, comhoibriú tionscail-acadúil agus tráchtálú taighde a chur chun cinn, ag obair lena chinntiú go mbeidh céimithe réidh don fhostaíocht, go mbeimid ina rannpháirtithe in éiceachórais teicneolaíochta teorann, go mbeidh an nuálaíocht forleathan i ngach earnáil fiontraíochta, agus go mbeidh an timpeallacht chumasúcháin cheart i bhfeidhm chun tacú le geilleagar nuálaíochta. Is comhpháirtí lárnach é an córas poiblí T&N maidir leis an gclár oibre seo a chur chun cinn.




### 1.1.1 Struchtúir Ghníomhaireachta Fheabhsaithe

**Maoinitheoir taighde náisiúnta nua a chruthú a spreagfaidh taighde idirdhisciplíneach, a bheidh buntacaithe ag sármhaitheas taighde i ngach disciplín, agus a uasmhéadóidh a thionchar ar mhórdhúshláin.**

Tá éiceachóras taighde agus nuálaíochta den scoth in Éirinn agus tá cáil dhomhanda uirthi as taighde den scoth in go leor disciplíní ar fud na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice. Ag féachaint chun cinn, teastaíonn bonn taighde bunúsach athléimneach uainn, chomh maith leis an gcumas infheistíochtaí a dhíriú ar réimsí tosaíochta straitéiseacha sochaíocha agus eacnamaíocha. Leis na dúshláin atá le sárú ag Éirinn teastaíonn comhoibriú sna réimsí taighde chomh maith, mar a léiríodh le linn phaindéim COVID-19, nuair a bhí fhorbairt na víreolaíochta agus na vacsaíne á gcomhlánú go géar le tionscnaimh eolaíochta iompraíochta. Beidh comhoibriú dá leithéid bunúsach d'athléimneacht agus do lúth na hÉireann in aghaidh turraingí domhanda seachtracha amach anseo.

Aithnítear Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar phríomh-mhaoinitheoir taighde a bhfuil naisc láidre aici leis an bhfiontraíocht agus le gníomhaireachtaí fiontraíochta, chomh maith le béim infheistíochta ar réimsí taighde a sainaithníodh tríd an gCleachtadh Náisiúnta um Thosaíocht Taighde. Ó bunaíodh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn tá tacaíocht rathúil tugtha aici do thaighdeoirí sna céimeanna gairme ar fad agus sna disciplíní ar fad. Tá comhoibriú tábhachtach cruthaithe ag an CTÉ agus an FEÉ le heagraíochtaí eile, cé acu an bhfuil siad san earnáil phríobháideach, san earnáil phoiblí nó ag déanamh ionadaíochta don tsochaí shibhialta. Léiríonn cáil na hÉireann mar thír ina dtugtar faoi thaighde den scoth – chomh maith le scoth a taighdeoirí agus eagraíochtaí déanta taighde a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu – gairmiúlacht a gníomhaireachtaí maoinithe agus a bhfoirne.

Déanfaimid feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chónascadh chun maoinitheoir iomaíoch nua a chruthú faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Coimeádfaidh an ghníomhaireacht nua an dul chun cinn atá déanta maidir le branda agus cáil na hÉireann atá aitheanta go hidirnáisiúnta i sármhaitheas taighde thar go leor disciplíní agus cuirfidh sí chun cinn tuilleadh é.

Beidh sainordú ag an ngníomhaireacht nua seo chun rannpháirtíocht taighde idirdhisciplínigh a chur chun cinn, agus chun tacú le sármhaitheas taighde leanúnaí laistigh de dhisciplíní na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus Eolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice agus feabhas a chur ar chomhoibriú leis na hearnálacha fiontraíochta agus poiblí.

Le cruthú gníomhaireachta nua tugtar deis do thaighde na nEalaíona, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta a chur ar bhonn comhionann reachtúil le taighde na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice rud a chinnteoidh cothroime measa, rochtain ar mhaoiniú taighde agus comhsheasmhacht níos fearr ar fud an phobail taighde. Ina theannta sin, neartóidh sé ról na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta maidir le cur le taighde dúshlánbhunaithe, rud atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna casta.

Dearfar struchtúr na gníomhaireachta nua chun fochoistí nó comhairlí a ionchorprú lena chinntiú go mbeidh réimse cuimsitheach cuí saineolais ar fáil chun bonn eolais a chur faoin dea-chleachtas i ngach réimse taighde. Soláthróidh an ghníomhaireacht nua seo éifeachtúlachtaí riaracháin agus sraith shimplithe tacaíochtaí do thaighdeoirí i ngach disciplín chomh maith.

Trí ghníomhaireachta reachtúil nua um mhaoiniú taighde agus nuálaíochta a chruthú trí Bhille Taighde suaitheanta treiseofar an deis shuntasach a tháinig chun cinn le bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Chomh maith le leas a bhaint as saineolas na foirne atá ann, beidh buiséad comhcheangailte €270 milliún ag an ngníomhaireacht nua seo (i.e. timpeall trí cheathrú d'iomlán na ndámhachtainí náisiúnta) taighde iomaíoch. Déanfar mapáil ar thacaíochtaí atá ann cheana féin mar an chéad ghníomh ríthábhachtach maidir lena bunú chun aon dúbailt nó bearnaí a shainaithint, chomh maith le comhlántacht le gníomhaireachtaí maoinithe eile a thagann faoi shainchúram Ranna Rialtais eile.

**Bille Taighde nua a achtú.**

Beidh bunú na gníomhaireachta nua seo bunaithe ar chomhairliúchán fairsing agus ar phróiseas díchill chuí lena sainaithneofar an struchtúr is fearr a theastaíonn chun éifeacht a thabhairt do ról, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí beartaithe na gníomhaireachta nua seo. Ullmhófar reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don bhunú seo agus cuirfear faoi bhráid an Rialtais í.

Tabharfar deis leis an bpróiseas sin freisin lena rannpháirtíocht amach anseo le maoinitheoirí agus gníomhaithe taighde eile a mheas. Comhoibreoidh an ghníomhaireacht leis na gníomhaireachtaí maoinithe earnála faoi phríomh-Ranna maoinithe T&N eile chun éifeachtúlachtaí agus tionchar a spreagadh ar fud an chórais.

Go dtí go n-achtófar reachtaíocht nua agus i ndiaidh an chleachtaidh mapála thuas, breithneofar ar ghníomhaireacht nua a bhunú ar bhonn riaracháin chun comhoibriú ar ghníomhaíochtaí atá ann cheana a mhéadú agus éifeachtúlachtaí a chur chun cinn chun cinn a luaithe is féidir.

**Misean taighde an Ardoideachais a léiriú go cuí i gcur chuige um maoiniú inbhuanaithe amach anseo.**

Tá ról ríthábhachtach ag maoiniú taighde phoiblí lárnach agus iomaíoch araon i ngníomhaíocht taighde idirdhisciplínigh agus i neartú bonn bunúsach taighde agus eolais na hÉireann. Spreagann infheistíocht i dtaighde poiblí infheistíocht an-suntasach ó fhoinsí seachtracha lena n-áirítear an earnáil fiontraíochta. Tá infheistíocht bhlocdheontais an Údaráis um Ard-

Oideachas i gcumas taighde institiúidigh mar bhonn agus mar thaca ag gach dámhachtain taighde iomaíoch do na hinstitiúidí ardoideachais. Oibreoidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus a gníomhaireachtaí le chéile lena chinntiú go mbeidh níos mó trédhearcachta sa chaidreamh idir na sruthanna maoinithe sin agus i ndáileadh na gcostas eacnamaíoch iomlán a bhaineann le gníomhaíocht taighde. Déanfar monatóireacht faoi choimirce na Roinne nua ar iarmhairtí na ndámhachtainí um maoiniú taighde iomaíoch ar na hinstitiúidí ardoideachais, ar a bpríomhúsáid infheistíochta agus ar a misean iomlána faoi seach.

Sa chomhthéacs sin, cuirfear misean taighde na n-institiúidí ardoideachais san áireamh i gcur chun feidhme na samhla um maoiniú inbhuanaithe ardoideachais. Léireofar riachtanais inbhuanaitheachta ghaolmhara go cuí in aon samhail um maoiniú inbhuanaithe don ardoideachas amach anseo.

**Athrú céime a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí agus cur chuige T&N dúshlánbhunaithe na hÉireann.** Léirigh ár maoinitheoirí taighde poiblí lúth iontach sa Ghlao Mearfhreagartha idirghníomhaireachta maidir le COVID-19. Thacaigh a gcomhoibriú le taighde idirdhisciplíneach ar réimse leathan saincheisteanna. Bainfimid leas as an gcur chuige sin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin beartas trasdisciplíneach eile.

Trí Chlár Náisiúnta na nDúshlán Mór, atá maoinithe mar chuid den Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirfimid T&N i gcroílár chur chuige na hÉireann chun dul i ngleic le mórcheisteanna sochaíocha, ag baint leas as gach gné den éiceachóras nuálaíochta poiblí agus príobháideach. Foghlaimeoimid ó chur chun feidhme an Chláir sin, chomh maith le hobair an Choimisiúin Eorpaigh chun misin a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, chun cur chuige miseandírithe níos fadtéarmaí i leith T&N in Éirinn a chur chun cinn, mar chuid de phunann chothromaithe infheistíochta.

Teastaíonn athrú suntasach ar an gcur chuige ar fud Ranna Rialtais agus a ngníomhaireachtaí agus ar fud disciplíní T&N sa chur chuige miseandírithe a úsáideann láidreachtaí T&N chun réitigh ar dhúshláin chasta a chatalú. Beidh an Straitéis seo ina spreagadh don athrú sin.

## Clár Náisiúnta na nDúshlán Mór

**Mar gheall ar chineál leathan na ndúshlán amhail an aeráid nó an t-aistriú digiteach, tá gá le comhfhís agus gníomh comhtháite ar fud an Rialtais. Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus a gníomhaireachtaí ábhartha, ag obair cheana féin le comhlachtaí Rialtais eile chun dúshláin ón mbarr anuas a chomhchruthú.**

**Is iarracht uile-Rialtais dar luach €71 milliún é Clár Náisiúnta na nDúshlán Mór agus cuimsítear é i b*Plean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta na hÉireann* (arna mhaoiniú faoi shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta AE). Déanfar taighdeoirí agus nuálaithe a dhreasú agus a éascú leis an gclár chun cuir chuige idirdhisciplíneacha T&N a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sochaíocha náisiúnta agus dhomhanda chun tacú le cuspóirí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.**

**Soláthrófar leis an gcur chuige miseandírithe nó dúshlánbhunaithe sin tionchar inbhraite don tsochaí i bhfoirm réitigh phraiticiúla. Is sásra maoinithe taighde atá dírithe ar thorthaí é atá deartha chun an deis is fearr agus is féidir a fháil as aistriúchán taighde agus chun glacadh le trasdisciplíneacht, agus glacadh le riosca, chomh maith le rannpháirtíocht láidir páirtithe agus úsáideoirí deiridh. Déanfar na chéad ghlaonna ar thionscadail chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach i rith an tsamhraidh in 2022.**

### 1.1.2 Saineolas Taighde Inrochtana

Ní foláir go mbeidh sé i bhfad níos éasca taighde agus saineolas gaolmhar a shainaithint agus rochtain a fháil air le go mbeidh sé ina chuid dhílis d›fhorbairt beartas poiblí. Bhí go leor samplaí den dea-chleachtas ann; oibreoimid lena chinntiú go mbeidh comhoibriú idir taighdeoirí agus lucht déanta beartas mar chuid chaighdeánach dá róil faoi seach. Tá deis ann freisin le bealaí nua a iniúchadh agus a fhorbairt chun nuálaíochtaí a forbraíodh san earnáil fiontraíochta a threisiú agus, ar an tslí sin, cur le teacht chun cinn réiteach atá infheidhme ar bhonn tráchtála trí chomhpháirtíochtaí nuálaíochta réamhthráchtála poiblí agus príobháideacha. Caithfidh go mbeidh an próiseas taighde féin níos inrochtana go ginearálta freisin trí níos mó daoine a bheith páirteach sa phróiseas taighde mar atá bainte amach tríd an bhfeachtas *Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí.*

**Na naisc idir Ranna Rialtais agus an córas taighde phoiblí a neartú.**

Ag tosú le bunú na feidhme nua Fianaise don Bheartas sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, cuirfimid feabhas ar chur in iúl na riachtanas beartas poiblí don phobal taighde ionas gur féidir leo bheith páirteach go réamhghníomhach agus go cruthaitheach ar an gclár oibre comhroinnte sin. Cinnteoimid go mbeidh ceanglais an chórais beartais soiléir ionas gur féidir le taighdeoirí, lena n-áirítear taighdeoirí luathghairme, bheith páirteach ann agus difríocht a dhéanamh. Forbróimid sásraí rannpháirtíochta agus idirghabhála idir iad siúd a bhfuil baint acu le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus taighdeoirí ábhartha. Spreagfaimid soghluaisteacht níos fearr idir an dá earnáil, mar shampla, trí Chlár Comhaltachta um Beartas Poiblí amach anseo, ag baint leas as an tionscnamh FEÉ atá ann cheana.

**T&N a leabú i gcroílár fhorbairt an bheartais phoiblí.**

Faoin Straitéis seo, feabhsóimid an sreabhadh comhairle eolaíochta chuig Ranna Rialtais trí struchtúir nua um chomhairle eolaíoch a bhunú, agus ar an dóigh sin ceapadh beartas fianaisebhunaithe a neartú ar fud an Rialtais. Úsáidfimid na struchtúir sin chun leas a bhaint as gréasáin níos leithne saineolais, gréasán náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, ionas go mbainfear feidhm as na forbairtí taighde agus na nuálaíochtaí is déanaí i dtosaíochtaí beartais agus cinnteoireacht na hÉireann.

**Cultúr nuálaíochta a neartú agus a leabú ar fud na seirbhíse poiblí.**

Is éard atá i gceist le nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí ná bealaí nua a aimsiú chun seirbhísí agus freagairtí beartais a sholáthar ar bhealaí lena bhféadfaidh luach a chur leis na daoine a bhfreastalaíonn an tseirbhís phoiblí orthu. D'fhéadfadh go leor foirmeacha a bheith i gceist leis an luach sin - rochtain níos fearr ar sheirbhísí; idirghabhálacha níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí; trédhearcacht agus muinín mhéadaithe inár bhfreagraí beartais. Le blianta beaga anuas, tugadh isteach roinnt príomhthionscnamh, atá deartha chun cultúr nuálaíochta a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí. Trínár straitéis nuálaíochta seirbhíse poiblí, "*An Nuálaíocht a Réadú*", leabóidh seirbhís phoiblí na hÉireann cultúr nuálaíochta ar fud na seirbhíse agus leanfaidh sí le seirbhísí ardchaighdeáin a bheidh éifeachtach, comhtháite agus cuimsitheach a sholáthar dár saoránaigh.

**Úsáid a bhaint as taighde miseandírithe agus soláthar poiblí chun nuálaíocht san earnáil phoiblí a threisiú.**

Faoi rialacha soláthair réamhthráchtála an Aontais Eorpaigh, tá an ceart ag comhlachtaí san earnáil phoiblí T&N a choimisiúnú ón earnáil phríobháideach chun dúshláin a réiteach nach bhfuil aon réitigh reatha 'den tseilf' ar fáil ina leith go héasca. Thar thréimhse na Straitéise seo, leanfaimid le leas a bhaint as acmhainn an

tsoláthair phoiblí chun nuálaíocht a spreagadh agus chun réitigh a fhorbairt don saoránach nach bhfuil ann go fóill. Agus leas á bhaint as rath an Chláir um Thaighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga (TNGB) go dtí seo, déanfaimid an dea-chleachtas idirnáisiúnta is déanaí a threisiú. Déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna táirgí leantacha lasmuigh d'Éirinn agus ar chomhtháthú i gcláir chomhchosúla ar leibhéal AE.

**Tuairim an tsaoránaigh sa phróiseas T&F a neartú.**

Tá an bealach ina ndéanann an pobal T&N a ghníomhaíochtaí taighde a chur le chéile agus a chur i gcrích lárnach d'ábharthacht agus cáilíocht a dtorthaí taighde. Léiríodh san fheachtas *Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí* an chumhacht a bhaineann le páirt a thabhairt do dhaoine agus do phobail ar fud na hÉireann maidir le ceisteanna taighde a chur le chéile. Bainfimid leas as an taithí sin chun rannpháirtíocht i dtaighde gníomhach a leathnú thar na comhpháirtithe traidisiúnta tionscail agus acadúla.

Bainfimid leas as an taithí sin chomh maith chun feabhas a chur ar an dóigh a gcuirfimid ról an taighde agus an tsaineolais in iúl maidir le saincheisteanna beartais phoiblí a phlé. Éistfimid le hábhair imní daoine, mar shampla, faoin dóigh a bhféadfadh forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar chodanna éagsúla dár sochaí. Cuirfimid luach an taighde in iúl go láidir agus go soiléir, ag tacú lena ról, agus le córas T&N na hÉireann, maidir le haghaidh a thabhairt ar an mórán saincheisteanna a bhíonn os comhair ár saoránach.

## *Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí:* comhrá náisiúnta ar thaighde in Éirinn

**Shroich feachtas Rialtas na hÉireann *Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí* gach cearn den tsochaí chun smaointe a bhailiú faoi na rudaí ar cheart do thaighdeoirí in Éirinn a iniúchadh chun todhchaí níos fearr a chruthú do gach uile dhuine. D'fhreagair an pobal agus an pobal taighde le díograis agus rannpháirtíocht as cuimse, agus fuarthas breis agus 18,000 aighneacht le linn an fheachtais. Chuir scála na freagartha léargas cuimsitheach agus fíorluachmhar ar fáil maidir leis na ceisteanna atá ar intinn daoine ar fud na hÉireann.**

**D'aithin an sainghrúpa neamhspleách, a rinne athbhreithniú ar na haighneachtaí go léir, 16 réimse théamacha inar féidir le taighde agus nuálaíocht cuidiú le hathrú a dhéanamh. Áirítear orthu sin ceisteanna amhail cruthú sochaí níos cuimsithí, athléimneacht ár dtíre agus réitigh nuálacha tithíochta. Shainaithin an grúpa sin moltaí do na gníomhaithe taighde go léir lena mbreithniú lena chinntiú go mbeidh tionchar níos mó ag taighde chomh maith.**


**De bhun an fheachtais, cuirfidh grúpaí rialachais *Impact 2030* fóraim ar fáil trínar féidir aschuir an fheachtais a chur chun cinn. Tabharfar cuireadh do Ranna agus do ghníomhaireachtaí Rialtais lena n-aschuir a mheas agus a chinneadh cé acu díobh sin ar cuí iad a chur chun cinn. Déanfaidh na heagraíochtaí déanta taighde phoiblí ar an ngá atá le nascacht agus comhoibriú níos fearr ar fud na ndisciplíní taighde a mheas freisin chun dul chun cinn a dhéanamh. Cuirfidh gach dream an gá atá le sochaí níos cuimsithí ar aghaidh.**

## 1.2 Príomhdhúshláin agus Príomhdheiseanna

***Déanfaidh córas T&N na hÉireann a thionchar a uasmhéadú ar chláir oibre ríthábhachtacha de chuid Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara go léir an Rialtais.***

Is iad gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú digiteach an dá aistriú aitheanta lena spreagtar go leor iompair agus gníomhaíochta ar fud an domhain. Cruthaítear dúshláin iomadúla leo do gheilleagair, do shochaithe agus do Rialtais. Cruthaítear deiseanna leo freisin do bhealaí nua oibre agus maireachtála. Chomh maith sin, bíonn tionchar acu ar thosaíochtaí náisiúnta eile lena n-áirítear fiontraíocht, sláinte agus talmhaíocht.

Is cur chuige uile-Rialtais é *Impact 2030* chun cionT&N le cuspóirí beartais iomadúla a uasmhéadú. Tá díreach faoi bhun 95% d'infheistíocht iomlán an Rialtais i T&N freagrach as cúig Roinn Rialtais. Tá ról suntasach ag gníomhaíochtaí agus tionscnaimh T&N cheana féin maidir le príomhchláir oibre beartais a sholáthar, lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú digiteach. Oibreoimid leis na Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha go léir lena chinntiú go ndéanann córas T&N na hÉireann, lena n-áirítear Fiontraíocht T&N, an méid is mó agus is féidir chun na ríomhchláir oibre beartais sin a chur i gcrích.




DFHERIS (2021) Buiséad T&F 2020-2021: Leithdháiltí Buiséid an Rialtais do T&F (GBARD) measta ag €949.1 milliún.

### 1.2.1 Aeráid, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

**Taighde agus Nuálaíocht a shuíomh mar chumasóirí ríthábhachtacha chun tacú le soláthar ár spriocanna um ghníomhú ar son haeráide agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus inbhuanaitheachta níos leithne.**

Is ceist bhunúsach, chasta agus ilghnéitheach don tsochaí aghaidh a thabhair ar an athrú aeráide. Tá sé nasctha go bunúsach le réimse dúshlán agus gealltanas comhshaoil agus inbhuanaitheachta lena n-áirítear ár gcórais fuinnimh agus bia a athrú ó bhonn, geilleagar ciorclach agus bithgheilleagar a chruthú, a chinntiú go bhfuil aer glan, uisce glan agus ithreacha glana againn, ár mbithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú agus ár sochaí agus ár mbonneagar a oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide. Teastaíonn T&N ar fud na n-earnálacha agus na ndisciplíní go léir chun réitigh ar an athrú aeráide agus dúshláin chomhshaoil agus inbhuanaitheachta níos leithne a shainaithint. Tacóidh sé freisin

le Cuspóir Náisiúnta Aeráide na hÉireann a bhaint amach, arna shainiú san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 mar "*an t-aistriú go geilleagar a bheidh aeráidseasmhach, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráidneodrach*" agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip in Éirinn.

Beidh ón lá inniu go dtí 2030 ina thréimhse ríthábhachtach inár n-aistriú chuig geilleagar agus sochaí a bheidh aeráidneodrach agus tíosach ar acmhainní agus chun Éire a chur ar an mbealach ceart chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Leagtar amach i *bPlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann* (2021) clár oibre uile-Rialtais atá cuimsitheach agus uaillmhianach maidir leis sin. Éilítear leis an aeráid, mar aon le dúshláin chomhshaoil agus inbhuanaitheachta eile, T&N ina gcuimsítear raon leathan réimsí lena n-áirítear aeráid agus bithéagsúlacht, foraoiseacht inbhuanaithe agus córais bhia, taighde mara, dícharbónú córas fuinnimh agus foinsí inathnuaite, iompar inbhuanaithe, tithíocht agus tionsclaíocht agus an t-aistriú chuig timpeallacht truaillithe nialasaigh, geilleagar ciorclach agus bithgheilleagar. Cinnteoimid go mbeidh an fhianaise agus an chomhairle eolaíoch is fearr ar fáil mar bhonn taca ag beartas an Rialtais. Tacóimid le forbairt agus le soláthar gealltanas T&N ar bhealach comhoibritheach, lena n-áirítear gealltanais sa *Phlean Gníomhaíochta Aeráide*, lena chinntiú go ndéanaimid comhthionchar T&N a mhéadú chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

## T&N, Aeráid, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht

**Tá Éire tiomanta do ghníomhaíocht bhunathraitheach ar fud an Rialtais agus na sochaí chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, chun ár gcomhshaol a chosaint agus chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúil a chinntiú. Tá an ghníomhaíocht seo ar aon dul leis an gComhaontú Glas don Eorpach, ina gcuirtear le chéile freagairt na hEorpa ar na dúshláin sin agus a stiúrfar léi aistriú ar fud AE go sochaí a bheidh aeráidneodrach, cóir agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch.**

**Is cumasóir tábhachtach é T&N maidir lenár spriocanna a bhaint amach. Tá taighde ardchaighdeáin ríthábhachtach chun bonn fianaise láidir, tráthúil agus éifeachtach a sholáthar do bheartas ar fud na ngníomhaíochtaí go léir agus chun an bonn a sholáthar chun an nuálaíocht táirgí, próiseas agus eagraíochtúil a theastaíonn chun Éire a aistriú go tír aeráidneodrach agus inbhuanaithe. Beidh deiseanna ag gabháil le geilleagar dícharbónaithe. Is léir go bhfuil na deiseanna siúd ag teacht chun cinn san éifeachtúlacht fuinnimh, san fhuinneamh athnuaite, san aisghabháil acmhainní agus sa gheilleagar ciorclach agus sa bhithgheilleagar, agus is gá iad a fhorbairt go córasach tríd an taighde agus an nuálaíocht.**

**Tá éiceachóras láidir T&I cláraithe agus forbartha go straitéiseach ag Éirinn le blianta beaga anuas. Anois is gá é a fhorbairt níos mó d'fhonn a chinntiú go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht eolaíoch, theicneolaíoch agus shóisialta chun ár gcuid spriocanna aeráide, fuinnimh agus comhshaoil a bhaint amach.**

### 1.2.2 Bunathrú Digiteach

**Ról an T&I i mbunathrú digiteach na hÉireann a uasmhéadú**

Tá feidhmíocht dhigiteach na hÉireann san Eoraip láidir agus ag dul chun feabhais i gcónaí, agus í sa chúigiú áit as na Ballstáit san Innéacs um Gheilleagar agus Shochaí Dhigiteach (IGSD) 2021. Cuirfidh ár

straitéis náisiúnta dhigiteach "*Harnessing Digital - The Digital Ireland Framework*" leis an bhfeidhmíocht sin, agus é ar aon dul le Compás Digiteach an AE. Trí leas a bhaint as na gnéithe nuálacha digiteacha agus na léargais dhigiteacha a baineadh amach de thoradh na paindéime, stiúrfaidh an straitéis bunathrú digiteach leanúnach thar cheithre réimse mar atá Fiontraíocht, Scileanna, Bonneagar Digiteach agus Seirbhísí Poiblí Digiteacha. Tá taighde chun dul chun cinn digiteach agus nuálaíocht dhigiteach a spreagadh ar fud earnáil na fiontraíochta, na hearnála poiblí agus an gheilleagair i gcoitinne ríthábhachtach chun tacú le mianta na hÉireann um bhunathrú digiteach. Le linn na straitéise, cuirfimid chun cinn Plean Náisiúnta Gníomhaíocha Straitéisí um Ríomhaireacht Chandamach.

## An Saol Digiteach a chur chun Tairbhe - Creat um Éirinn Dhigiteach

**I *Harnessing Digital – The Digital Ireland Framework* leagtar amach creat ardleibhéil chun tacú lenár mian go mbeadh Éire ina ceannaire digiteach, ag croílár na bhforbairtí digiteacha san Eoraip agus ar fud an domhain.**
**Trí mheán an chreata, déanfaidh an Rialtas an t-aistriú digiteach a stiúradh agus a chumasú, agus é ag cabhrú le leas ár gcuid saoránach agus éifeachtúlacht ár seirbhísí poiblí a bharrfheabhsú chomh maith le táirgiúlacht agus nuálaíocht ár bhfiontraíochta, in éineacht lenár n-iomaíochas agus ár n-inbhuanaitheacht ar an iomlán.**

**Cuimsíonn *An Saol Digiteach a chur chun Tairbhe*, spriocanna, sruthanna oibre ardleibhéil agus spriocanna inghnóthaithe gaolmhara thar cheithre ghné lárnach: Bunathrú Digiteach an Ghnó; An Bonneagar Digiteach; Scileanna agus Digitiú na Seirbhísí Poiblí.**

**Cuimsíonn gné na Fiontraíochta béim ar athrú ó bhonn a stiúradh i ndigitiú an ghnó; tarraingteacht na hÉireann a choimeád mar ionad um fhiontair dhigiteacha mór le rá; agus cinntiú go mbainfimid an oiread tairbhí agus is féidir as na buntáistí ginearálta a bhaineann leis an digitiú don éiceachóras i gcoitinne, i réimse na táirgiúlachta, na nuálaíochta agus an iomaíochais.**

**Tá Éire ceangailte go maith ar fud an domhain, agus éiceachóras againn de chuideachtaí teicneolaíochta ilnáisiúnta agus dúchasacha, chomh maith le hinstitiúidí taighde agus acadúla atá dírithe ar na teicneolaíochtaí digiteacha, agus bainfear leas astu siúd le deiseanna a chruthú chun ár gcuid mianta a chomhlíonadh. Mar chuid den obair sin, leanfaidh an Rialtas air ag díriú ar réimsí nua fáis um dheiseanna agus thaighde ar nós na ríomhaireachta candamaí, Intleachta Saorga, blocshlabhra, Idirlíon na nEarraí, sláinte nasctha, 5G, an néalríomhaireacht, feithiclí neamhspleácha ceangailte, agus Mórshonraí.**

### 1.2.3 Iomaíochas Eacnamaíoch

**Stiúrann taighde, forbairt agus nuálaíocht i réimse na fiontraíochta ár n-iomaíochas náisiúnta agus cuireann siad ar an mbealach is fearr le tosaíochtaí náisiúnta eile.**
Tá ról lárnach ag an bhfiontraíocht in éiceachóras T&N na hÉireann. Maoiníonn sí, déanann sí comhpháirtíochtaí, agus tugann sí faoin taighde agus faoin nuálaíocht ar fud speictream iomlán an leibhéal réidhe teicneolaíche (LRT), ón taighde is bunúsaí go forbairt táirgí, réiteach agus seirbhísí nua. Stiúrann taighde, forbairt agus nuálaíocht san fhiontraíocht an t-iomaíochas, an táirgiúlacht agus an fheidhmíocht ard san fhiontraíocht agus, thar aon rud eile, cuireann siad ar chumas gnóthas tionchar bunathraitheach a imirt ar an tsochaí, trí chomhpháirtíochtaí a dhéanamh le haghaidh réiteach chun dul

i ngleic leis na dúshláin is práinní sa tsochaí; an cúram sláinte, an t-oideachas, an cothú agus gníomhú ar son na haeráide chomh maith le gnéithe eile nach iad. Beidh ár ráth maidir le fás cothrom faoi stiúir na nuálaíochta ag ár gcuid fiontar a stiúradh ag croílár dhianseasmhacht eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann agus a bunathrú amach anseo. Tá Colún 3, *Rath na Fiontraíochta a Stiúradh ag an Nuálaíocht*, ina cholún lárnach inár straitéis náisiúnta T&N, rud a léiríonn a raon feidhme agus a thionchar.

### 1.2.4 Sláinte agus Folláine

**Ról na T&N a uasmhéadú maidir le sláinte agus leas mhuintir na hÉireann a chothú agus a bhreisiú.**
Ní gá mórán a rá faoi ról na T&N sa tsláinte agus san fholláine agus paindéim COVID-19 tógtha san áireamh. Ní féidir seirbhís sláinte ardfheidhmíochta a shamhlú gan an taighde agus an nuálaíocht sláinte a bheith cumhdaithe sa soláthar seirbhísí, agus tacaíocht a bheith tugtha do chliniceoirí agus do ghairmithe sláinte eile chun tabhairt faoin taighde agus é a úsáid. Ní hamháin go mbaineann á thábhacht leis an taighde cliniciúil, ach freisin le taighde ar sheirbhísí sláinte, taighde ar shláinte an daonra agus ar an mbeartas sláinte. Tá *Straitéis 2025* de chuid an Bhord Taighde Sláinte ábhartha don rún náisiúnta i gcoitinne um ról an chóras T&N. Leagtar amach fís inti don tsláinte níos fearr trí thaighde, shonraí agus fhianaise den scoth, agus is é a mhisean ná *"tacú le taighde a fheabhsaíonn sláinte daoine, a chuireann chun cinn cúram fianaise-bhunaithe agus a chruthaíonn réitigh ar dhúshláin na sochaí." Tá an tseirbhís sláinte ina comhpháirtí ríthábhachtach don chóras iomlán um thaighde sláinte náisiúnta, agus féachtar le Plean Gníomhaíochta an FSS don Taighde Sláinte* (2019-2029) chuig cultúr taighde agus nuálaíochta a stiúradh ar fud na heagraíochta, agus ar an mbealach sin comhar luachmhar agus inbhuanaithe a éascú le hinstitiúidí acadúla agus maoinitheoirí agus an deis a mhéadú chun tionchair taighde a aistriú go beartas agus cleachtas.

### 1.2.5 Talmhaíocht, Bia agus Muir

**Bheith mar earnáil agraibhia agus bhithgheilleagar nuálach, iomaíoch agus dianseasmhach, a bheidh stiúrtha ag córas dinimiciúil um malairt eolais, sonraí, teicneolaíocht agus tallann.**
De réir *Food Vision 2030*, tiocfaidh Éire chun bheith ina ceannaire domhanda sna córais bhia inbhuanaithe i gcaitheamh na ndeich mbliana atá le teacht. Tá ról lárnach ag an T&N maidir leis an bhfís seo a chomhlíonadh agus tá na spriocanna comhpháirteacha, ar nós cur chuige atá dírithe ar dhúshláin a chur chun cinn, córas dinimiciúil um malairt eolais a fhorbairt, úsáid fheabhsaithe sonraí agus na teicneolaíochta agus tallann éagsúil agus uileghabhálach a chothú, ag teacht go soiléir lenár gcur chuige náisiúnta i dtreo T&N de réir na Straitéise sin.

## Tionscnaimh Shuaitheanta faoi Cholún a hAon:

1. Bunófar gníomhaireacht náisiúnta nua chun fís na Straitéise seo a chomhlíonadh mar atá T&N ag croílár fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann agus a freagairt do dhúshláin mhóra. Tabharfaidh sé sin le chéile agus forbróidh sé buanna na Comhairle um Thaighde in Éirinn agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

2. Tabharfaidh an tAire um Breisoideachas agus Ardoideachas, Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ar aghaidh Bille Taighde cinniúnach, chun feidhm a thabhairt don ghníomhaireacht mhaoinithe iomaíoch nua um T&N. Bainfimid leas as an deis seo chun machnamh a dhéanamh ar ghnéithe ginearálta an bheartas náisiúnta taighde.

3. I gClár Náisiúnta na nDúshlán Mór bainfear úsáid as dúshláin a bheidh dírithe ar mhisin chun taighdeoirí a spreagadh le tionchair inbhraite a bhaint amach don tsochaí i réimsí mar an tsláinte, an talmhaíocht agus an aeráid.

4. Beidh tionchar an chóras taighde phoiblí ar an déanamh beartais neartaithe ag feidhm thiomnaithe Fianaise don Bheartas sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a fhorbróidh ceangail idir taighdeoirí agus iad siúd atá ag obair ar fud an Rialtais i bhforbairt agus/nó i gcur i bhfeidhm an bheartais.

5. Bunófar struchtúir nua eolaíochta chun líonraí cumas taighde a cheangal le tosaíochtaí an Rialtais agus le riachtanais um shaineolas.

6. Tabharfar deis do dhaoine ar fud na hÉireann bonn eolais a chur faoin bpróiseas taighde, ag tosú leis na haschuir ón bhfeachtas Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí.

7. Déanfaidh córas T&N na hÉireann a thionchar a uasmhéadú ar chláir oibre ríthábhachtacha de chuid Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara go léir an Rialtais.



Colún a Dó

# Tionchar na Struchtúr Taighde agus Nuálaíochta ar an bhFeabhas agus ar Thorthaí

# Colún a Dó: TIONCHAR NA STRUCHTÚR TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA AR AN BHFEABHAS AGUS AR THORTHAÍ

***Soláthraíonn struchtúr na Straitéise agus an tírdhreach institiúide timpeallacht ina thugtar luach saothair as an tallann agus an bhfeabhas agus ina dhearbhaítear an tionchar.***

Beidh forbairt bonn fianaise um infheistíocht agus thionchar T&N ina gné ríthábhachtach den bhealach is fearr lenár gcóras T&N a ailíniú le riachtanais náisiúnta agus dúshláin mhóra. Tabharfaimid faoi athbhreithniú cuimsitheach air sin chun tacú le forbairt beartais agus infheistíocht phoiblí amach anseo.

Tá infheistíocht an Rialtais i T&N ag druidim le €1 bhilliún in aghaidh na bliana faoi láthair. Mar chuid dár sprioc fhoriomlán um ráta déine an taighde mar atá 2.5% de GNI*, leanfaimid ar aghaidh ag méadú infheistíocht phoiblí d'fhonn na réitigh, na daoine agus na comhair acadúla-fiontair a sholáthar a thacóidh le geilleagar láidir agus inbhuanaithe a thabharfaidh aghaidh ar dhúshláin lárnacha eacnamaíocha agus sóisialta. Le struchtúir láidre comhairleacha, rialachais agus maoirseachta, déanfar cinnte go mbeidh ról lárnach ag T&N maidir le beartais an Rialtais a chur i gcrích, agus tionchar an T&N ar ár ngeilleagar agus ár sochaí á gcur in iúl chomh maith le tacú le hinfheistíocht mhéadaithe i T&N, idir infheistíocht phoiblí agus phríobháideach.

Ar fud na réigiún, cuirfidh bunú na n-Ollscoileanna Teicneolaíocha go mór le T&N a spreagadh, lena n-áirítear comhar le fiontar a stiúradh, agus plé a mhéadú leis an mbonn dúchasach fiontraíochta ach go háirithe. Tacóimid le méadú na gníomhaíochta T&N acu chomh maith le cumas institiúide. Forbróimid creat um infheistíocht sa bhonneagar taighde amach anseo ar fud chóras iomlán an taighde phoiblí chun tosaíocht a thabhairt do riachtanais agus deiseanna lárnacha aitheanta an chórais agus iad a chur chun cinn.

Tá caighdeán aon mhéadaithe ar ghníomhaíocht T&N ríthábhachtach chun leanúint ar aghaidh le feabhas an taighde in Éirinn agus déanfaimid cinnte go léireoidh cleachtais ar fud rannpháirtithe sa taighde poiblí an dea-chleachtas idirnáisiúnta is deireanaí, agus leas á bhaint as ról lárnach maoirseachta an ÚAO maidir leis an gcóras um thaighde ardoideachais, ról atá á threisiú ag reachtaíocht nua.

## 2.1 Tionchar an Chórais

**Feabhas a chur ar an gcaoi a sainítear, a stiúrtar agus a dhéantar maoirseacht ar thionchar T&N.**
Is gnách go ndéantar gníomhaíocht taighde a thomhas ó thaobh torthaí acadúla ar nós foilseachán agus sleachta, agus níos deireanaí anseo, trína thionchar ar an bhfiontraíocht, mar a stiúrtar ag *Nuálaíocht 2020*. Tá an dá chineál sin tionchair fós ag croílár thábhacht bhunúsach an fheabhas taighde agus a thoradh ar an infheistíocht phoiblí. Agus í ag cur le tábhacht na dtionchar acadúil agus eacnamaíoch, cuirtear béim lárnach sa Straitéis seo ar thionchar T&N a mhéadú ar bhealaí eile ar nós ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil, ar shláinte agus fholláine. Léiríonn sé sin an t-aitheantas méadaithe ar fud an domhain do na foirmeacha agus na cainéil éagsúla de thionchar T&N. Agus í ag ceapadh méadrachtaí cuí um measúnú náisiúnta, féachfaidh an ghníomhaireacht nua um mhaoiniú iomaíoch de chuid an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i dteannta le maoinitheoirí taighde phoiblí eile, chuig aitheantas agus dreasachtaí cuí um thionchair sa saol acadúil, lena n-áirítear taighdeoirí, an lucht acadúil, an fhiontraíocht, an beartas poiblí agus plé níos leithne.


Feabhsóimid fianaise agus measúnú ar fheidhmíocht chóras T&N na hÉireann. Mar bhonnlíne, tabharfaimid faoi athbhreithniú cuimsitheach ar thionchar an T&N in Éirinn go dtí seo, agus muid ag iniúchadh cé chomh maith is a thagann buanna an chórais leis na riachtanais agus na dúshláin náisiúnta. Treoróidh an próiseas sin forbairt beartais agus infheistíocht phoiblí amach anseo, agus cuirfidh sé bonn eolais faoi cheisteanna maidir le haon fhorbairt amach anseo ar an gcóras náisiúnta um thosaíocht taighde.

Forbróimid tuiscint níos cuimsithí ar, agus cur chuige níos cuimsithí i dtreo mheasúnú taighde. Beidh bailiú feabhsaithe agus anailís fheabhsaithe ar shonraí ag croílár na tuisceana sin, agus beidh ról tábhachtach ag an Aonad Fianaise don Bheartas de chuid an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde agus Nuálaíochta chuige sin. Trí chaidreamh na Roinne nua le Ranna Rialtais eile agus le rannpháirtithe eile sa T&N, ullmhaítear é leis an tosaíocht sin a chur chun cinn ar leibhéal an chóras T&N. Oibreoimid leis na páirtithe leasmhara go léir, rannpháirtithe agus maoinitheoirí, le cinntiú go léireoidh a gcuid cur chuige an dearcadh níos cuimsithí sin i leith tionchar an T&N a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh air.

## 2.2 Rialachas agus Maoirseacht na Straitéise

**Fóram Comhairleach T&N a bhunú chun treoir agus comhairle beartais maidir le T&N a thabhairt don Rialtas.**

Agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta á léiriú, bunóimid Fóram Náisiúnta Comhairleach um T&N, a ndéanfaidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta cathaoirleacht air. Cuirfidh an Fóram struchtúr comhaontaithe ar fáil um phlé idir baill den phobal taighde agus nuálaíochta agus cinnteoirí beartais. Beidh na baill déanta suas d'eagraíochtaí ionadaíochta poiblí don taighde, ionadaithe tionscail agus pobail, chomh maith le saineolaithe idirnáisiúnta. Leagfar cúram ar an bhFóram as iniúchadh a dhéanamh agus comhairle a thabhairt i leith cheisteanna lárnacha beartais chun tacú lenár n-iarracht ar son córais chomhtháite, fhreagrúil don taighde poiblí a mbeidh tionchar mór aige, éiceachóras nuálaíochta den chéad scoth, agus ár mianta um cheannaireacht idirnáisiúnta sa nuálaíocht. Cuimseoidh sé sin comhairle a chur ar an Rialtas faoi fhorbairt agus threoir straitéiseach an chóras náisiúnta T&N, mar shampla trí húsáid a bhaint as cleachtaí straitéiseacha um fhadbhreathnaitheacht d'fhonn réimsí nua a aithint a d'fhéadfadh a bheith cuí um thosaíocht náisiúnta, agus conas is fearr an clár oibre náisiúnta um T&N agus an clár oibre náisiúnta scileanna i gcoitinne a cheangal le chéile.



**Struchtúir láidre rialachais agus maoirseachta a bhunú chun fís agus mian *Impact 2030* a chomhlíonadh.**

De réir mar a chuaigh córas T&N na hÉireann i méid le fiche bliain anuas, tá líon na Ranna agus na ngníomhaireachtaí Rialtais atá rannpháirteach sa taighde imithe i méid freisin. Thug os cionn daichead Roinn, gníomhaireacht agus oifig Rialtais tuairisc ar chaiteachas poiblí sa suirbhé ar an mBuiséad T&F 2020-21. Neartóimid treoir agus comhar beartais i leith T&N agus cinnteoimid go gcuirfear i bhfeidhm an Straitéis trí Ghrúpa Stiúrtha a bhunú um *Impact 2030* chomh maith le Fóram um Chur i bhFeidhm *Impact 2030* chun tacú le nádúr uile-Rialtais na Straitéise seo.

Tionólfar Grúpa Stiúrtha um *Impact 2030* agus é déanta suas de na cúig Roinn maoinithe is mó um T&F – an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Sláinte, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, atá freagrach as 95% den mhaoiniú poiblí um T&N, i dteannta le Roinn an Taoisigh. Leagfar cúram ar an nGrúpa Stiúrtha sin as dul chun cinn na Straitéise a stiúradh, treoir an bheartas T&N a stiúradh ar bhealach níos solúbtha agus freagrúla ar fud Ranna lárnacha an Rialtais. Ról tábhachtach a bheidh ag an nGrúpa seo ná leas a bhaint as infheistíocht níos leithne – idir an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach – sa T&N chun na mianta a chomhlíonadh atá leagtha amach sa Straitéis agus cuimseoidh sé sin oibriú le chéile chun:

- T&N a shuíomh mar ghné lárnach den phróiseas um cheapadh beartais phoiblí;
- Machnamh a dhéanamh ar chuir chuige chomhpháirteacha i dtreo deiseanna maoinithe lasmuigh den Státchiste ó fhoinsí idirnáisiúnta nó daonchairdiúla, lena n-áirítear Horizon Europe; agus
- Fianaise agus cur in iúl níos fearr i leith thionchar an infheistíocht T&N ar an ngeilleagar, ar an timpeallacht agus ar dhaoine.

Bunófar Fóram Cur i bhFeidhm níos leithne agus é déanta suas de Ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais a mhaoiníonn agus/nó a dhéanann T&N chun plé le hobair an Ghrúpa Stiúrtha agus tacú leis an obair. Leagfar cúram ar an bhFóram Cur i bhFeidhm as oibriú le chéile chun go mbainfear an toradh is mó agus is féidir as infheistíocht phoiblí i T&N. Áireoidh sé sin dea-chleachtas a chumhdach, gníomhaíochtaí ábhartha a chomhordú, eolas a roinnt agus dul i gcomhairle i leith saincheisteanna coiteanna ar bhealach struchtúrtha. Féachfaidh an Fóram Cur i bhFeidhm chuig comhsheasmhacht an chuir chuige agus comhleanúnachas a fheabhsú ar fud maoinitheoirí agus rannpháirtithe, go háirithe thar ghrúpaí éagsúla taighde agus nuálaíochta, chun cinntiú go léiríonn tosaíochtaí T&N ár gclár oibre náisiúnta agus cur le tionchar an chórais phoiblí um thaighde agus nuálaíocht.

## 2.3 Forbairt Thírdhreach an Ardoideachais in Éirinn

**Feabhas taighde agus tionchar T&N na n-ollscoileanna seanbhunaithe in Éirinn a threisiú.**

Cuireann ardoideachais seanbhunaithe diantaighde bonn ar fáil um fheidhmíocht chóras poiblí na hÉireann um T&N. Léirítear sa suirbhé is deireanaí ar Chaiteachas Ardoideachais ar T&N (2018-19) go raibh siad freagrach as 82% den chaiteachas ar an taighde ardoideachais in 2018, suíomh a bhí léirithe lena bhfeidhmíocht in Horizon 2020 áit a bhfuair siad 85% d'iomlán na leithdháiltí maoinithe in Éirinn d'institiúidí ardoideachais. Beidh na hinstitiúidí sin fós ag croílár an chóras poiblí T&N in Éirinn agus beidh siad chun tosaigh agus an Straitéis seo á cur i gcrích.

**Tionchar na n-Ollscoileanna Teicneolaíochta nua ar ghníomhaíocht réigiúnach T&N a uasmhéadú.**

Athrú mór struchtúrach i dtimpeallacht T&N na hÉireann atá i mbunú na n-Ollscoileanna Teicneolaíochta (OTanna). Forbairt shuntasach atá i gcruthú cúig OT ar fud na tíre agus déanfaimid an fhorbairt sin a bharrfheabhsú chun go mbainfear an oiread tairbhe agus is féidir aisti maidir le T&N réigiúnach. Anois go bhfuil céim a mbunaithe thart, aistrítear an bhéim chuig forbairt acmhainne agus tionchar na n-OTanna. Feabhsóidh siad a luach dá gcuid páirtithe leasmhara (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don fhiontraíocht) trí leas a bhaint as a scaipeadh réigiúnach agus a mbéim ar an teicneolaíocht. Déanfaidh siad luach a gcumas méadaithe T&N a uasmhéadú le haghaidh comhar le tionscail agus cháilíocht céimithe.

Neartóimid cumas réigiúnach institiúideach T&N lena n-áirítear trí mhaoiniú breise a lorg faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) um chláir réigiúnacha don chomhtháthú T&N ionas go mbeidh na OTanna ullmhaithe i gceart chun leibhéil mhéadaithe na gníomhaíochta a láimhseáil agus leas a bhaint as ar mhaithe le torthaí tairbhiúla do gach páirtí leasmhar.

D'fhonn na príomh-mholtaí i dtuarascáil 2019 de chuid Líonra Taighde na n-Ollscoileanna Teicneolaíochta a chur i gcrích, tuarascáil ina leagtar amach an treoirphlean um fhorbairt rathúil OT, tugadh coimisiún don OECD chun tabhairt faoi athbhreithniú le hiniúchadh a dhéanamh ar na struchtúir agus na meicníochtaí cuí a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh OTanna nua in ann a gcuid misean agus a gcuid cuspóirí straitéiseacha i gcoitinne a bhaint amach. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe, déanfaimid iniúchadh ar mholtaí cuí an OECD maidir le struchtúir agus conarthaí cuí um ghairmeacha acadúla agus féachfaimid chuig na moltaí sin a chur ar aghaidh.

### Ollscoileanna Teicneolaíochta

**Nuair a bheidh cumas cuí acu, feabhsóidh OTanna go mór an dul chun cinn i dtreo tosaíochtaí náisiúnta sna réimsí seo a leanas; rochtain ar an ard-oideachas, teagasc agus foghlaim a bheidh treoraithe ag an taighde, forbairt acmhainne taighde, tacú leis an bhfiontraíocht, nuálaíocht agus aistriú eolais a chothú agus forbairt réigiúnach a fheabhsú.**

**Ar aon dul le moltaí na dtuarascálacha ar an TURN agus an tSamhail Leithdháilte um Maoiniú Athfhillteach agus mar chuid den chur chuige i dtreo inbhuanaitheacht an mhaoinithe amach anseo, tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an ÚAO ag tabhairt faoi shamhail uilíoch costála a fhorbairt do gach Institiúid Ardoideachais chomh maith le samhail nuashonraithe um dháileadh maoinithe athfhilltigh. Leis an tsamhail sin thabharfadh OTanna agus ollscoileanna traidisiúnta tuairisc ar chostais agus bheadh rochtain acu ar an maoiniú ar bhealach níos comparáidí lena n-áireofaí rochtain ar mhaoiniú athfhillteach a bheadh dírithe ar an taighde. Tá €40 milliún á leithdháileadh ó 2022 ar leasuithe ar oideachas OT de réir an *Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Dianseasmhachta*. Tá an Roinn ag iarraidh tacaíocht bhreise faoin ERDF um fhorbairt acmhainne le haghaidh T&N institiúide.**

## 2.4 Bonneagar Taighde

**Riachtanais agus deiseanna tosaíochta an chórais a chur chun cinn trí chreat um infheistíocht sa bhonneagar taighde amach anseo.**

Tá an bonneagar taighde ina ghné ríthábhachtach de thimpeallacht chumasaithe T&N. Faoi chláir roimhe seo, dámhadh €1.2 billiún idir 1998 agus 2010 um fhorbairt ghinearálta acmhainne trí mheán foirgneamh, trealaimh agus clár struchtúrtha um chéimeanna taighde. Le deich mbliana anuas, rinneadh infheistíocht spriocdhírithe i bhfoirgnimh agus i dtaighde trealaimh um eagraíochtaí taighde poiblí, chomh maith le cláir iarchéime PhD. Tá an chaoi a sainímid an taighde athraithe le himeacht ama, agus béim i bhfad níos láidre curtha anois ar an mbonneagar digiteach, mar shampla. Aithnímid freisin an gá méadaithe le bonneagar ar leibhéal náisiúnta, chun leas rannpháirtithe agus cuspóirí iomaí, agus riachtanais bhonneagair a léiriú ar fud gach disciplín.

Mar bhonnlíne, déanfaidh an toradh ar infheistíocht i saoráidí reatha a uasmhéadú trí hathbhreithniú a dhéanamh ar a riocht agus a n-inrochtaineacht a bharrfheabhsú le bunachar sonraí cuimsitheach suas le dáta de bhonneagar taighde atá maoinithe go poiblí. Tabharfaimid faoi mheasúnú neamhspleách ar riachtanais bhonneagair, agus tagairt déanta don mhéid seo a leanas:

- Trealamh de scála níos lú i rannpháirtithe taighde;
- Trealamh mór, cé gur óstáiltear ag eagraíocht amháin é, gur féidir a roinnt le roinnt eagraíochtaí; agus
- Bonneagair ar leibhéal náisiúnta (lena n-áirítear bonneagair sonraí) chun cláir oibre ghinearálta náisiúnta agus Eorpacha a chur i bhfeidhm.

Oibreoimid ar fud an Rialtais chun creat a fhorbairt le haghaidh infheistíocht caipitil taighde agus nuálaíochta amach anseo chun na príomhriachtanais bhonneagair a shainaithint. Cuimseoidh an creat machnamh ar conas is fearr leas a bhaint as foinsí maoinithe na hearnála príobháidí agus foinsí seachtracha maoinithe eile. Bainfear leas as má thagann aon mhaoiniú bliana chun bheith ar fáil faoin PFN athnuaite. Déanfaimid cinnte má tharlaíonn gannchaitheamh i leith mhaoiniú PFN, agus é ath-leithdháilte go maoiniú T&N, gur féidir é a tharraingt síos go héifeachtach agus go héifeachtúil le fógra gairid agus i gcomhréir le sceideal comhaontaithe tosaíochtaí, agus ar an mbealach sin freastal is fearr ar riachtanais ar fud an chórais. Tabharfar aird leis an gcreat ar na himpleachtaí gaolmhara um fhoireann theicniúil agus thacaíochta agus freisin ar riachtanais fhorbartha na n-Ollscoileanna Teicneolaíocha.

## 2.5 Cultúr Taighde

**Dea-chleachtais taighde a chumhdach chun feabhas sa taighde agus torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach.**

Tá feabhas sa taighde ag croílár chaighdeán na ngníomhaíochta agus na dtorthaí taighde go léir. Chomh maith le saineolas réimse, is é atá i gceist leis ná raon forbartha de chleachtais taighde ar gá do rannpháirtithe taighde a chumhdach ina gcuid gníomhaíochtaí. Forbraíodh *Prionsabail an Dea-Chleachtais sa Taighde in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann in* 2019 chun creat soiléir agus comhsheasmhach a chur ar fáil um institiúidí ardoideachais ar féidir leo na cleachtais sin a shuíomh laistigh de. Faoi *Nuálaíocht 2020*, rinneadh dul chun cinn suntasach go háirithe maidir leis na cláir oibre um Thaighde Oscailte agus Ionracas Taighde mar thoradh ar dhíograis na ngrúpaí oibre gaolmhara: an Fóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte agus an Fóram Náisiúnta um Ionracas Taighde faoi seach. Tacóimid le dul chun cinn leanúnach i leith na gclár oibre lárnach beartais sin, agus Éire á suíomh mar eiseamláir idirnáisiúnta dea-chleachtais.

### Taighde Oscailte

**National Open Research Forum (NORF) / Bunaíodh Fóram Taighde Oscailte Náisiúnta na hÉireann in 2017 chun an clár náisiúnta don taighde oscailte a stiúradh. Faoi chathaoirleach an Bhord Taighde Sláinte agus an Údarás Ardoideachais, d'ullmhaigh FTON an *Creat Náisiúnta um Aistriú chuig Timpeallacht Taighde Oscailte* (2019) de chuid na hÉireann ina chuirtear in iúl cuspóirí náisiúnta i réimse na rochtana oscialte ar fhoilseacháin taighde, chun sonraí FAIR (Findable, Accessible, Interoperable, Reusable/Inaimsithe, Inrochtana, Idirinoibritheach, Ath-inúsáidte) a chumasú le haghaidh rochtana ar agus caomhnú taighde, scileanna agus inniúlachtaí, agus dreasachtaí agus luachanna saothair. Foilsíodh anailís bhreise ag FTON i d*Tuarascáil Náisiúnta ar Thírdhreach Taighde Oscailte (2021)* agus sna coimrí beartais a ghabh leis. Beidh an obair sin mar bhonn eolais um *Phlean Gníomhaíochta don Taighde Oscailte*, atá le foilsiú in 2022. Tá pleananna na hÉireann ailínithe go maith le moltaí eagraíochtaí lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus UNESCO, a iarrann go ndéanfaí an taighde a roinnt níos tapa agus ar bhealach níos trédhearcaí chun tairbhe na heolaíochta agus na sochaí. Le tacaíocht mhéadaithe don taighde oscailte beifear in ann an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur i gcrích, úsáid cleachtas taighde oscailte a bhrostú, agus Éire a shuíomh mar cheannaire sa taighde oscailte.**

Déanfaimid monatóireacht agus nuashonrú ar *Phrionsabail Dea-Chleachtais an ÚAO* ionas go léireoidh siad na forbairtí is deireanaí sa dea-chleachtas domhanda. Cabhróidh "*An Rialtas a Nascadh: straitéis dhigiteach agus TFC um Sheirbhís Phoiblí na hÉireann*" le leas a bhaint go héifeachtach as sonraí atá i seilbh na Seirbhíse Poiblí mar shampla trí roinnt níos fearr sonraí, agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar a n-úsáid mar shonraí i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas poiblí. Freisin cuirtear níos mó béime i gcónaí ar ghlasú an ghníomhaíocht T&N trí lorg saotharlann ar an timpeallacht a laghdú. Ó tharla go bhfuil clár oibre leathan cuimsithe na Roinne i bhfeidhm, mar atá curtha in iúl ina Ráiteas Straitéise, neartóimid an ghné CÉC den taighde gníomhaíochta. Cothóimid níos mó feasachta ar an timpeallacht taighde domhanda agus ar fhreagrachtaí gaolmhara rannpháirtithe taighde, ar nós iad siúd faoi rialacháin um rialuithe onnmhairí.

Ní bhainfear amach athrú ach má tá dea-chleachtais reatha agus nua cumhdaithe ar fud na rannpháirtithe go léir sa taighde poiblí agus gach disciplín taighde. Le tabhairt isteach reachtaíocht nua ÚAO den chéad uair le caoga bliain déantar soiléiriú ar agus feabhsaítear caidreamh maoirseachta agus rialachais na heagraíochta sin leis na hinstitiúidí ardoideachais. Déanfaimid cinnte go gcuirfidh gach institiúid ardoideachais i bhfeidhm na *Prionsabail Dea-Chleachtais*. Anuas air sin cuirfimid chun cinn tacaíocht do na Prionsabail sin ag rannpháirtithe eile sa taighde poiblí.

## Tionscnaimh Shuaitheanta faoi Cholún a Dó:

8. Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras T&N na hÉireann chun iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta go dtí seo ar chláir oibre náisiúnta, agus ar an mbealach sin bonn eolais a chur faoin treoir beartais amach anseo, faoi infheistíocht phoiblí agus faoi aon fhorbairt ar thosaíocht taighde amach anseo, chomh maith le bonnlíne a chur ar fáil don mheasúnú leanúnach ar thionchar.

9. Fóram Comhairleach Beartais nua ar Thaighde agus Nuálaíocht a bhunú mar ardán don phobal taighde agus nuálaíochta chun plé leis an Rialtas le hacmhainn agus tionchar an chóras T&N a bharrfheabhsú.

10. Struchtúir rialachais agus mhaoirseachta a neartú chun fís agus mian na Straitéise seo a chomhlíonadh le bunú Grúpa Stiúrtha um *Impact 2030* agus é déanta suas de Ranna lárnacha T&N an Rialtais, agus tacaíocht acu ó Fhóram Chur i bhFeidhm um *Impact 2030*.

11. Cumais taighde na n-Ollscoileanna Teicneolaíochta a leathnú, trína gcuid oifigí T&N a neartú, chun a dtionchar ina gcuid réigiún a uasmhéadú.

12. Creat bonneagair um infheistíocht a fhorbairt chun tionscadail a aithint atá réidh le cur i bhfeidhm, agus ar an mbealach sin aon ath-leithdháileadh ar ghannchaitheamh PFN ar mhaoiniú T&N a bharrfheabhsú.

13. Cinntiú go léiríonn cleachtais taighde na hÉireann na forbairtí is deireanaí sa bheartas T&N agus leas a bhaint as ról lárnach an ÚAO sa chóras taighde AO lena reachtaíocht nua.



Colún a Trí

# Nuálaíocht a Spreagann Rath Fiontar

## Colún a Trí: Nuálaíocht a Spreagann Rath Fiontar

***Spreagann taighde, forbairt agus nuálaíocht faoi threoir na fionraíochta gnólachtaí nuathionscanta, iomaíochas, táirgiúlacht agus ardfheidhmíocht i ngeilleagar na hÉireann, rud a chuireann ar chumas na hearnála gnó cur le hathléimneacht agus aistriú eacnamaíoch agus sochaíoch na hÉireann.***

Tá an nuálaíocht ina colún lárnach inár mbeartas náisiúnta fiontraíochta agus cuirtear béim lárnach uirthi le cúnamh infheistíochta agus comhairle beartais an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta (DETE) agus na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta. Tá cuideachtaí nua atá stiúrtha ag an nuálaíocht ag baint amach réiteach ar dhúshláin agus dheiseanna lárnacha thar réimsí éagsúla ó sheirbhísí airgeadais go cúram sláinte agus oideachas. Tá an nuálaíocht i dtáirgí agus seirbhísí ag tacú le méadú ár mbonn reatha fiontar, agus ag spreagadh ratha i margaí idirnáisiúnta agus méadú onnmhairí, chomh maith le hathléimneacht gnóthas ar an iomlán.

Tá an DETE i gceannas ar sholáthar na mbeartas nuálaíochta fiontraíochta na gclár agus an chúnaimh chun cuspóirí an Rialtais a bhaint amach don earnáil fiontraíochta agus do ghnólachtaí nuálacha, agus é ag soláthar post agus rathúnais do mhuintir na hÉireann. Agus é ag obair le comhpháirtithe ar fud an éiceachóras T&N, díríonn sé ach go háirithe ar ghnóthais nua nuálacha a spreagadh chomh maith leis an nuálaíocht shuaiteach agus forbairt na gcumas agus na scileanna ábhartha T&F. Cuimsíonn sé sin freisin tráchtálú an taighde a stiúradh, cinntiú go bhfuil fiontair atá bunaithe in Éirinn ina rannpháirtithe in éiceachórais na teicneolaíochta teorann, go bhfuil an nuálaíocht ar siúl go forleathan i ngach earnáil fiontraíochta agus go réigiúnach, go bhfuil an timpeallacht cheart chumasaithe i bhfeidhm chun tacú le geilleagar nuálaíochta.

Beidh tionchar díreach ag ár rath maidir le taighde, forbairt agus nuálaíocht arna spreagadh ag fiontair a neartú ar chumas na hÉireann geilleagar rathúil bisiúil a chruthú agus a choimeád agus fostaíocht a fhás, agus lenár spriocanna náisiúnta a bhaint amach chun geilleagar agus sochaí níos glaine, níos glaise a chruthú agus na deiseanna a bhaineann leis an aistriú digiteach a uasmhéadú do chách.

### 3.1 Gníomhaíocht T&N a Mhéadú agus a Dhoimhniú

Is í an earnáil ghnó is mó a spreagann gníomhaíocht T&I in Éirinn, agus í freagrach as nach mór trí cheathrú den infheistíocht náisiúnta i T&N. Le 30 bliain anuas, trí hinfheistíocht leantach i dtionscnaimh taighde, forbartha agus nuálaíochta, tá bonn láidir fiontraíochta forbartha ag Éirinn atá nuálach agus iomaíoch go hidirnáisiúnta, chun fostaíocht, díolacháin agus onnmhairí a mhéadú. Táimid forbartha ó bhonn de 800 comhlacht atá gníomhach i T&F, agus caiteachas taighde de €300 milliún acu, go 1,800 fiontar atá gníomhach i T&F agus a chaitheann níos mó ná €3.4 billiún in aghaidh na bliana ar an taighde agus an bhforbairt.

Tuigimid a thábhachtaí is atá sé an dul chun cinn a choimeád agus leibhéil nuálaíochta na fiontraíochta a leathnú agus a dhoimhniú. I straitéis nua Fhiontraíocht Éireann (EI) *Leading in a Changing World 2022-2024* socraítear mian láidir um fhiontair na hÉireann chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach trí nuálaíocht agus dhigitiú faoi stiúir an chustaiméara agus é mar sprioc don T&N fiontraíochta €1.4 billiún faoi 2024 agus táirgiúlacht a mhéadú faoi 2.5% in aghaidh na bliana. Tá EI ag díriú ar 300 tionscadal breise T&N ar luach os cionn €100,000 agus déanfaidh sé infheistíocht i 400 idirghabháil mhór um dhigitiú le cuideachtaí.

Ar an gcaoi chéanna, tá Éire geallta chun cabhrú le fochuideachtaí eachtracha in Éirinn lena n-acmhainn táirgiúlachta, dianseasmhachta agus nuálaíochta a mhéadú, trí hinfheistíocht in oiliúint agus i mbreisoiliúint a gcuid fostaithe, fáilte a chur roimh thodhchaí na hoibre tríd an gcomhar, plé le cliaint maidir le TF&N a

chur lena gcuid mandáidí in Éirinn nó a shíneadh. Comhlíonfar na mianta sin trí chabhrú le 170 infheistíocht bhreise TF&N, agus caiteachas carnach cliant ar TF&N ag sroicheadh €3.8 billiún faoi 2024, agus 130 infheistíocht bhreise in oiliúint agus i mbreisoiliúint chun caiteachas ar oiliúint agus bhreisoiliúint cliant a mhéadú go €100 milliún.

Rud a léiríonn an bhearna táirgiúlachta idir comhlachtaí teorann ardfheidhmíochta agus an chuid eile den gheilleagar, áfach, ná go bhfuil bearna mhór idir feidhmíocht comhlachtaí IDC agus comhlachtaí dúchasacha ó thaobh chaiteachas agus ghníomhaíocht T&N. Cé go bhfuil comhlachtaí dúchasacha freagrach as os cionn 70% den ghnó a mbíonn T&F ar siúl aige in Éirinn, tá siad freagrach as níos lú ná trian dár n-infheistíocht ghnó i T&F.

**Cumas nuálaíochta na fiontraíochta a leathnú agus a dhoimhniú, laistigh de FBManna dúchasacha ach go háirithe.**

Le linn na Straitéise seo, féachfaidh na gníomhaireachtaí fiontraíochta chuig cumas ilfhachtóiriúil na nuálaíochta a dhoimhniú ar fud bhonn na fiontraíochta. Is é a bheidh i gceist leis sin ná cuir chuige níos saincheaptha a ghlacadh i dtreo cumas gnó a fhorbairt, leas a bhaint as uirlisí diagnóiseacha na nuálaíochta, cártaí scóir agus treochláir; deontais solúbtha, braislí piaraí, seirbhísí comhairleacha pearsantaithe agus oiliúint nuálaíochta faoi stiúir úsáideoirí.

Oibreoidh EI chun cultúr de nuálaíocht leanúnach a chumhdach inár gcuid FBManna dúchasacha agus chun tacú le líon níos mó gnóthas (lena n-áirítear iad siúd atá tacaithe ag an hOifigí Fiontair Áitiúil) chun infheistiú sa nuálaíocht, agus ar scála níos mó, ar aon dul lena gcuid cumas agus mianta.

Leanfaidh ÚFT Éireann ar aghaidh ag stiúradh gníomhaíochta i réimse na nuálaíochta, an taighde agus na forbartha ar fud a mbonn cliant atá freagrach faoi láthair as 70 faoin gcéad de chaiteachas iomlán na hÉireann ar T&F. Bíonn éifeacht ríthábhachtach ag an ngníomhaíocht sin mar atá ÚFT a chumhdach níos mó in Éirinn, an éiceachóras na nuálaíochta a bhonnathrú, agus tionchar eacnamaíoch an IDC a mhéadú.

**Tús áite a thabhairt do réimsí nua deiseanna don fhiontraíocht.**

Tá ceannaireacht T&N a bhaint amach in earnálacha lárnacha áit ar féidir linn an lámh in uachtar a choimeád ó thaobh na hiomaíochta ina réasúnaíocht maidir le tosaíocht an taighde. Tríd an gCleachtadh Tosaíochta Taighde, tá Éire geallta chun a cuid iarrachtaí sa taighde a dhíriú sna réimsí is mó ar dóchúil go mbeidh tionchar láidir acu ar an ngeilleagar agus an tsochaí. Áirítear leo siúd réimsí TFC, lena n-áirítear leathshealtóirí agus teicneolaíochtaí digiteacha, sláinte agus folláine, bia, cothú agus agraitheicneolaíocht, fuinneamh, gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, déantúsaíocht, ábhair agus innealtóireacht, agus seirbhísí agus próisis ghnó.

Chun na deiseanna fiontraíochta go léir a uasmhéadú d'Éirinn, cinnteoimid cur chuige comhleanúnach i dtreo tréimhse ionchasach na todhchaí ionas go mbeidh an fhaisnéis is fearr againn agus is féidir i leith treochtaí domhanda sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht. Bainfear é sin amach trí chomhordú dlúth agus trí dhlúthchomhar ar fud gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais agus trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara na hEorpa chun an dea-chleachtas a thuiscint maidir leis an tréimhse ionchasach a scanadh. Beidh tosaíochtaí don fhiontraíocht amach anseo treoraithe ag anailís gníomhaireachtaí fiontraíochta ar fhorbairtí sa teicneolaíocht agus sa tionscal, chomh maith le straitéisí mar Speisialtóireacht Chliste agus Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta. Thug na gníomhaireachtaí fiontraíochta, mar chuid dá bhforbairt straitéise, faoi anailís fhairsing ar fhorbairtí nua sa teicneolaíocht teorann agus treochtaí ilearnála, mar atá léirithe thíos:

**Meigithreochtaí earnála atá ag teacht chun cinn lena spreagtar deiseanna nua (anailís IDA Éireann ar Mheigithreochtaí Earnála)**

**Ard-déantúsaíocht agus slabhraí soláthair comhtháite (agus tionsclaíocht 5.0 san áireamh)**

**Tionsclaíocht dhigitithe**

**Oibriú trí mheán digiteach**

**Athrú ó bhonn na sláinte**

**Tionscail agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe**

**Deiseanna earnála ag teacht chun cinn (anailís Fiontraíocht Éireann)**

**Táirgeadh agus Tomhaltas Inbhuanaithe**
Bianna próitéine inbhuanaithe
Coipeadh beacht
Pacáistíocht / táirgeadh inbhuanaithe
Tógáil lasmuigh den láthair

**Cothú agus Folláine**
Cothú daonna
Sláinte agus cothú ainmhithe
Míochaine agus diagnóis phearsanta
Sláinte dhigiteach
Folláine arna treorú ag tomhaltóirí

**Teicneolaíocht ghlan**
Hidrigin
Soghluaisteacht chliste
Eangacha cliste agus stóráil
Feirmeoireacht / ceapadh carbóin
Gaoth amach ón gcósta / táirgí in-athnuaite

**Teicneolaíocht dhomhain**
Cibearshlándáil
Teicneolaíocht bhlocshlabhra
IoT (Idirlíon na nEarraí) agus Braiteoirí
Fótónaic
Róbataic chliste
AR (réaltacht bhreisithe) / VR (réaltacht fhíorúil)
Candam

Foinse: Bunaithe ar anailís EI agus ÚFT Éireann ar mheigeathreochtaí agus ar an todhchaí (2020)

**Tionscnaimh bhraslaithe a úsáid chun nuálaíocht a stiúradh chomh maith le buntáiste iomaíoch fiontair.**

Cuirfidh na gníomhaireachtaí fiontraíochta go leor béime ar naisc a neartú idir FBManna, cuideachtaí ilnáisiúnta, eagraíochtaí a dhéanann taighde poiblí agus eagraíochtaí eile de réir na Straitéise seo, chun éifeachtaí na teicneolaíochta, na nuálaíochta agus na scileanna a bhaint amach. I dteannta le tacaí díreacha T&N ar leibhéal comhlachta, tá DETE i gceannas ar bheartas agus chreat náisiúnta um bhraisliú a fhorbairt mar chuid de *Phlean Téarnaimh Geilleagair* na hÉireann (2021). I rith na Straitéise seo, díreoimid ar an tionchar optamach T&N a bhaint amach chomh maith le buntáiste iomaíoch ó ghníomhaíocht bhraislithe i gcomhthéacs na hÉireann.

## 3.2 Comhar tionscail-acadúil agus Tráchtálú Taighde

**Leithne agus doimhne an chomhair idir an fhiontraíocht agus an córas taighde phoiblí a mhéadú.**

Is fada a thuigeann Éire luach na gcomhar tionscail le heagraíochtaí taighde phoiblí agus tá córas cuimsitheach um aistriú eolais forbartha aici a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá an comhar sin riachtanach chun go mbainfí amach luach iomlán na hinfheistíochta sa chóras taighde phoiblí.

Tá an tsraith de thacaí díreacha céimnithe don chomhar tionscail-acadúil – ó Dhearbháin Nuálaíochta go Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta fós ina bhfachtóirí spreagtha ríthábhachtacha don bhonnathrú fiontair. I rith na Straitéise seo, leanfaimid orainn ag baint leasa as caighdeán agus ról reatha an chóras taighde phoiblí. De thoradh infheistíochta suntasaí agus comhair leis an gcóras taighde phoiblí, cruthaíodh Lárionaid Taighde, Lárionaid Teicneolaíochta agus Geatabhealaí Teicneolaíochta den chéad scoth i réimsí tábhachta straitéisí d'Éirinn ag gach TRL. Ní hamháin go ngníomhaíonn na heagraíochtaí a dhéanann taighde agus an taighde a mhaoinítear tríd na comhair sin chun infheistíocht a tharraingt agus a choimeád; freisin spreagann siad cuideachtaí, idir cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach, chun a gcuid gníomhaíochtaí T&N a fhorbairt anseo.

Tá na saoráidí sin agus na líonraí atá curtha chun cinn acu ar fud an éiceachóras nuálaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, tagtha chun bheith ina ngníomhairí tábhachtacha um bonnathrú na fiontraíochta. Is tábhachtach go leanfadh na saoráidí sin ar aghaidh ag soláthar réiteach níos cuimsithí um T&F, go bhfeabhsódh siad acmhainn leapa théastair rochtain ar threalamh ábhartha agus méadú ar líon na dtaighdeoirí a thagann trí chláir oiliúna, chomh maith le déileáil le réimsí tábhachta straitéisí d'Éirinn. Forbróimid mais chriticiúil agus spreagfaimid sineirgí, chun ailíniú a mhéadú idir saoráidí agus lárionaid ag a bhfuil cláir oibre chomhlántacha taighde.

Leanfaimid orainn ag stiúradh thionchar an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Ó bhí 2018 ann, tá €235 milliún leithdháilte tríd an DFIT in os cionn 70 comhair

## An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

**Bunaíodh an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha in 2018, mar chuid den Phlean Náisiúnta Forbartha agus maoiniú €500 milliún geallta i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2027 le haghaidh tionscadal comhoibritheach comh-mhaoinithe a mbíonn earnálacha na fiontraíochta agus an taighde rannpháirteach iontu. Díríonn tionscadail DTIF ar fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí bunathraitheacha chun réitigh nua a bhaint amach trí hinfheistiú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm táirgí agus seirbhísí nuálacha a athróidh margaí, nó an chaoi a n-oibríonn an gnó.**

**Ó bhí 2018 ann, tá €235 milliún leithdháilte ag DTIF do níos mó ná 70 tionscadal comhoibritheach lena ngabhann acmhainn láidir um thráchtálú faoin gcéad thrí ghlao den Chiste agus eisíodh dhá ghlao eile. Tá na tionscadail sin ailínithe lenár gcuid Réimsí Tosaíochta Taighde lena n-áirítear na heolaíochtaí beatha, fearais leighis, TFC, intleacht shaorga, déantúsaíocht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.**

**Glacann DTIF ról mór i bhfeabhsú réimse na nuálaíochta náisiúnta, agus maoiniú inbhraite dírithe ar theicneolaíochtaí nua agus cumasaithe. Áirítear le tréithe uathúla an chiste sin a bhéim ar nuálaíocht "bhunathraitheach", lena ngabhann riosca réasúnta ard, scála an mhaoinithe i gceist agus a bhéim ar chomhar lena n-áirítear le FBManna. Tá na 270 comhpháirtí tionscadail atá rannpháirteach i gcuibhreannais suite i 15 chontae ar fud na hÉireann, agus níos mó ná leath díobh ag oibriú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.**

**Tá measúnú dearfach déanta ar DTIF go dtí seo, agus a luach á aithint maidir le nuálaíocht ard-riosca ard-thoraidh a chur ar fáil agus bealach a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha le bheith san iomaíocht i margaí domhanda (agus iad a bhunathrú b'fhéidir) trí chomhar ar thionscadail taighde mhóra cheannródaíochta.**

lena ngabhann acmhainn láidir um thráchtálú agus bunathrú margaidh. Le glaonna faoin gciste €500 milliún amach anseo féachfar chuig tionchar níos leithne a bhaint amach ar fud na réimsí tosaíochta taighde lena ngabhann tábhacht straitéiseach in Éirinn a fhéadann tairbhí móra a bhaint amach don gheilleagar agus don tsochaí ina n-iomlán.

**Tráchtálú an taighde a bhrostú agus aird faoi leith tugtha ar Ghnóthais Nua Ardacmhainne ón taighde.**

Tá Knowledge Transfer Ireland (KTI) ina chumasóir lárnach maidir le spriocanna náisiúnta a bhaint amach um thráchtálú taighde, comhair tionscail-acadúil, agus forbairt mac-chuideachtaí nua. Beidh na tionscnaimh nua um aistriú eolais atá le teacht uaidh ábhartha ach go háirithe maidir le hacmhainn tráchtálaithe gnó na n-Ollscoileanna Teicneolaíochta nua a threisiú. Freisin leanfaidh KTI air ag feabhsú an Phrótacal Náisiúnta IP ionas go mbeidh sé níos éasca le húsáid agus á chur chun cinn.

Táscaire lárnach maidir le feidhmíocht an tráchtálú gnó ná bunú mac-chuideachtaí. 'Tosuithe ardacmhainne' (TAnna), atá i nach mór leath de na 30 mac-chuideachta a chruthaítear go bliantúil ón gcóras taighde phoiblí i.e. cuideachtaí ardluacha, le go leor IP, ag a bhfuil teicneolaíocht dhomhain agus a ghineann €1 mhilliún ar a laghad agus a fhostaíonn deichniúr ar a laghad laistigh dá gcéad thrí bliana. Freisin is mó is cosúil go mbainfidh na TAnna siúd amach maoiniú atá iomaíoch go hidirnáisiúnta don teicneolaíocht dhomhain ar nós mhaoiniú na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí faoi Horizon Europe. Beidh sé mar aidhm againn méid na TAnna nuálacha a mhéadú a thiocfaidh chun cinn ó chóras taighde phoiblí na hÉireann faoi 25% faoi 2024.

Is í sprioc uileghabhálach EI maidir le tráchtálú agus mac-chuideachtaí ná líon na gcuideachtaí sin a bhaineann amach stádas TA a mhéadú ionas go mbeidh sé ar chumas acu an oiread tionchair eacnamaíoch a imirt agus is féidir. Bainfidh sé leas straitéiseach as an gCiste Tráchtálaithe, as clár fiontraíochta New Frontiers agus as líonra na hOifige um Aistriú Teicneolaíocht/Nuálaíochta ar fud an chóras taighde phoiblí chun taighde atá maoinithe go poiblí a thiontú go táirgí, seirbhísí agus cuideachtaí atá inmharthana ó thaobh gnó.

Beidh ról tábhachtach ag an ngníomhaireacht nua um maoiniú iomaíoch T&N maidir leis an gcaoi a dtugtar dreasacht agus tacaíocht do thaighdeoirí acadúla ina gcuid plé sheachtraigh. Tabharfaidh gníomhaireachtaí taighde, agus go háirithe an ghníomhaireacht nua faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus na gníomhaireachtaí fiontraíochta, tacaíocht do thaighdeoirí chun plé seachtrach a bheith acu ina réigiún, agus úsáid á baint acu as a gcuid saineolais chun torthaí a bhaint amach a chuirfidh lena dtionchar acadúil, agus taithí luachmhar á fáil acu ag an am céanna.

## 3.3 Digitiú na Fiontraíochta a Stiúradh

**Méadú mór a stiúradh ar úsáid agus bhonnathrú digiteach ag fiontair atá bunaithe in Éirinn.**

D'ainneoin fheidhmíocht dhigiteach iontach na hÉireann i gcoibhneas lenár gcomharsana san Eoraip (cúigiú áit as 27 Ballstát AE sa DESI in 2021), mar gheall ar luas agus práinne an athrú theicneolaíoch, ní féidir ár maidí a ligean le sruth. I réimse na fiontraíochta, d'fhéadfadh cuideachtaí atá chun tosaigh i gcúrsaí digiteacha inniu bheith ar cúl amárach, cé gurb amhlaidh freisin nach mbogann gach fiontar ag an ráta céanna ó thaobh glactha. Tá ról tábhachtach ag an bhfiontraíocht féin maidir leis an mbonnathrú digiteach a bhrostú i gcoitinne sa tsochaí, tríd na gnéithe nuálacha a thógann sé isteach agus na smaointe a chuireann sé ar bhonn gnó.

Chun an bonnathrú digiteach a bhaint amach is gá go smaoineodh fiontair de gach méid as an nua agus go bhfoghlaimeodh daoine scileanna nua. Freisin teastaíonn straitéisí gnó nua lena aghaidh chun an t-aistriú digiteach a threorú chomh maith le foirne speisialaithe a bhunú chun deiseanna a thapú a thiocfaidh chun cinn. Tá idirghabhálacha éifeachtacha chun comhar acadúil-tionscail, aistriú eolais, fiontraíocht faoi stiúir na fiontraíochta agus soláthar poiblí réamhghnó a stiúradh lárnach chun an mian a chomhlíonadh i straitéis náisiúnta dhigiteach na hÉireann, *An Saol Digiteach a chur chun Tairbhe - Creat um Éirinn Dhigiteach*.

Tugann na gníomhaireachtaí náisiúnta fiontraíochta tosaíocht do chur chun cinn na dteicneolaíochtaí digiteach agus leanfaidh sé sin ar aghaidh. Tá infheistíocht mhór déanta ag DETE le blianta beaga anuas chun tacú le taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí digitithe agus Thionscal 4.0/5.0. Le comhordú acmhainní náisiúnta um ard-déantúsaíocht faoi Future Manufacturing Ireland tabharfar 'bealach isteach éasca' don earnáil chun plé leis an raon tacaí atá ar fáil.

Faoi *Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Dianseasmhachta* na hÉireann, tá Ciste nua um Bhonnathrú Digiteach á bhunú a thabharfaidh dreasacht do ghnóthais chun dul suas dréimire i dtreo aistrithe dhigitigh, ó dhul ar líne go digitiú táirgí agus próiseas gnó, chun onnmhairiú a éascú agus teicneolaíochtaí a úsáid chun margaí agus samhlacha nua gnó a fhorbairt. Freisin tacóidh sé le bonnathrú digiteach fiontar, agus é ag stiúradh an mhéadaithe ar ghlacadh agus scaipeadh na teicneolaíochta digití, lena n-áirítear nuálaíocht agus braisliú, agus cómhaoineoidh sé an líonra náisiúnta de Mhoil Nuálaíochta Digití na hEorpa (MNDEnna) faoi Chlár na hEorpa Digití de chuid an Choimsiúin Eorpaigh. Beidh na MNDEnna ina 'n-ionaid ilfhreastail' a bheidh dírithe ar thacú le gnóthais agus eagraíochtaí ina mbonnathrú gnó agus an dul chun cinn is deireanaí a scaipeadh sa chibearshlándáil, san Intleacht Shaorga agus sa Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta.

Beidh glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha, AI san áireamh, ag gnóthais na hÉireann i gcaitheamh na gcúig bliana atá le teacht ina fhachtóir lárnach spreagtha um tháirgiúlacht agus buntáiste iomaíoch. De réir *AI – Here for Good, the National Artificial Intelligence Strategy*, tiocfaidh Éire chun bheith ina ceannaire idirnáisiúnta in úsáid an AI chun tairbhe ár ndaonra, trí chur chuige daoine-bhunaithe, eiticiúil i dtreo fhorbairt, ghlacadh agus úsáid AI

## 3.4 Nuálaíocht Fiontraíochta chun Spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chomhlíonadh

**Réitigh nuálaíochta a fhorbairt chun cur ar cumas gach earnála, lena n-áirítear ár n-earnálacha talmhaíochta, foirgníochta, iompair agus fuinnimh, fáilte a chur roimh dhúshlán an athrú aeráide agus aghaidh a thabhairt air.**

Beidh ról ríthábhachtach ag na Lárionaid Teicneolaíochta agus na Geatabhealaí Teicneolaíochta atá bunaithe sna hinstitiúidí ardoideachais, san iarracht fhoriomlán chun gnóthais a athrú ó bhonn chomh maith le cabhrú le cuspóirí náisiúnta níos leithne i ndáil leis an aeráid trí leas a bhaint as bonn eolais na hearnála príobháidí agus gnéithe nuálacha tábhachtacha a thógáil chuig an margadh. Gabhann deis shoiléir mhargaidh leis an aistriú chuig geilleagar aeráid-neodrach agus ciorclach, chomh maith le bithgheilleagar, le haghaidh ár gcuid fiontar, idir gnóthais seanbhunaithe agus nua, agus é stiúrtha ag na hathruithe bunúsacha beartais, rialála agus margaidh atá ar siúl ar fud na hEorpa agus na margaí onnmhairí.

Beidh ár gcuid gníomhaireachtaí fiontraíochta réamhghníomhach agus iad ag plé le gnóthais chun na deiseanna a uasmhéadú a ghabhann leis an aistriú aeráid-neodrach, lena n-áirítear iad siúd atá ag smaoineamh as an nua chun a gcuid táirgí/seirbhísí a chur in oiriúint do na hearnálacha nua fáis. Faoi *Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Dianseasmhachta na hÉireann*, tá €55 mhilliún geallta chun dícharbónú fiontar a stiúradh tríd an gCiste um Laghdú Carbóin agus an Ciste um Ghníomhú Fiontar ar son na hAeráide, agus é dírithe ar theicneolaíochtaí um laghdú carbóin a chur i bhfeidhm agus feidhmíocht inbhuanaitheachta a fheabhsú ar leibhéal fearais, monatóireacht agus rianú córas chun cuntas a thabhairt as a lorg charbóin, agus taighde, forbairt agus nuálaíocht a éascóidh laghdú astaíochtaí agus forbairtí táirgí nua ísealcharbóin agus táirgí atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Cuimsíonn an DTIF anois 'Tionchar Eacnamaíoch agus Inbhuanaitheacht' mar chritéar um roghnú. Freisin tá acmhainn mhór ann i gcaitheamh

na gcéad chúpla bliain eile chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus spriocanna comhshaoil eile, mar shampla sócmhainní agus saineolas digiteach náisiúnta a chur i bhfeidhm ar shatailítí spás-iompartha a iompróidh braiteoirí faireachais domhain, ar sheirbhísí loingseoireachta agus chumarsáid satailíte chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a ghiniúint i réimsí spriocdhírithe feidhme don mhargadh náisiúnta (e.g., Agraitheicneolaíocht, Faireachas Muirí, Monatóireacht Príomh-bhonneagair, Bainistíocht Tubaiste).

## 3.5 Speisialtóireacht Chliste ar aon dul le tosaíochtaí náisiúnta T&N

**Feidhmíocht nuálaíochta san fhiontraíocht a mhéadú trasna ár réigiún agus deiseanna um leathadh nuálaíochta a uasmhéadú trí Speisialtóireacht Chliste.**

Mar ghné lárnach chun tacú leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an dianseasmhacht san fhiontraíocht, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an creat idirghabhálacha a thabharfaimid isteach chun an nuálaíocht a spreagadh san fhiontraíocht inrochtana agus go mbeidh tionchar acu ar fud na tíre. Is é cuspóir na Straitéisí Speisialtóireachta Cliste (S3) ná an nuálaíocht réigiúnach agus scaipeadh na nuálaíochta a threisiú. Forbairt foirmeacha S3 náisiúnta nó réigiúnacha mar chuid de Chlár Oibriúcháin an Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa le haghaidh 2021-27 chun forbairt réigiúnach a chothú.

Chun S3 na hÉireann a ullmhú faoi stiúir DETE, rinneadh measúnú, le páirtithe leasmhara, ar ár gcuid buntáistí iomaíocha réigiúnacha, ar dheiseanna margaidh amach anseo, réitigh ar dhúshláin na sochaí agus an tsraith reatha de thacaí nualaíochta. Trí bhéim réigiúnach a chur ar bheartas náisiúnta T&N ceanglófar beartas náisiúnta ar leibhéal córais le tosaíochtaí réigiúnacha fiontraíochta agus gníomhairí réigiúnacha, chun comhleanúnachas a chinntiú idir déanamh beartais fiontraíochta go réigiúnach agus go náisiúnta. Nasctar go leor réimsí tábhachtacha beartais leis an gcur chuige sin: Pleananna Réigiúnacha Fiontraíochta (PRFanna), Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, Speisialtóireacht Chliste, beartas náisiúnta fiontraíochta, agus *Impact 2030*.

Ar fud na réigiún, bainfimid leas as meicníochtaí reatha mar na Fóraim Réigiúnacha Scile agus PRFanna, chun scaipeadh na nuálaíochta a stiúradh ar fud an chóras iomlán oideachais treasaigh, ar nós sa bhreisoideachas agus bhreisoiliúint trí phrintíseachtaí.

## 3.6 n Timpeallacht Ghnó i gCoitinne

**Éiceachóras iomaíoch a sholáthar maidir le caighdeáin, maoin intleachtúil, airgeadas agus bearta cánach.**

De réir mar a leanfaidh Éire ar aghaidh ag forbairt timpeallachta tacúla inar féidir leis an nuálaíocht fiontraíochta déanamh go maith, cinnteoimid go leanfar ar aghaidh, trí choinníollacha leithne an chreata, leis an nuálaíocht a dhreasachtú mar ghníomhaíocht ghnó agus an riosca a bhaint di, agus feidhmiú go héifeachtúil. Is í an tacaíocht dhíreach (creidmheasanna cánach), an phríomhuirlis fós um thacaíocht phoiblí ó thaobh luacha do T&N gnó in Éirinn, agus í freagrach as nach mór 80% den iomlán. D'ainneoin sin ní bhaintear mórán leasa as an tacaíocht i measc bhonn na FBManna, mar a tarraingíodh aird air in Athbhreithniú 2019 an OECD ar an mBeartas FBManna agus Fiontraíochta in Éirinn. I gcaitheamh na mblianta atá le teacht, beidh sé tábhachtach a chinntiú go leanfaidh ár dtairiscint chánachas T&N ar aghaidh ag forbairt, go mbeidh sé spriocdhírithe chun gníomhaíocht bhreise FBM a spreagadh agus go gcuirfidh sé dreasacht mhór ar fáil i bhfianaise na n-athruithe ar an timpeallacht idirnáisiúnta cánach.

Tá rialáil agus caighdeáin, mar shampla, caighdeáin idirinoibritheachta um tháirgí TFC nó rialacháin um tháirgí sláinte, ríthábhachtach i go leor réimsí de T&N na fiontraíochta. Freisin tá ról ag cur i bhfeidhm na gcaighdeán maidir le nuálaíocht fiontraíochta a stiúradh i gcoitinne. Cabhróidh an 'Scórchárta Nuálaíochta' nua caighdeán-bhunaithe um ISO 56000, a d'fhorbair saineolaithe sa nuálaíocht dhomhanda agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, le bainistíocht na nuálaíochta a neartú, go háirithe i FBManna, ar fud na hÉireann.

Tá tacaíocht airgeadais um T&N fiontraíochta ríthábhachtach chun an riosca a mhaolú maidir le gníomhaíochta gnó ar a chaitear go leor ama agus saothair, agus ar minic go mbíonn toradh éiginnte uirthi. Le haghaidh gnóthas nua atá stiúrtha ag an nuálaíocht agus gnóthas scálaithe, tá sé riachtanach go mbeadh síolchaipiteal agus caipiteal fiontair ar fáil agus tá an Rialtas ina chomhpháirtí tábhachtach san earnáil airgeadais. Fiosróimid foirmeacha nua ionstraimí airgeadais chun tacú le gníomhaíocht fiontraíochta T&N agus chun an riosca agus an t-amfhráma níos láidre a ghabhann leis na hinfheistíochtaí sin a léiriú, i gcomhthéacs rialacha ar Chúnamh Stáit.

Leanfaimid ar aghaidh ag cinntiú chóras IP a bheidh oiriúnach don chuspóir ag éasca le plé leis. Leanfaidh Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann ar aghaidh ag ardú feasachta faoi luach na gceart IP d'fhonn úsáid IP ag micreafhiontair agus FBManna na hÉireann a fheabhsú.

## Tionscnaimh Shuaitheanta faoi Cholún a Trí:

14. Déanfar cumas nuálaíochta na fiontraíochta a leathnú agus a dhoimhniú, chun líon na bhfiontar agus na FBManna a mhéadú a infheistíonn in TF&N, líon na ngnóthas nua ardluacha ag a bhfuil go leor IP a mhéadú ó thaighde, ár gcuid cuideachtaí ilnáisiúnta, FBManna agus córas nuálaíochta agus beartas poiblí a nascadh, líon na mbunaitheoirí ban a mhéadú ón taighde, agus cultúr na nuálaíochta leanúnaí a chumhdach.

15. Déanfar forbairt ar ár líonra ionad agus saoráidí taighde agus forbartha chun cinntiú go mbeidh Éire chun tosaigh sa dul chun cinn teicneolaíoch, lena n-áirítear in ard-déantúsaíocht 5.0, na heolaíochtaí beatha agus bithphróiseáil, TFC, bia agus agraitheicneolaíocht, na hearnálacha spáis agus fuinnimh, agus chun fáilte a chur roimh an dá dhúshlán mar atá an aeráid agus an t-aistriú digiteach agus aghaidh a thabhairt orthu.

16. Déanfar comhoibriú tionscail-acadúil agus tráchtálú thaighde a chothú le cur i ngníomh cláir nua de chuid Knowledge Transfer Ireland, agus simpliú a dhéanamh ar na bealaí atá ag an bhfiontraíocht idirghníomhú leis an gcóras poiblí taighde.

17. Déanfar scileanna agus tallann ónár dtaighde agus córais ardoideachais agus breisoideachais a ailíniú le riachtanais fiontraíochta, lena n-áirítear líon na dtaighdeoirí a mhéadú chuig 15 in aghaidh an 1,000 atá fostaithe sa lucht oibre ón 10 in aghaidh an 1,000 atá ann faoi láthair, agus glacadh go hiomlán leis an bhfoghlaim fad saoil.

18. Forbrófar réitigh nuálacha chun gach earnáil dár bhonn fiontraíochta agus dár sochaí, lena n-áirítear ár n-earnálacha talmhaíochta, tógála, iompair agus fuinnimh, chun glacadh le dúshlán na haeráide agus dúshlán an aistrithe dhigitigh agus dul i ngleic leo.

19. Déanfaidh fiontair atá lonnaithe in Éirinn méadú mór ar ghlacadh leis agus claochlú chuig an domhan digiteach, rud a chabhróidh le neartú an iomaíochais agus táirgiúlachta; trí ghnéithe éagsúla lena n-áirítear lainseáil an Chiste um Aistriú Digiteach.

20. Déanfar leibhéil d'fheidhmíocht nuálaíochta san fhiontraíocht a mhéadú trasna ár réigiún agus déanfar deiseanna leathadh nuálaíochta a uasmhéadú trí Speisialtóireacht Cliste.

21. Soláthrófar éiceachóras iomaíoch gnó níos leithne maidir le caighdeáin, maoin intleachtúil, airgeadas, agus bearta cáin.



Colún a Ceathair

# Tallann ag Croílár an Éiceachóras Taighde agus Nuálaíochta

## Colún a Ceathair: TALLANN AG CROÍLÁR AN ÉICEACHÓRAS TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

***Beimid inár gceannródaí i gcothú, tarraingt agus coinneáil daoine cumasacha chun taighde agus nuálaíocht a spreagadh inár gcóras ardoideachais agus taighde, inár bhfiontair, inár bpobail agus inár seirbhísí poiblí.***

Ag croílár fheidhmíocht náisiúnta T&N na hÉireann agus a cáil idirnáisiúnta, tá na daoine. Tagann siad ar fhionnachtana nua agus teagascann siad mic léinn. Oibríonn siad i bhfiontair, claochlaíonn siad iad agus cruthaíonn siad fiontair freisin. Tá a gcuid oibre i saotharlanna taighde, leabharlanna, ospidéil, áiseanna taighde chliniciúil agus san earnáil phoiblí an-tábhachtach chun taighde agus cultúr faoi thiomáint taighde a leabú sna suíomhanna seo. Beidh infhaighteacht na ndaoine le cumas i T&N ríthábhachtach chun dul i ngleic le hiarmhairtí suaiteacha an digitithe, chun glacadh le cleachtais ghnó atá neamhdhíobhálach don aeráid, chun tionscnaimh nua ghnó atá inscálaithe a thiomáint, agus chun IDC a thuilleamh sa todhchaí.

Mar is amhlaidh ar fud an domhain, fanfaidh mionlach de thaighdeoirí luathghairme san saol acadúil. Is ríthábhachtach an éagsúlacht de shlite beatha tarraingteacha, don eagraíocht agus don duine araon, chun dul i ngleic le bagairtí don ghairm agus chun an tionchair is féidir a bheith ag taighdeoirí ar chuid mhór eagraíochtaí i gcuid mhór bealaí a uasmhéadú. Chomh maith céanna, is riachtanach an ghné í an éagsúlacht i measc an phobal taighde, chun gach cuid den sochaí a chuimsiú agus do chaighdeán na dtorthaí taighde.

### 4.1 Mic Léinn

**An ceangal idir T&N agus an clár forbartha do scileanna níos leithne in Éirinn a neartú.**
Neartóimid na naisc idir an Córas T&N agus teagaisc agus foghlaim le haghaidh gach mac léinn, ó leibhéil na fochéime go dtí leibhéil thaighde iarchéime. Is cuid an-tábhachtach í an fháil ar dhaoine cumasacha dár n-acmhainn chun dul i ngleic le agus dul i dtír ar chuir isteach móra ar nós an digitithe agus athrú aeráide. Taobh istigh de seo, teastaíonn céimithe, le scileanna teicniúla ó fud an chórais threasaigh, ó fhás inbhuanaithe na fiontraíochta agus IDC araon in Éirinn. Dóibh siúd atá cláraithe tríd an gcóras, déanfaimid na rudaí a leanas a chinntiú:

- Go léiríonn tairiscintí na gcúrsaí na smaointe agus an nuálaíocht is déanaí sna réimsí sin,
- Go bhfuil na hoideoirí chomh feistithe agus eolach agus is féidir leo a bheith chun a gcúrsaí a sholáthar ,
- Go bhfuil an deis ag mic léinn domhain na taighde a bhrath, mar shampla, ag déanamh rochtain ar na teicnící agus áiseanna is déanaí.

Tá sé ríthábhachtach le haghaidh iomaíochas, táirgiúlacht agus feidhmíocht nuálaíochta na hÉireann gur féidir le daoine athsciliú agus uasoiliúint a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an gclaochlú, lena n-áirítear an digitiú, glasú agus dúshláin eile. Tá gá ann ar bhonn níos leithne chun tacú lenár n-acmhainn chun a bheith nuálach trí scileanna agus forbairt dhigiteach ag gach leibhéal agus ar fud na n-earnálacha. Beidh printíseachtaí agus cláir scileanna don lucht oibre – idir na cinn is bunúsaí agus na cinn is forásaí – ríthábhachtach chun ár gcuspóirí eacnamaíocha crosghearrtha a bhaint amach maidir le geilleagar nuálaíochta digitithe inbhuanaithe iomaíoch atá feasach faoin aeráid. Beidh díriú náisiúnta neartaithe ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil thar a bheith tábhachtach do chlaochlú agus gastacht fiontraíochta. Dóibh siúd atá ag iarraidh uasoiliúint a dhéanamh agus iad fostaithe, úsáidfimid tionscnaimh rathúla ar nós Springboard+, Regional Skills Fora agus Skillnet Ireland.

**Caighdeán leanúnach d'eispéiris thaighde do mhic léinn a chothú.**

Tá pobal bríomhar de mhic léinn taighde in Éirinn le timpeall ar 11,000 atá cláraithe. Cuireann *Creat Náisiúnta na hÉireann don Oideachas Dochtúireachta* agus an Fóram Comhairleach Náisiúnta, a ndéanann an ÚAO agus Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann comhchathaoirleacht air, taca faoi sholáthar institiúide, le tacaíocht ó mhaoinitheoirí. Brúfaimid cur i ngníomh phrionsabail an Chreata, ionas gur féidir le gach mac léinn de chéim thaighde – is cuma faoin tacaíocht mhaoinithe, institiúid óstach nó disciplín – ardchaighdeán leanúnach de thaithí oideachais a fháil. Tríd seo, tacóimid leo chun céim a fháil leis na scileanna agus leis an eolas a ligfidh dóibh barr a gcumais a bhaint amach.

**Na daoine cumasacha is fearr a mhealladh chun na hÉireann.**

Is riachtanach an cumas chun daoine cumasacha a chothú, a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, agus chun an tallann sin a leabú sa saol acadúil, i bhfiontair agus i seirbhísí poiblí má táimid ag iarraidh ár gcuspóirí a shroicheadh. Meallfaimid na mic léinn agus taighdeoirí cumasacha is fearr ar domhain chun páirt a ghlacadh sa taithí Éireannach, ag foghlaim ó na saineolaithe agus taithí ceannródaíoch a fháil agus iad anseo.

Trí thaighdeoirí cumasacha nua agus cruthaithe a mhealladh, treiseofar creat lorg domhanda na hÉireann agus, ach go háirithe, a feachtas domhanda cumarsáide, chomh maith le straitéis de chuid na hÉireann atá le teacht maidir leis an oideachas idirnáisiúnta, taighde agus nuálaíocht.

## 4.2 Cuimsiú

**Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a neartú i measc ár bpobal taighdeoirí.**

Ní hamháin go bhfuil an comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú oiriúnach inár gcóras náisiúnta T&N, ach bíonn na rudaí seo ina gcúis le torthaí feabhsaithe taighde atá ina léiriú ar an domhain ina bhfuilimid, mar shampla trí ionadaíocht níos fearr a de mhná ag dul chun cinn i ngairmeacha ETIM, chomh maith le húsáid éifeachtach a bhaint as ár dtallann. Faoin Straitéis seo, cuirfimid feabhas ar fheidhmíocht CÉC an chórais, a bhaineann le taighdeoirí agus gníomhaíocht thaighde araon. Chun dul i ngleic leis an dara gné thuas, cuirfimid feabhas ar chleachtais thaighde i gcomhthéacs na timpeallachta T&N níos leithne. Le haghaidh taighdeoirí, leanfaimid ar aghaidh leis an dreasú le haghaidh comhionannas feabhsaithe inscne a cuireadh chun cinn faoin gCairt Athena Swan agus atá á chothú tríd an Limistéar Taighde Eorpach. Cuirfimid feabhas ar na deiseanna atá ann do chách trí leathadh an Chlár PATH. Cinnteoimid freisin go rachaidh institiúidí óstacha i ngleic le ceisteanna eile maidir le héagsúlacht agus cuimsiú sa phobal taighde a bhféadfadh díriú ar leibhéal an chórais a bheith ag teastáil uathu, le heolas déanta dóibh ag tuarascáil ar cheisteanna CÉC.

## 4.3 Tallann agus Sármhaitheas

**Infheistiú i dtaighdeoirí cumasacha trasna tréimhse iomlán ghairme taighde mar bhunús do shochaí nuálach.**

Coinneoidh agus neartóidh Éire a bonn tallainne sa taighde bunúsach agus feidhmeach trasna réimse iomlán na ndisciplíní a chuireann taca faoinár dtosaíochtaí náisiúnta, ár gcuspóirí nuálaíochta, agus ár gcuidiú maidir le dul i ngleic le dúshláin mhóra domhanda. Infheisteoimid i dtallann, agus cinnteoimid go bhfuil tacaíochtaí cuí ann le haghaidh taighdeoirí chun dul sa tóir ar thaighde disciplíneach agus trasdisciplíneach, idirghabháil agus dul i bpáirtnéireacht le fiontair, an earnáil phoiblí agus an tsochaí shibhialta, agus chun a bheith inár dteagascóirí spreagthacha agus ceannairí smaointe. Tacóimid leo ionas go mbeidh siad ceangailte go hiomlán le agus mar chuid den Limistéar Taighde Eorpach agus den phobal domhanda taighde. Cuirfimid cobhsaíocht agus leanúnachas ar fáil trasna na gclár maoinithe ionas gur féidir le taighdeoirí atá ag gach céim ina ngairm a dtaighde a chur chun cinn i mbealach pleanáilte cothrom.

**Na deiseanna, scileanna agus tacaíocht ghairme cheart a chur ar fáil do thaighdeoirí in Éirinn chun iad a chur ar a gcumas a barr a gcumas a bhaint amach.**
Beidh na scileanna a fhorbraíonn taighdeoirí – trasnach chomh maith le dírithe ar an taighde – ríthábhachtach chun cuidiú leo taighde iontach a dhéanamh, chun í a léiriú go héifeachtach ar son an tionchair agus chun barr a gcumas a bhaint amach, más sa saol acadúil, san fhiontraíocht nó in áit ar bith eile atá sé. Cé go bunaítear an feidhmíocht thaighde ar shaineolas réimse, bíonn raon cumas, atá ag éirí níos leithne, ag teastáil uaithi agus tacóimid le forbairt cumais na dtaighdeoirí go léir.

Maidir leis an mbéim, atá ag méadú, ar ghníomhaíocht thaighde idirdhisciplíneach, deimhnithe ag rannpháirtíocht le fiontair agus geallsealbhóirí eile T&N chomh maith le trí obair an ghníomhaireachta nua faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, tacóidh an bhéim seo níos faide le forbairt scileanna an taighdeora. Féadfaidh rannpháirtíocht na fiontraíochta dearadh tionscnamh, spreagthaí nó cláir nua a chur san áireamh a chuireann comhoibriú chun cinn idir taighdeoirí trasna go leor disciplíní agus le raon rannpháirtithe trasna earnálacha acadúla, sibhialta agus fiontraíochta.

Luann an tAthbhreithniú Taighde 2020 ar thug an Grúpa um Thaighde san Ardoideachas faoi, grúpa comhairleach don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le beartas taighde ardoideachais, gur ghá taighdeoirí a oiliúint leis an réimse leathan scileanna trasnacha atá riachtanach dá n-éifeachtacht ar gach slí bheatha le linn a ngairmeacha, cibé bealach agus cuspóirí gairme a roghnaíonn siad. Cothóimid forbairt scileanna trasnacha níos leithne (ar nós réiteach faidhbe, fiontraíochta, nuálaíochta, obair foirne agus cumarsáide), ach go háirithe le haghaidh taighdeoirí luathghairme, chun an réimse leathan roghanna éagsúla gairme taobh amuigh den saol acadúil a oscailt, ag tógáil ar thionscnaimh atá an faoi láthair. Cuirfimid comhairle feabhsaithe gairme óna n-institiúid óstach chun cinn dóibh.

**Cinntiú go n-uasmhéadaíonn measúnú taighdeoirí a dtionchar ar chuspóirí níos leithne.**
Chuir taighdeoirí go mór le dul i ngleic le COVID-19 i gcuid mhór bealaí agus trasna nach mór gach disciplín taighde. Léirigh sé seo go láidir tionchar na dtaighdeoirí agus tionchar an taighde i bhfad níos mó ná gur féidir le méadraigh thraidisiúnta acadúla, ar nós luanna agus foilseacháin, a léiriú. Cuirfimid luach forleathan na dtaighdeoirí atá deimhnithe anois chun cinn, de réir ár mian chun T&N a leabú trasna chláir oibre an Rialtais. Aithneoimid maidir leis an measúnú ar thionchar an taighde, go bhfuil sé idirnáisiúnta ó nádúr toisc go bhfuil ghníomhaíocht thaighde í féin idirnáisiúnta ó nádúr. Cinnteoimid mar sin go léiríonn ár ndul chun chinn maidir leis seo, ar a laghad, na dea-chleachtais atá á gcur chun cinn in áiteanna eile ar nós na Fógartha ar Mheasúnú Oscailte Taighde (DORA) agus Forógra Lieden.

Cuirfidh an reachtaíocht atá le teacht de chuid an ÚAO bunús reachtach ar fáil le haghaidh Creat Feidhmíochta don chóras ardoideachais agus taighde. Sannfaidh an Creat Feidhmíochta tosaíochta náisiúnta agus torthaí atá le baint amach ag an gcóras, agus déanfaidh sé monatóireacht agus measúnú ar an dul chun cinn i dtreo an éachta seo. Mar chuid de ghné thaighde an Chreata, pléifear cuimsiú spriocanna maidir le rannpháirtíocht phoiblí sa taighde.

## 4.4 Éagsúlacht na nDeiseanna Gairme

**Soghluaisteacht an taighdeora a chur chun cinn.**
Go idirnáisiúnta, faigheann timpeall ar 10% de chéimithe dochtúireachta tionacht acadúil agus déantar cuid mhór den obair thaighde a bhíonn sa saol acadúil ar bhonn conartha. Cé gur féidir leis seo a bheith dúshlánach le haghaidh taighdeoirí luathghairme, is gné sheanbhunaithe í an tsoghluaisteacht idir-earnála a bhfuil glacadh léi i bhforbairt aon taighdeora. Tá sé ríthábhachtach freisin dár gcur le hearnálacha eile, lena n-áirítear earnáil na tionsclaíochta, an earnáil phoiblí agus eagraíochtaí pobail.

Ionas gur féidir le taighdeoirí na conairí gairme is fearr agus is féidir a chruthú, teastaíonn tuiscint i bhfad níos fearr uainn ar an éileamh ar

thaighdeoirí cumasacha ach go háirithe, ach ní hamháin, ón bhfiontraíocht. Beidh deis níos fearr mar sin de ag maoinitheoirí agus institiúidí chun soláthar a phleanáil agus beidh taighdeoirí in ann cinntí gairme atá níos feasaí a dhéanamh. Daingneoimid ár dtuiscint, mar shampla, ar an éileamh atá ar dhisciplíní éagsúla taighde, an gá coibhneasta le haghaidh céimithe dochtúireachta i gcomparáid le céimithe Máistreachta (trí thaighde), agus scileanna a bhfuil éileamh orthu. Forbróimid faisnéis níos fearr freisin ar shoghluaisteacht agus conairí gairme optamacha féideartha agus na cinn atá ann cheana trasna na n-earnálacha.

Ag leanúint ar aghaidh agus ag fás tionchar na gclár ar nós na gcinn atá á chur chun cinn ag SFI, déanfaidh an CTÉ agus an gníomhaireacht mhaoinithe nua T&N, faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, soghluaisteacht taighdeora níos fearr a thiomáint, i gcomhpháirt leis An Údarás Ardoideachais agus geallsealbhóirí eile, ionas gur féidir le taighdeoirí dul ar aghaidh ón ardoideachas chun an tionchar is mó a bheith acu ar a gcéad fhostóir eile, agus a bpoitéinseal féin a bhaint amach ag an am céanna.

Tacóimid le soghluaisteacht idirnáisiúnta le cuidiú ó tacaíochtaí maoinithe an AE ar nós *Marie Skłowdowska-Curie Actions* de chuid Horizon Europe agus ár n-oifigí EURAXESS, a mheallann taighdeoirí idirnáisiúnta go hÉireann tríd ár sraith tionscnamh agus ár n-institiúidí den scoth.

## Tionscnaimh Shuaitheanta faoi Cholún a Ceathair

22. Déanfar ceangal idir acmhainn T&N na hÉireann agus an clár forbartha do scileanna níos leithne, lena n-áirítear an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a neartú, ag tógáil ar an léargas ón tionscadal OECD chun Straitéis Scileanna na hÉireann a athbhreithniú.

23. Beidh cothú agus mealladh na ndaoine le cumas sa T&N, ag gach céim den ghairm, mar chuspóir lárnach den ghníomhaireacht mhaoinithe T&N iomaíoch nua faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Forbróidh sé clár tallainne chun tacú le taighdeoirí ní hamháin sna céimeanna luath den ghairm, ach i láir a ngairmeacha: ag tógáil ar Bhuaiteoirí rathúla Gradaim de chuid an CTÉ agus tionscnaimh chonairí SFI.

24. Feisteofar taighdeoirí, lena n-áirítear mic léinn taighde, le scileanna agus tacaíocht ghairme chun a bhforbairt féin a chur chun cinn agus chun tionchair teacht na ndaoine sciliúla ón gcóras taighde a uasmhéadú trasna earnálacha go léir na hÉireann.

25. Ailínithe le beartais náisiúnta maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, déanfar iarrachtaí chun cinntiú go léiríonn pobal taighde na hÉireann an éagsúlacht sa sochaí níos leithne, le heolas déanta dóibh trí thuarascáil a dhéanamh ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun fadhbanna ar leibhéal an chórais ar cheart aghaidh a thabhairt orthu a aithint

26. Cabhróidh an ghníomhaireacht nua T&N faoin Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i gcomhpháirt leis an ÚAO agus geallsealbhóirí eile, chun conairí gairme go hearnálacha níos leithne a fheabhsú, ionas gur féidir le taighdeoirí a dtionchar ar gach cineál eagraíochta in Éireann (agus taobh amuigh di) a uasmhéadú, agus barr a gcumais a bhaint amach ag an am chéanna.



## Colún a Ceathair

# Nascadh Uile-Oileáin, AE agus Domhanda

## Colún a Ceathair: NASCADH UILE-OILEÁIN, AE AGUS DOMHANDA

***Cuidíonn taighde agus nuálaíocht le hoileán comhroinnte agus le hEoraip nuálach trí chomhoibriú láidir T&N uile-oileáin, Eorpach agus domhanda.***

Maidir leis an athrú mór ar na dúshláin agus deiseanna atá os comhair na hÉireann, mar gheall ar chúiseanna domhanda seachtracha, tá an t-athrú seo léirithe ar leibhéal uile-oileáin, Eorpach agus domhanda. Chuir an phaindéim COVID-19 dlús agus neart le tábhacht na hidirghabhála domhanda T&N chun réitigh éifeachtacha a aimsiú ar na dúshláin is práinní ar fud an domhain lena n-áirítear athrú aeráide, digitiú agus sláinte. Mar gheilleagar beag oscailte, baineann Éire leas as díriú láidir amach, atá léirithe inár gcur chuige maidir le comhoibriú idirnáisiúnta T&N. Neartóimid ár dtacaíocht do cheangail luachmhara thaighde uile-oileáin agus idirnáisiúnta.

### 5.1 Comhoibriú Uile-Oileáin

**Naisc T&N a láidriú agus a leathnú ar fud oileán na hÉireann.**
Tá traidisiún seanbhunaithe comhoibriú T&N ann trasna oileán na hÉireann. Baineann a lán cineálacha agus toisí leis na gceangail seo, agus trasnaíonn siad gach disciplín taighde agus go leor earnálacha fiontraíochta. Is féidir iad a fheiceáil, mar shampla, sna gníomhaíochtaí uile-oileáin ar tacaíodh leo faoi Horizon 2020, comhair fhiontraíochta cothaithe ag InterTradeIreland agus an taighde ar chúram ailse atá ar siúl faoi láthair idir Éire, Tuaisceart Éireann agus na Stáit Aontaithe. Tá ár ndúthracht leanúnach soiléir, mar atá léirithe i tacaíocht an Chiste um Oileán Comhroinnte le déanaí do Chlár Taighde Tuaisceart-Deisceart an ÚAO den luach €40 milliún. Ar aon dul leis an aontú *New Decade, New Approach*, ofrálann T&N poitéinseal suntasach chun chuid de chlár dearfach oibre a chruthú ní hamháin ar son an chomhoibrithe uile-oileáin, ach ar bhunús Oirthear-Iarthar freisin. Is cuid tábhachtach de Thionscnamh an Rialtas maidir le hOileán Comhroinnte é neartú aon chomhar uile-oileáin T&N sa todhchaí, obair InterTradeIreland agus na deiseanna a thagann chun cinn mar gheall ar chlár PEACE PLUS an AE.

#### Clár Taighde Tuaisceart-Deisceart an ÚAO

**I Ráiteas Straitéis 2021-2023 na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, cuirtear san áireamh an tosaíocht straitéiseach chun, de réir '*New Decade, New Approach*' agus i gcomhar leis an Aonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh, tús áite a thabhairt d'fhorbairt tionscadal tábhachtach Tuaisceart Deisceart lena n-áirítear tógáil acmhainne i gcomhoibriú taighde Tuaisceart Deisceart. Sa dóigh seo, i Meitheamh 2021, d'fhaomh an Rialtas €40m ón gCiste um Oileán Comhroinnte le haghaidh clár de chuid an Údarás Ardoideachais chun tacú le comhair thaighde uile-oileáin. I ndiaidh léiriú suime suntasaí, le níos mó ná 360 iarratas curtha isteach, fógraíodh níos mó ná 60 tionscadal rathúil i Márta 2022.**

**Clúdaíonn siad seo gach disciplín agus scála taighde. Faomhadh tacaíocht do 55 comhar déthaobhach taighdeoir-taighdeoir le maoiniú suas le €200,000 thar tréimhse dhá bhliana sa chéad Ghairm Cláir. Clúdaíonn siad cuid mhór ceisteanna ar nós na meabhairshláinte, easpa vitimíní agus damhsa. Fuair seacht dtionscadal iltaobhach atá níos mó suas le €4 milliún in aghaidh an tionscadail thar thréimhse ceithre bliana chun dul i ngleic le raon ceisteanna atá ábhartha do chuid mhór daoine, mar shampla, ailse, coireacht óige agus stair eacnamaíoch.**

## 5.2 Limistéar Taighde Eorpach

**Páirt a ghlacadh sa Limistéar Taighde Eorpach athbheoite, bunaithe ar thosaíochtaí T&N na hÉireann agus luachanna comhroinnte de chuid an AE.**

Is inniúlacht chomhroinnte é T&N idir an AE agus na Ballstáit. Tá ár rannpháirtíocht leanúnach sa Limistéar Taighde Eorpach (ERA) tábhachtach ní hamháin dár bhfeidhmíocht idirnáisiúnta, ach do chaighdeán na Straitéise Náisiúnta seo ina iomlán chomh maith le cé chomh reatha agus atá sí. Sna blianta romhainn, beimid onnghníomhaíoch maidir lenár rannpháirtíocht i gcur i ngníomh an Chomhaontaithe deich mbliana Eorpach maidir le T&N agus Clár Beartais an ERA, na torthaí a tháinig ó obair a cuireadh i gcrích le déanaí chun an ERA a athbheochan. Tabharfaimid tús áite dár rannpháirtíocht i ngníomhartha aitheanta a ailíníonn lenár dtosaíochtaí náisiúnta, mar shampla, gairmeacha do thaighdeoirí, measúnú ar thaighde, eolaíocht oscailte agus comhionannas inscne. Déanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn i gcomhar le monatóireacht an AE ar chlár an ERA, a chinnteoidh go bhfuilimid ag uasmhéadú na buntáistí a bhaineann leis an rannpháirtíocht.

### Limistéar Taighde Eorpach athbheoite

**I Samhain 2021, d'aontaigh Airí an AE, a bhfuil freagracht orthu as T&N, ar chreat beartais Eorpach nua, a chuimsíonn:**

- **An Comhaontú le haghaidh T&N, ar straitéis uileghabhálach fadtéarmach é lena n-áirítear luachanna agus prionsabail choitianta, limistéir chomhaontaithe tosaíochta agus na huirlisí atá riachtanach chun cur i ngníomh ag leibhéal an AE agus ag leibhéal náisiúnta a spreagadh.**
- **Clár Beartais an ERA, a leagann amach gníomhartha áirithe atá le cur chun cinn i rith na tréimhse 2022 – 2024; agus**
- **Struchtúir nua rialachais chun cur i ngníomh éifeachtach thosaíochta an ERA a chinntiú.**

**Léiríonn an creat ardaidhmeannach dúthracht na mBallstát agus an Choimisiún Eorpaigh chun cur chuige difriúil a thógáil maidir le cur i ngníomh an ERA chun margadh aonair le haghaidh eolais a fhorbairt. Lenár gcomh-Bhallstáit, roghnóidh Éire na gníomhartha ERA a mbeimid dúthrachtach a chur i ngníomh ag leibhéal náisiúnta. Tá Éire tiomanta a páirt a ghlacadh chun cinntiú go gcuirtear na tosaíochtaí nua ERA i ngníomh go rathúil.**

## 5.3 Horizon Europe

**Rannpháirtíocht na hÉireann a uasmhéadú in Horizon Europe, an Clár Chreata do T&N de chuid an AE.**

Rinneadh cuid lárnach d'éiceachóras T&N na hÉireann de Chláir Chreata na hEorpa, a ligeann do thaighdeoirí in Éirinn comhoibriú le comhghleacaithe trasna na hEorpa agus níos faide fós chun sármhaitheas agus tionchar a chur chun cinn. Ghlac Éire páirt an-rathúil in Horizon 2020, ag cur nach mór 18,000 iarratas isteach trasna na gclár oibre ar fad, le ráta ratha de 14.7% i gcoinne meán an AE de 12%. Bhí SMEanna Éireannacha rathúil ach go háirithe, le nach mór 5,000 ag fáil níos mó ná €300 milliún.

Ag tógáil ar ár bhfeidhmíocht Horizon 2020, tiomáinfimid rath na hÉireann sa chlár chreata Horizon Europe den luach €95.5 billiún de chuid na hEorpa. Tá dearadh Horizon Europe difriúil ó Horizon 2020 i go leor bealaí suntasacha. Is suntasach an fhorbairt beartais é teacht isteach na gcuspóirí, faoi

Cholún na nDúshlán Domhanda agus Iomaíochais Thionsclaíoch, ina mbíonn tionscnaimh T&N á suí mar an gcúis le claochlú sochaí níos leithne. Cuirfear béim freisin ar níos lú Comhpháirtíochtaí Eorpacha, ach Comhpháirtíochtaí Eorpacha atá níos mó, faoin gColún seo.

Maidir leis na dúshláin atá os comhair na hÉireann maidir le hathrú aeráide, claochlú digiteach agus fachtóirí domhanda a bhainistiú, nuair atá ról ríthábhachtach ag T&N, is gá go mbeimid dúthrachtach agus rannpháirtíoch leis an gClár Creata. Dearbhaíonn taithí ó rannpháirtíocht Horizon 2020 gur féidir le cuspóir láidir feidhmiú chun uaillmhian a chur in iúl agus chun an pobal T&N a neartú. Is í uaillmhian na hÉireann in Horizon Europe ná chun an tsárfheidhmíocht a baineadh amach faoi Horizon 2020 a shárú agus samhlaítear go mbeidh cuspóir de €1.5 billiún á sroicheadh le linn an chláir. Tagamharcálfaimid ár bhfeidhmíocht thar leibhéil Horizon 2020 trí spriocanna agus meadarachtaí oiriúnacha comhpháirte a fhorbairt a bheidh le tabhairt faoi le linn an chláir.

Aithníonn Éire go mbeidh na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht in Horizon Europe fairsing agus áireofar leo:

- Tuilleadh sármhaitheasa sa taighde;
- Comhair fhadtéarmacha idirnáisiúnta a bhunú ar son na sármhaitheasa agus tionchair;
- Tógáil acmhainne in ionsú faisnéise, caipiteal daonna, agus bonneagair thaighde;
- Barainneachtaí scála a bhaint amach chun dul i ngleic le dúshláin choitianta;
- Malartú cultúrtha in T&N lena n-áirítear glacadh atá ag fás le cuir chuige trasdisciplíneacha, nuálaíochta oscailte agus rannpháirtíocha;
- Tuilleadh ceangal idir taighde agus beartas ar son torthaí beartais níos fearr; agus
- Buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta atá níos leithne lena n-áirítear poist nua, cuideachtaí nua agus geilleagar atá ag teorainn na heolaíochta agus teicneolaíochta.

Léireofar cuid mhaith de na hathruithe seo i dteacht chun cinn thionscnaimh Chuspóirí an AE a bhfuil claochlú ag teastáil sa bhealach a n-idirghabhainn eagraíochtaí T&N le heagraíochtaí poiblí réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha chomh maith le daoine. Chun ár n-uaillmhianta a réadú, ach go háirithe nuair a chuimhnítear ar na gnéithe agus béimeanna nua atá ag teacht chun cinn in Horizon Europe, cuirfimid ár rialachas agus ár struchtúir tacaíochta in oiriúint chun tacú le feidhmíocht na hÉireann lena linn.

## 5.4 Deiseanna eile Comhoibrithe Eorpacha agus Dhomhanda

**Leas a bhaint as deiseanna eile an AE d'fhorbairt straitéiseach chóras T&N na hÉireann.**

Glacfaimid páirt i dtionscnaimh chomhlántacha Eorpacha eile, ar nós an ERDF, Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE) agus Tionscadail Thábhachtacha de Chomhleasa Eorpach (IPCEI), chun forbairt ár gcórais náisiúnta T&N a ailíniú le gach deis Eorpach atá ar fáil.

Áirítear leis an ERDF 2021-2027 an chuspóir chun gach réigiún ar fud an AE a dhéanamh níos iomaíche agus níos cliste, trí nuálaíocht agus tacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, chomh maith leis an digitiú agus ceangal digiteach. Ligeann ár mballraíocht ESA do chuideachtaí agus taighdeoirí Éireannacha rochtain a fháil ar eagraíocht feidhmiú taighde €6.5 billiún in aghaidh na bliana. Is éard atá in IPCEIanna ná tionscadail mhórscála ilnáisiúnta le haghaidh nuálaíochta domhanda chun dul i ngleic le teipeanna margaidh nó sistéamacha in earnálacha ar leith. Cuimsítear leo tionscadail atá dírithe ar T&N chomh maith le Chéad Úsáid Tionsclaíochta. Faoi láthair, bíonn Éire páirteach i dtionscnaimh comhordaithe le haghaidh Cadhnraí, Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta, agus Micrileictreonaice. Le linn na straitéise seo, leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár gcuir chuige náisiúnta maidir le rannpháirtíocht sna IPCEIanna, lena n-áirítear cuimhneamh ar réimsí breise atá tábhachtach don earnáil náisiúnta.

Tá obair ar siúl ar *Straitéis Eorpach le haghaidh Ollscoileanna* chun ceangail a dhaingniú trasna misin na n-institiúidí ardoideachais, ag aithint a *ról uathúil ag crosbhóthar an oideachais, taighde, nuálaíochta, ag freastal ar an sochaí agus ar an ngeilleagar*". Tá sé seo ábhartha maidir le bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in Éirinn agus na hiarrachtaí chun córas treasach níos fearr a chomhtháthú. Glacfaimid páirt ghníomhach sa dialóg seo, ag roinnt ár léargas féin go dtí seo agus ag baint leasa as saineolas idirnáisiúnta chun cur lenár gcur chuige náisiúnta.

Léirigh institiúidí ardoideachais in Éirinn rath suntasach cheana i dTionscnamh Ollscoileanna na hEorpa (EUI), le hocht n-institiúid atá ina mbaill de cuibhreannais EUI. Leanfaimid ar aghaidh ag cur rannpháirtíocht na hÉireann chun cinn sna comhaontais seo, ag cuidiú le neartú an diminsin Eorpaigh maidir le hardoideachas, taighde agus gníomhaíocht nuálaíochta anseo.

Déanfaimid ár mballraíocht d'eagraíochtaí idirnáisiúnta T&N a bharrfheabhsú, ag cinntiú go léiríonn ár rannpháirtíocht ár dtosaíochtaí straitéiseacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn.

**Caidrimh straitéiseacha dhomhanda a chruthú atá bunaithe ar thosaíochtaí agus luachanna comhlántacha.**

Baineann Éire leas cheana as caidrimh fhairsinge idirnáisiúnta T&N níos faide ná an Aontas Eorpach, mar shampla, leis na Stáit Aontaithe tríd an gComhpháirtíocht T&N SA-Éire. Ach go háirithe, is comhoibrí neart luachmhar í an Ríocht Aontaithe. Cothóimid ceangail dhomhanda láidir trí thús áite a thabhairt dóibh a bhfuil na spéiseanna comhroinnte is láidre acu. Athbhreithneoimid freisin ar conas is féidir linn ár lorg domhanda T&N, mar shampla, trí úsáid a bhaint as ataiséanna oideachais, taighde agus nuálaíochta. Bunóimid na caidrimh seo i luachanna agus prionsabail chomhroinnte de chuid an AE ar nós saoirse an taighde eolaíochta agus macántacht thaighde. Aimseoimid cothromaíocht idir na treochtaí idirnáisiúnta atá ag fás i dtreo an neamhspleáchais straitéiseach leis na riachtanais agus deiseanna a chuireann ár ngeilleagar beag oscailte i láthair.

## Tionscnaimh Shuaitheanta faoi Cholún a Cúig

27. **Comhair inbhuanaitheacha uile-oileáin T&N a fhorbairt, ag tógáil ar an gClár Taighde Tuaisceart-Deisceart**

28. **Rannpháirtíocht na hÉireann a uasmhéadú sa Limistéar Taighde Eorpach agus ceangail dhomhanda eile a fhorbairt ar mhaithe le comhair idirnáisiúnta a bhaint amach a bhfuil sárthaighde mar bhonn faoi agus a sheachadainn tionchar soiléir.**

29. **Struchtúir agus tacaíochtaí, atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíocht iomlán na hÉireann in Horizon Europe agus chun cuspóir de €1.5 billiún a tharraingt anuas, a chur i ngníomh.**

30. **Lorg domhanda na hÉireann a neartú le seoladh agus cur i ngníomh na straitéise nua idirnáisiúnta maidir le hoideachas, taighde agus nuálaíocht.**

## Aguisín A: Clár Oibre 2022-2024

Is é an Clár Oibre seo an chéad cheann as trí atá pleanáilte le haghaidh *Impact 2030*. Cuirfidh Cláir Oibre ina dhiaidh an dul chun cinn go dtí seo san áireamh, chomh maith le forbairtí, deiseanna agus rioscaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe[1] |
|---|---|---|---|
| **1** | **Tionchar an Taighde agus na Nuálaíochta ar an nGeilleagar, ar an tSochaí agus ar an gComhshaol a Uasmhéadú** | | |
| | ***Bíonn tionchar fíordhearfach ag taighde agus nuálaíocht – ar fud na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil: rud a chuireann feabhas ar an bhfolláine shóisialta, ar ár rathúnas eacnamaíoch, agus ar an inbhuanaitheacht.*** | | |
| **1.1** | **Boinn ár gCórais Phoiblí T&N** | | |
| **1.1.1** | **Struchtúir Ghníomhaireachta Fheabhsaithe** | | |
| | Maoinitheoir náisiúnta T&N nua a chruthú a spreagfaidh taighde idirdhisciplíneach, a bheidh buntacaithe ag sármhaitheas taighde i ngach disciplín, a uasmhéadaíonn a thionchar ar dhúshláin mhóra. | Ullmhú i gcomhar agus dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaireacht nua thaighde atá iomaíoch ó thaobh maoinithe de, ag tógáil feidhmeanna agus gníomhaíochtaí reatha de chuid an CTÉ agus SFI le chéile in aon ghníomhaireacht amháin. | DFHERIS |
| | Bille Taighde nua a achtú. | Bille Taighde a dhréachtú chun reachtú le haghaidh cónasctha d'fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí an CTÉ agus SFI i ngníomhaireacht nua thaighde atá iomaíoch ó thaobh maoinithe de, agus gnéithe níos leithne de bheartas náisiúnta taighde nuair is cuí. | DFHERIS |
| | Misean taighde an Ardoideachais a léiriú go cuí i gcur chuige um maoiniú inbhuanaithe amach anseo. | Cinntiú go léirítear misin thaighde na n-institiúidí ardoideachais chomh maith leis na riachtanais inbhuanaitheachta bainteacha i samhail mhaoinithe inbhuanaithe don ardoideachas sa todhchaí. | DFHERIS |
| | Athrú céime a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí agus cur chuige T&N dúshlánbhunaithe na hÉireann. | Clár Náisiúnta na nDúshlán Mór a rolladh amach. | DFHERIS |
| | | Na rudaí atá foghlamtha ó Chlár Náisiúnta na nDúshlán Mór a úsáid chun eolas a dhéanamh do chuir chuige dúshlán-bhunaithe agus ildisciplíneacha maidir le gníomhaíocht T&N. | DFHERIS, Fóram Comhairleach Beartais T&N |
| **1.1.2** | **Saineolas Taighde Inrochtana** | | |
| | Na naisc idir Ranna Rialtais agus an córas taighde phoiblí a neartú. | Riachtanais thaighde na Ranna Rialtais a aithint, le hanailís phíolótach ar riachtanais thaighde DFHERIS déanta mar thús. | DFHERIS |
| | | Tacú leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i bhforbairt Straitéis Thaighde agus Nuálaíochta. | DECC |

1 An Roinn Rialtais nó na struchtúir Rialacháin Straitéise/Maoirseachta atá i gceannas

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| | T&N a leabú i gcroílár fhorbairt an bheartais phoiblí. | An sreabhadh chomhairle eolaíochta, a thugtar don Rialtas ó thaighde, a fheabhsú trí bhunú struchtúir chomhairle eolaíochta nua. | DFHERIS |
| | | Tionscnaimh agus cláir chun ceangail idir taighdeoirí agus an lucht déanta beartas poiblí a aithint. | DFHERIS, Grúpa Stiúrtha, Fóram Cur i bhFeidhm |
| | Cultúr nuálaíochta a neartú agus a leabú ar fud na seirbhíse poiblí. | Tionscnaimh a spreagadh trasna na seirbhíse poiblí chun chur leis an bhfís maidir leis an Nuálaíocht a réadú, chun cumhacht na nuálaíocht a úsáid chun seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar in Éirinn. | DPER |
| | Úsáid a bhaint as taighde miseandírithe agus soláthar poiblí chun nuálaíocht san earnáil phoiblí a threisiú. | Poitéinseal an tsoláthair phoiblí chun an nuálaíocht a spreagadh agus réitigh a fhorbairt do na saoránaigh a bharrfheabhsú, lena n-áirítear tógáil ar rath an Chláir um Thaighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga. | DPER, DETE |
| | Tuairim an tsaoránaigh sa phróiseas T&F a neartú. | Gnéithe nua foghlamtha a úsáid ó *Creating our Future* chun eolas a dhéanamh don bhealach a mhéadaímid rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas taighde agus chun chur le hinfheictheacht ábharthacht T&N le tacú le tosaíochtaí náisiúnta. | DFHERIS, Fóram Cur i bhFeidhm |
| **1.2** | **Príomhdhúshláin agus Príomhdheiseanna** | | |
| | Déanfaidh córas T&N na hÉireann a thionchar a uasmhéadú ar chláir oibre ríthábhachtacha de chuid Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara go léir an Rialtais. | Ról an T&N a neartú mar chumasóir tábhachtach maidir le dul i ngleic le tosaíochtaí beartais náisiúnta trí thionscnaimh idir-Roinne agus trasghníomhaireachta, comheagar níos fearr agus comhoibriú. | Grúpa Stiúrtha, Fóram Cur i bhFeidhm |
| | | Beartais agus straitéisí T&N sainearnála a fhorbairt agus a chur i ngníomh. | Ranna agus Gníomhairea-chtaí gníomhacha Rialtais T&N |
| **1.2.1** | **Aeráid, Comhshaol agus Inbhuanaitheacht** | | |
| | Taighde agus nuálaíocht a shuíomh mar chumasóirí ríthábhachtacha chun tacú le soláthar ár spriocanna um ghníomhú ar son haeráide agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus inbhuanaitheachta níos leithne. | Ról agus ionchur T&N sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur in iúl go soiléir. | DECC |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| | | Struchtúir chomhoibrithe agus chomheagair T&N maidir leis an aeráid, an comhshaol agus an inbhuanaitheacht a neartú agus a fheabhsú | DECC, D/ Taoiseach |
| | | An t-idirphlé taighde - beartas a neartú chun dul i ngleic le dúshláin chasta aeráide, chomhshaoil agus inbhuanaitheachta trí chur chuige uile-chórais a úsáid. | DECC |
| **1.2.2** | **Bunathrú Digiteach** | | |
| | Ról an T&I i mbunathrú digiteach na hÉireann a uasmhéadú | Obair trasna an Rialtais chun taighde agus nuálaíocht i réimsí tábhachtacha digiteacha mar a leagtar amach in *Harnessing Digital - The Digital Ireland Framework*, a neartú. | Grúpa Stiúrtha |
| | | Cinntiú go bhfuil na scileanna ag lucht oibre na hÉireann chun rannpháirtíocht in earnálacha tábhachtacha teicneolaíochta digití a bharrfheabhsú. | DFHERIS |
| **1.2.3** | **Iomaíochas Eacnamaíoch** | | |
| | Stiúrann taighde, forbairt agus nuálaíocht i réimse na fiontraíochta ár n-iomaíochas náisiúnta agus cuireann siad ar an mbealach is fearr le tosaíochtaí náisiúnta eile. | Gníomhaíochtaí Cholún Straitéise a Trí a sheachadadh chun tacú leis an gcuspóir chun táirgiúlacht dhúchasach a mhéadú 2.5% in aghaidh na bliana. | DETE |
| **1.2.4** | **Sláinte agus Folláine** | | |
| | Ról an T&N a uasmhéadú maidir le sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a chothú agus a bhreisiú. | Cur i ngníomh tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chur ar aghaidh faoi *Health Research – Making an Impact 2021-2025* de chuid an BTS leis an aidhm chun luach a sholáthar don sláinte, don chóras sláinte, don tsochaí agus don gheilleagar. | D/Sláinte |
| | | Tacú le taighde chun eolas a dhéanamh do agus measúnú a dhéanamh ar chur i ngníomh Sláintecare agus beartais a bhaineann leis an tsláinte, a mhéadóidh na naisc le forbairt beartais phoiblí. | D/Sláinte |
| | | An cultúr taighde a neartú sa chóras sláinte agus cur le comhoibriú idir an córas acadúil agus an tseirbhís sláinte. | D/Sláinte |
| | | Tacú le taighde maidir leis an meabhairshláinte agus folláine chun eolas a dhéanamh do dhéanamh cinntí agus do chleachtais. | D/Sláinte |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| **1.2.5** | **Talmhaíocht, Bia agus Muir** | | |
| | Bheith mar earnáil agraibhia agus bhithgheilleagar nuálach, iomaíoch agus dianseasmhach, a bheidh stiúrtha ag córas dinimiciúil um malairt eolais, sonraí, teicneolaíocht agus tallann. | Gur i ngníomh tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chur ar aghaidh faoi *Food Vision 2030*. | DAFM |
| | | Tús áite a thabhairt do thacaíocht do thaighde agus nuálaíocht chun na hearnálacha agraibhia, foraoiseachta agus mara a chur ar a gcumas chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht (chomhshaoil, eacnamaíochta agus shóisialta) níos fearr a sholáthar, chomh maith le forbairt bhithgheilleagair láidir. | DAFM |
| | | Éire a shuí mar cheannasaí maidir le taighde agus teicneolaíocht mhuirí. | DAFM |
| **2** | **Tionchar na Struchtúr T&N ar an tSármhaitheas agus ar Thorthaí** | | |
| | ***Soláthraíonn struchtúr na Straitéise agus an tírdhreach institiúide timpeallacht ina thugtar luach saothair as an tallann agus an bhfeabhas agus ina dhearbhaítear an tionchar.*** | | |
| **2.1** | **Tionchar an Chórais** | | |
| | Feabhas a chur ar an gcaoi a sainítear, a stiúrtar agus a dhéantar maoirseacht ar thionchar T&N. | Tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar thionchar an T&N in Éirinn go dtí seo, ag baint úsáide as na dea-chleachtais idirnáisiúnta is déanaí, agus gnéithe nua foghlamtha a chur i bhfeidhm chun bailiú agus anailísiú sonraí a fheabhsú. | DFHERIS |
| **2.2** | **Rialachas agus Maoirseacht na Straitéise** | | |
| | Fóram Comhairleach T&N a bhunú chun treoir agus comhairle beartais maidir le T&N a thabhairt don Rialtas. | Fóram Comhairleach Beartais T&N a bhunú, aontú ar bhallraíocht, téarmaí tagartha agus clár oibre. | DFHERIS |
| | Struchtúir láidre rialachais agus maoirseachta a bhunú chun fís agus uaillmhian *Impact 2030* a chomhlíonadh. | Grúpa stiúrtha *Impact 2030* a bhunú, comhdhéanta den chuig Roinn príomha caithimh agus Roinn an Taoisigh, aontú ar théarmaí tagartha agus clár oibre. | DFHERIS le DAFM, DECC, DETE, R/ Sláinte, R/ Taoisigh |
| | | Fóram Cur i bhFeidhm Straitéise T&N tras-Roinne Rialtais agus Gníomhaireachta a chruthú, aontú ar bhallraíocht, téarmaí tagartha agus clár oibre. | DFHERIS, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí T&N |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| **2.3** | **Forbairt Thírdhreach an Ardoideachais in Éirinn** | | |
| | Feabhas taighde agus tionchar T&N na n-ollscoileanna seanbhunaithe in Éirinn a threisiú. | Tógáil ar lorg T&N áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta na n-ollscoileanna seanbhunaithe agus comhoibriú leis na OTanna nuabhunaithe a chur chun cinn. | DFHERIS |
| | Tionchar na n-Ollscoileanna Teicneolaíochta nua ar ghníomhaíocht réigiúnach T&N a uasmhéadú. | Acmhainn institiúide T&N a neartú agus monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn na n-OTanna i dtreo méadrachta iar-ainmnithe T&N. | DFHERIS |
| | | Foinsí maoinithe a aithint chun tacú le comhlíonadh gealltanas T&N le haghaidh OTanna. | DFHERIS |
| | | Bealach chun aon mholadh a aithint maidir le struchtúir urchomhaireacha ghairme acadúla agus conarthaí ón athbhreithniú de chuid an OECD dar teideal *'Review of Technological University Academic Contracts, Career Paths and Organisation'.* | DFHERIS |
| **2.4** | **Bonneagar Taighde** | | |
| | Riachtanais agus deiseanna tosaíochta an chórais a chur chun cinn trí chreat um infheistíocht sa bhonneagar taighde amach anseo. | Iniúchadh a dhéanamh ar an mbonneagar ar fad in IAOanna agus Eagraíochtaí a dhéanann Taighde. | DFHERIS, Grúpa Stiúrtha |
| | | Tabhairt faoi mheasúnú aonar ar riachtanais bhonneagair, ag déanamh imscrúdú ar threalamh mionscála, trealamh atá níos mó a chomhroinntear, agus bonneagair atá ar leibhéal náisiúnta. | DFHERIS, Grúpa Stiúrtha |
| | | Creat a fhorbairt le haghaidh infheistíocht chaipitiúil thaighde sa todhchaí do bhonneagar taighde, ach go háirithe chun cinntiú gur féidir aon tearc-chaitheamh a ath-leithdháiltear go maoiniú T&N a tharraingt anuas go héifeachtach éifeachtúil faoi ghearrfhógra de réir sceideal comhaontaithe tosaíochtaí, a fhreastalóidh mar sin de ar riachtanais trasna an chórais. | DFHERIS, Grúpa Stiúrtha |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| **2.5** | **Cultúr Taighde** | | |
| | Dea-chleachtais taighde a chumhdach chun feabhas sa taighde agus torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach. | Trí reachtaíocht nua an ÚAO a úsáid, leanúnachas maidir le cur i ngníomh dea-chleachtais ó IAOanna a chinntiú trí struchtúir mhaoirseachta an ÚAO a neartú. | DFHERIS |
| | | Obair trasna na dtaighdeoirí ar fad a dhéanann taighde poiblí chun cur i ngníomh dea-ghnásanna a chur chun cinn. | Grúpa Stiúrtha, Fóram Cur i bhFeidhm |
| | | Creat nua feidhmíochta córais AO, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht thaighde institiúide i gcoinne cuspóirí comhaontaithe atá ar leibhéal an chórais, a mheas. | DFHERIS |
| | | Tacaíocht le haghaidh cláir bheartais leathan tábhachtacha lena n-áirítear Taighde Oscailte agus Macántacht Taighde. | DFHERIS, Fóram Cur i bhFeidhm |
| **3** | **Nuálaíocht a Spreagann Rath Fiontar** | | |
| | ***Spreagann taighde, forbairt agus nuálaíocht faoi threoir na fionraíochta gnólachtaí nuathionscanta, iomaíochas, táirgiúlacht agus ardfheidhmíocht i ngeilleagar na hÉireann, rud a chuireann ar chumas na hearnála gnó cur le hathléimneacht agus aistriú eacnamaíoch agus sochaíoch na hÉireann.*** | | |
| **3.1** | **Gníomhaíocht T&N a Mhéadú agus a Dhoimhniú** | | |
| | Cumas nuálaíochta na fiontraíochta a leathnú agus a dhoimhniú, laistigh de FBManna dúchasacha ach go háirithe. | Cuir chuige nua a chur i ngníomh maidir le hacmhainn nuálaíochta a leathnú agus a dhaingniú trasna na mbonn dúchasach agus ilnáisiúnta fiontraíochta (lena n-áirítear uirlisí diagnóisice nuálaíochta, scórchártaí, deontais solúbtha, tacaíochtaí digitithe, seirbhísí comhairle ar leith srl.). | DETE |
| | | Cabhrú le 170 tionscadal infheistíochta breise TF&N IDC le linn na tréimhse go 2024. | DETE |
| | | Cabhrú le 300 tionscadal infheistíochta breise TF&N dúchasach de luach > €100,000 le linn na tréimhse go 2024. | DETE |
| | | Líon na bhfiontraithe agus taighdeoirí fiontraíochta baineanna a mhéadú mar chuid de Phlean Gníomhaíochta 2020 le haghaidh Ban sa Ghnó de chuid Fiontraíocht Éireann, lena n-áirítear trí leas a bhaint as iarratais mhaoinithe a dhíríonn ar fhiontraithe mná, agus taighdeoirí mná ó institiúidí tríú leibhéal. | DETE |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| | Tús áite a thabhairt do réimsí nua deiseanna don fhiontraíocht. | Faisnéis den chéad scoth a chur ar fáil maidir le treochtaí domhanda sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht trí chur chuige comhleanúnach a úsáid maidir le scanachán léaslíne. | Grúpa Stiúrtha, Fóram Cur i bhFeidhm, Fóram Comhairleach Beartais |
| | Tionscnaimh bhraislithe a úsáid chun nuálaíocht chomh maith le buntáiste iomaíoch fiontraíochta a stiúradh. | Glacadh le beartas agus creat náisiúnta braislithe chun neart a chur leis na deiseanna le haghaidh ceangal idir gnólachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha, eagraíochtaí a dhéanann taighde agus comhlachtaí eile, maidir le réimsí tábhachtacha teicneolaíochta agus nuálaíochta. | DETE |
| **3.2** | **Comhar tionscail-acadúil agus Tráchtálú Taighde** | | |
| | Leithne agus doimhne an chomhair idir an fhiontraíocht agus an córas taighde phoiblí a mhéadú. | Leanúint ar aghaidh le tógáil acmhainn T&N na hÉireann maidir le nuálaíocht éifeachtach a sholáthair trasna earnálacha náisiúnta tábhachtacha trí leas a bhaint as iarratais iomaíocha DTIF agus uirlisí maoinithe nua. | DETE |
| | | Tuilleadh neartaithe, scálaithe agus comhordaithe a dhéanamh dár n-eagraíochtaí a dhéanann taighde agus atá dírithe ar an bhfiontraíocht chun réitigh níos cuimsithí T&N a sholáthar agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí suntasacha i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, lena n-áirítear forbairt an Ionaid Teicneolaíochta Tógála nua. | DETE, DFHERIS |
| | Tráchtálú an taighde a bhrostú agus aird faoi leith tugtha ar Ghnóthais Nua Ardacmhainne ón taighde. | Cur le cabhair dhíreach chomhairleach agus airgeadais le haghaidh comhair tionscail-acadúil agus tráchtálú taighde; lena n-áirítear cur i ngníomh clár nua de chuid Knowledge Transfer Ireland chun ceadúnú agus leathadh faisnéise a stiúradh ónár n-ollscoileanna agus ár n-ollscoileanna teicneolaíochta nua. | DETE |
| | | Líon na ngnólachtaí nuathionscanta agus tosuithe ardacmhainne a mhéadú 25% ó thráchtálú taighde atá maoinithe go poiblí, trí thacaíochtaí dírithe deontais agus cláir feabhsaithe forbartha d'fhiontraithe agus líon na mbunaitheoirí baineanna ón taighde a ardú, ag baint leasa as Ciste Tráchtálú EI. | DETE, DFHERIS |
| | Rannpháirtíocht fhiontraíoch agus fiontraíocht na dtaighdeoirí a chothú. | Stiúrfaidh gníomhaireachtaí atá gníomhaíoch in T&N, ach go háirithe an ghníomhaireacht nua T&N faoi DFHERIS agus na gníomhaireachtaí fiontraíochta, rannpháirtíocht an chóras poiblí taighde leis an bhfiontraíocht chun cinntiú go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta maidir le dul chun cinn na teicneolaíochta. | Grúpa Stiúrtha, Fóram Cur i bhFeidhm |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| **3.3** | **Digitiú na Fiontraíochta a Stiúradh** | | |
| | Méadú mór a stiúradh ar úsáid agus ar bhunathrú digiteach ag fiontair atá bunaithe in Éirinn. | An Ciste um Aistriú Digiteach a sheoladh chun glacadh agus claochlú na bhfiontar lonnaithe in Éirinn maidir leis an domhan digiteach a mhéadú go mór, rud a chabhróidh le neartú an iomaíochais agus táirgiúlachta. | DETE |
| | | Líonra náisiúnta de Mhoil Eorpacha Nuálaíochta Digití (EDIHanna) a bhunú chun claochlú digiteach SMEanna agus na hearnála poiblí a stiúradh. | DETE |
| | | *'AI – Here for Good'* a chur i ngníomh lena n-áirítear:<br><br>- Féinmheasúnú á dhéanamh ag gnóthais ar iontaofacht a gcórais IS, lena n-áirítear trí chásanna staidéir agus foireann uirlisí a fhorbairt le haghaidh SMEanna;<br><br>- Mol a bhunú a speisialaíonn san IS mar chuid de Mhoil Eorpacha Nuálaíochta Digití de chuid na hÉireann, ag soláthar saineolais agus treorach le fiontair ar a n-aistear glacadh leis an IS; agus<br><br>- Cabhrú le fostaithe chun uasoiliúint agus athsciliú IS atá dírithe ar an ionad oibre a fhás trí phrintíseachtaí, SOLAS, Skillnet agus comhpháirtíochtaí fiontraíochta. | DETE |
| **3.4** | **Nuálaíocht Fiontraíochta chun Spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chomhlíonadh** | | |
| | Réitigh nuálaíochta a fhorbairt chun cur ar chumas gach earnála, lena n-áirítear ár n-earnálacha talmhaíochta, foirgníochta, iompair agus fuinnimh, fáilte a chur roimh dhúshlán an athrú aeráide agus aghaidh a thabhairt air. | Cabhrú leis an bhfás agus scálú leanúnach d'éiceachóras RPO na hÉireann chun freastal níos fearr ar riachtanais na fiontraíochta don chlaochlú ar son na haeráide. | DETE, Grúpa Stiúrtha, Fóram Cur i bhFeidhm |
| | | Cláir nua TF&N a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochta ar son na haeráide mar chuid de Chiste Aeráide NRRP an Rialtais den luach 55 milliún. | DETE |
| **3.5** | **Speisialtóireacht Chliste ar aon dul le tosaíochtaí náisiúnta T&N** | | |
| | Feidhmíocht nuálaíochta san fhiontraíocht a mhéadú trasna ár réigiún agus deiseanna um leathadh nuálaíochta a uasmhéadú trí Speisialtóireacht Chliste. | Seoladh agus cur i ngníomh leanúnach straitéise náisiúnta de chuid na hÉireann atá romhainn, an Straitéis Speisialtóireachta Cliste 2022-2027. | DETE |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| | | Seoladh agus cur i ngníomh leanúnach na gcláir atá ag teacht go luath de chuid na hÉireann maidir le Ciste um Fhorbairt Réigiúnach Eorpach, ailínithe le Speisialtóireacht Chliste. | DETE agus DFHERIS |
| **3.6** | **An Timpeallacht Ghnó i gCoitinne** | | |
| | Éiceachóras iomaíoch gnó níos leithne maidir le caighdeáin, maoin intleachtúil, airgeadas, agus bearta cáin a sholáthar. | Cinntiú go bhfanann ár dtairiscint cánach mar thairiscint atá iomaíoch agus níos inrochtana le SMEanna. | R/Airgeadais agus DETE |
| | | Rannpháirtíocht fiontar maidir le forbairt chaighdeáin agus úsáid le haghaidh nuálaíochta a fheabhsú agus líon na ngnólachtaí a bhfuil deimhniú Bainistíocht Nuálaíochta acu a fhás. | DETE |
| | | Cineálacha nua tionscnamh iasachta, caipitil agus deontais a mheas chun taighde fiontraíochta agus gníomhaireacht nuálaíochta a uasmhéadú. | DETE |
| | | SMEanna a chur ar an eolas maidir leis na buntáistí a bhaineann le clárú paitinní, trádmharcanna agus dearaí nuálacha chomh maith le leas a bhaint as sócmhainní doláimhsithe. | DETE |
| **4** | **Tallann ag Croílár an Chóras Taighde agus Nuálaíochta** | | |
| | ***Beimid inár gceannródaí i gcothú, tarraingt agus coinneáil daoine cumasacha chun taighde agus nuálaíocht a spreagadh inár gcóras ardoideachais agus taighde, inár bhfiontair, inár bpobail agus inár seirbhísí poiblí.*** | | |
| **4.1** | **Mic léinn** | | |
| | An ceangal idir T&N agus an clár forbartha do scileanna níos leithne in Éirinn a neartú. | Obair le geallsealbhóirí trasna an chórais threasaigh chun cinntiú go bhfreastalaíonn tairiscintí an chúrsa ar riachtanais T&N agus go bhfuil institiúidí ullmhaithe chun tacú lena mic léinn. | DFHERIS |
| | | Úsáid a bhaint as tionscnaimh rathúla ar nós an Regional Skills Fora agus Skillnet dóibh siúd atá ag iarraidh uasoiliúint a dhéanamh agus iad fostaithe. | DFHERIS |
| | Caighdeán leanúnach d'eispéiris thaighde do mhic léinn a chothú. | Clár oibre chun caighdeán leanúnach a chinntiú, a gcuireann Creat Náisiúnta na hÉireann don Oideachas Dochtúireachta taca faoi, a mheas. | DFHERIS |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| | Na daoine cumasacha is fearr a mhealladh chun na hÉireann. | Na mic léinn is fearr ó fud an domhain a mhealladh chun páirt a ghlacadh san eispéireas Éireannach, ag foghlaim ó na saineolaithe agus ag fáil sárthaithí trí chláir atá ann cheana agus trí fhorbairt thionscnamh nua, mar shampla, trí chomhpháirtíocht idir earnáil na tionsclaíochta agus an Rialtas. | DFHERIS |
| **4.2** | **Cuimsiú** | | |
| | Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a neartú i measc ár bpobal taighde. | Tuarascáil a choimisiúnú ar chuimsiú agus éagsúlacht sa chóras taighde in Éirinn chun fadhbanna CÉC a aithint ar cheart d'institiúidí óstacha dul i ngleic leo. | DFHERIS |
| | | Leanúint ar aghaidh le leabú na Cairte Athena Swan trasna institiúidí ardoideachais. | DFHERIS |
| | | Moltaí atá ag teacht ón gcéad Athbhreithniú eile de chuid an ÚAO ar Chomhionannas Inscne in IAOanna a mheas. | DFHERIS |
| | | Líon na mac léinn taighde ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht a mhéadú tríd an gclár PATH a leathnú. | DFHERIS |
| **4.3** | **Tallann agus Sármhaitheas** | | |
| | Infheistiú i dtaighdeoirí cumasacha trasna tréimhse iomlán ghairme taighde mar bhunús do shochaí nuálach. | Tríd an ngníomhaireacht nua T&N, infheistiú i dtallann trí chobhsaíocht agus leanúnachas a chur ar fáil trasna cláir mhaoinithe. | DFHERIS |
| | Cinntiú go bhfuil na deiseanna, scileanna agus spreagthaí gairme cearta ag taighdeoirí in Éirinn chun a dtionchar a uasmhéadú agus chun barr a gcumais a bhaint amach. | Tionscnaimh chun dul i ngleic le comhairle gairme, deiseanna agus forbairt tras-scileanna trasna IAOanna agus maoinitheoirí, a mheas. | DFHERIS |
| | Cinntiú go n-uasmhéadaíonn measúnú taighdeoirí a dtionchar ar chuspóirí níos leithne. | Dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn go hidirnáisiúnta a leabú agus roghanna a phlé chun tionchar leathan a n-oibre a léiriú mar chuid de mheasúnú ar ghairm taighdeora. | DFHERIS |
| | | Cuimsiú cuspóirí a mheas maidir le páirt a thabhairt don phobal i dtaighde mar chuid den diminsean taighde sa *Chreat Feidhmíochta do Chóras an Ardoideachais.* | DFHERIS |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| **4.4** | **Éagsúlacht na nDeiseanna Gairme** | | |
| | Soghluaisteacht an taighdeora a chur chun cinn. | An bonn fianaise a chuireann taca faoin éileamh ar thaighdeoirí cumasacha, scileanna agus soghluaisteacht idirearnálach a mhéadú chun forbairt chóras rianú gairme do chéimithe taighde a chuimsiú. | DFHERIS |
| | | Tacú le cláir atá ann cheana do shoghluaisteacht taighdeora agus iad a neartú chomh maith le tionscnaimh nua a mheas, ach go háirithe tríd an ngníomhaireacht nua T&N agus an ÚAO. | DFHERIS |
| | | Tacú leis an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta le cabhair ó thacaíochtaí maoinithe ar nós Marie Skłowdowska-Curie Actions de chuid Horizon Europe agus ár n-oifig EURAXESS. | DFHERIS |
| **5** | **Nascadh Uile-Oileáin, AE agus Domhanda** | | |
| | ***Cuidíonn taighde agus nuálaíocht le hoileán comhroinnte agus le hEoraip nuálach trí chomhoibriú láidir T&N uile-oileáin, Eorpach agus domhanda.*** | | |
| **5.1** | **Comhoibriú Uile-Oileáin** | | |
| | Naisc T&N a láidriú agus a leathnú ar fud oileán na hÉireann. | Comhair uile-oileáin a neartú trí leas a bhaint as chomhoibriú idir maoinitheoirí taighde agus an Tionscnamh Maidir le hOileán Comhroinnte de chuid an Rialtais. | DFHERIS, Grúpa Stiúrtha |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCéad Iarratas faoi Chlár Taighde Tuaisceart Deisceart an ÚAO agus an Dara Iarratas a rolladh amach. | DFHERIS |
| **5.2** | **Limistéar Taighde Eorpach** | | |
| | Páirt a ghlacadh sa Limistéar Taighde Eorpach athbheoite, bunaithe ar thosaíochtaí T&N na hÉireann agus cuspóirí comhroinnte de chuid an AE. | Páirt a ghlacadh i gcur i ngníomh an Chomhaontais Eorpaigh deich mbliana le haghaidh T&N agus Clár Beartais an ERA. | DFHERIS |
| | | Tosaíochtaí taighde an ERA d'Éirinn a aithint agus cur leis an gcur i ngníomh ar leibhéal náisiúnta. | DFHERIS |
| **5.3** | **Horizon Europe** | | |
| | Rannpháirtíocht na hÉireann a uasmhéadú in Horizon Europe, an Clár Chreata do T&N de chuid an AE. | Rialachas agus struchtúir tacaíochta náisiúnta a neartú chun rannpháirtíocht agus comhoibriú na hÉireann in Horizon Europe a fheabhsú agus a bharrfheabhsú. | DFHERIS |

| Colún | Cuspóir Straitéiseach | Gníomhartha le haghaidh an Clár Oibre 2022-2024 | Ceannasaí/ Ceannasaithe |
|---|---|---|---|
| **5.4** | **Deiseanna eile Comhoibrithe Eorpacha agus Dhomhanda** | | |
| | Leas a bhaint as deiseanna eile an AE agus idirnáisiúnta d'fhorbairt straitéiseach chóras T&N na hÉireann. | Deiseanna Eorpacha a aithint agus páirt a ghlacadh iontu, lena n-áirítear Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha agus an dialóg ar Straitéis Eorpach d'Ollscoileanna | DFHERIS |
| | | Ár mballraíocht d'eagraíochtaí idirnáisiúnta taighde a bharrfheabhsú, ag cinntiú go léiríonn ár rannpháirtíocht ár dtosaíochtaí straitéiseacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn. Athbhreithniú a dhéanamh ar bhallraíocht na hÉireann d'eagraíochtaí idirnáisiúnta taighde. | DFHERIS |
| | Caidrimh straitéiseacha dhomhanda a chruthú atá bunaithe ar thosaíochtaí agus luachanna comhlántacha. | Caidrimh dhéthaobhacha a chur chun cinn idir Éirinn agus tíortha eile atá suntasach ó thaobh straitéis de agus a bhfuil spéiseanna agus luachanna comhroinnte acu. | DFHERIS |
| | | An tslí cheart a aithint maidir le lorg domhanda T&N na hÉireann a neartú, trí leas a bhaint as straitéis nua idirnáisiúnta maidir le hoideachas, taighde agus nuálaíocht. | DFHERIS |

## Aguisín B: Meadarachtaí

Forbraíodh meadarachtaí tábhachtacha a dhéanfaidh eolas do mhonatóireacht chur i ngníomh rathúil na Straitéise:

| Méadrach | Bonnlíne | Sprioc 2030 | Foinse |
|---|---|---|---|
| Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa: feidhmíocht i gcomparáid le meán an AE. | Nuálaí Láidir11ú áit (2021)(108% de Mheán an AE) | Ceannasaí Nuálaíochta (125% de Mheán an AE) | An Coimisiún Eorpach Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa |
| Ollchaiteachas (poiblí agus príobháideach) ar T&N mar % den OIN* | 2.21% (2020) | 2.5% | DFHERIS Suirbhé Buiséad T&N |
| Caiteachas Gnó ar T&F (BERD) | €3.4 billiún (2020) | Méadú 25% faoi 2024 (go €4.2 billiún)<br><br>BERD Dúbailte faoi 2030 | POS Suirbhé BERD |
| Maoiniú príobháideach T&F a dhéantar san earnáil ardoideachais a mhéadú | €48 milliún (2018) | €100 milliún | DFHERIS Suirbhé HERD |
| Taighdeoirí (Macasamhail Lánaimseartha) in aghaidh an 1,000 sa Lucht Oibre | 9.52 (2019) | 15.00 | DFHERIS Buiséad T&F Taighdeoirí FTE / POS Suirbhé ar an Lucht Oibre |
| Táirgiúlacht dhúchasach fhiontraíochta a mhéadú (an luach a chuirtear leis in aghaidh an duine atá fostaithe) | Meánmhéadú bliantúil de 1.95% (2018-2020) | Meánmhéadú bliantúil de 2.5% faoi 2024 | Suirbhé Bliantúil Gnó an DETE ar Thionchar Eacnamaíoch |
| Líon na ngnólachtaí nuathionscanta ardfheidhmíochta ón gcóras taighde poiblí a ardú. | 15 (2021) | 30 | Fiontraíocht Éireann |
| Tionchar agus rannpháirtíocht in Horizon Europe a spreagadh | €1.2 billiún faoi Horizon 2020 | €1.5 billiún faoi Horizon Europe | An Coimisiún Eorpach / Fiontraíocht Éireann |
| Cé chomh feasach agus a bhraitheann an pobal maidir le T&N in ETIM | 65% (2021) | 80% | Baraiméadar Eolaíochta in Éirinn de chuid SFI |

## Aguisín C: Gluais

| | |
|---|---|
| DETE | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| DTIF | An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha |
| CÉC | Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| EI | Fiontraíocht Éireann |
| ERA | Limistéar Taighde Eorpach |
| ERDF | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa |
| IDC | Infheistíocht Dhíreach Choigríche |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre |
| OIN* | Ollioncam Náisiúnta Mionathraithe |
| OTN | Olltáirge Náisiúnta |
| ÚAO | An tÚdarás Ardoideachais |
| HPSUanna | Gnólachtaí Nuathionscanta le hArdacmhainneacht |
| IP | Maoin Intleachtúil |
| CTÉ | An Chomhairle um Thaighde in Éirinn |
| KTI | Knowledge Transfer Ireland |
| PFN | An Plean Forbartha Náisiúnta |
| T&N | Taighde agus Nuálaíocht |
| SFI | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| SMEanna | Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide |
| OT | Ollscoil Teicneolaíochta |

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science